



Tuarascáil na Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais 2023

Clár Ábhar

| | |
|---|-----|
| Stiúrthóirí agus faisnéis eile | 02 |
| Tuarascáil na stiúrthóirí | 03 |
| Ráitis airgeadais | 50 |
| Tuarascáil an iniúcháora neamhspleách | 51 |
| Ráiteas ioncaim an ghrúpa | 62 |
| Ráiteas an ghrúpa maidir le hioncam cuimsitheach eile | 63 |
| Clár comhardaithe an ghrúpa | 64 |
| Ráiteas an ghrúpa ar athruithe ar an gcothromas | 65 |
| Ráiteas an ghrúpa faoi shreafaí airgid | 66 |
| Nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais an ghrúpa | 67 |
| Clár comhardaithe na cuideachta | 122 |
| Ráiteas na cuideachta ar athruithe ar an gcothromas | 123 |
| Ráiteas na cuideachta ar shreafaí airgid | 124 |
| Nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais na cuideachta | 125 |

Stiúrthóirí agus faisnéis eile

| | |
|--------------------|---|
| Stiúrthóirí | Kevin Toland (Cathaoirleach) <i>(ceapadh é ar an 19 Aibreán 2023)</i> Fiona Egan <i>(ceapadh í ar an 19 Aibreán 2023)</i> Saoirse Fahey <i>(ceapadh í ar an 19 Aibreán 2023)</i> Geraldine Kelly <i>(ceapadh í ar an 19 Aibreán 2023)</i> Keith Harris <i>(ceapadh é ar an 19 Aibreán 2023)</i> Sean Hogan <i>(ceapadh é ar an 19 Aibreán 2023)</i> Keara Robins <i>(ceapadh í ar an 19 Aibreán 2023)</i> Joe O' Flynn <i>(ceapadh é ar an 19 Aibreán 2023)</i> Cathal Marley Ronan Galwey <i>(a d'éirigh as an 19 Aibreán 2023)</i> Claire Madden <i>(a d'éirigh as an 19 Aibreán 2023)</i> Edwina Nyhan <i>(a d'éirigh as an 16 Eanáir 2023)</i> Denis O'Sullivan <i>(a d'éirigh as an 11 Aibreán 2023)</i> |
|--------------------|---|

| | |
|-----------------|----------------|
| An Rúnaí | Liam O'Riordan |
|-----------------|----------------|

| | |
|-------------------------|---|
| Oifig chláraithe | Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, Éire |
|-------------------------|---|

| | |
|------------------|---|
| Dlíodóirí | McCann Fitzgerald Riverside One Cé Sir John Rogerson Baile Átha Cliath 2 |
|------------------|---|

| | |
|------------------|--|
| Iniúcháir | Deloitte Ireland LLP Cuntasóirí Cairte & Comhlacht Iniúcháireachta Reachtúla 6 Cé an Lapaigh Corcaigh |
|------------------|--|

| | |
|------------------|--|
| Baincéirí | AIB Bosca Poist 71 An Meal Theas Corcaigh |
|------------------|--|

| | |
|-----------------------------|--------|
| Uimhir na cuideachta | 555744 |
|-----------------------------|--------|

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann (“na Stiúrthóirí”) a dTuarascáil Stiúrthóirí agus ráitis airgeadais an Ghrúpa i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.

Príomhghníomhaíochtaí, forléargas ar an gcuideachta agus samhail ghnó

Corpraíodh Líonraí Gáis Éireann (“an Chuideachta”) ar an 13 Eanáir 2015 mar fhochuideachta de chuid Ervia faoi úinéireacht 100% agus thosaigh an chuideachta ag trádáil ar an 1 Lúnasa 2015. Fochuideachtaí de chuid na Cuideachta is iad GNI (UK) Limited, Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC agus Aistriú Sheirbhísí Líonra DAC agus tá siad ina gcuid de Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann (“an Grúpa”) agus is é Ervia mháthairchuideachta dheiridh an Ghrúpa.

Sa bhliain 2018, d'fhógair an Rialtas go ndéanfaí dhá fhóntas tráchtála rialáilte ar leith faoi úinéireacht phoiblí de Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann sa bhliain 2023. Bunaíodh Uisce Éireann mar fhóntas rialáilte neamhspleách faoi úinéireacht phoiblí ar an 1 Eanáir 2023 agus d'fhan Líonraí Gáis Éireann mar an t-aon fochuideachta dhíreach de chuid Ervia. Leanadh le hobair in 2023 chun comhtháthú Ervia i Líonraí Gáis Éireann a chur chun cinn. Táthar ag súil le go dtabharfar comhtháthú Ervia chun críche in 2024, de bhun an Bhille Gáis (Leasú) 2024, nuair a achtófar é.

Fóntas líonra rialáilte atá sa Chuideachta, agus í á rialáil ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (“CRU”) in Éirinn. Rialaíonn an Rialálaí Fóntas píblínite GNI (UK) Limited i gcóras tarchurtha Thuaisceart Éireann.

Is é is príomhchuspóir don Chuideachta feidhmiú, cothabháil, forbairt agus dícharbónú an líonra gáis in Éirinn ar bhonn sábháilte, iontaofa agus éifeachtúil. Is leis an gCuideachta an líonra gáis nádúrtha in Éirinn agus déanann sí é a oibriú agus a chothabháil. Tá ár líonra gáis ar cheann de na líonraí is nua-aimseartha agus is sábháilte ar domhan agus cuimsítear ann 14,725 km de píblínite gáis lena n-áirítear dhá idirnascaire fomhuirí agus píblínite fomhuirí in Albain, i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann. Gníomhaíonn Aurora Telecom, gnó de chuid na Cuideachta, mar sholáthraí seirbhíse mórdhíola, rochtana oscailte d'oibreoirí teileachumarsáide agus do chustaiméirí gnó, agus é ag soláthar seirbhísí snáithín dhorcha agus bandaleithid bainistithe.

Tá an chuideachta go hiomlán tiomanta do bheith ag obair i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntas leis an leas is mó is féidir a bhaint as an líonra gáis agus lena chinntiú go mbíonn slándáil soláthair ann san aistriú i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin.

Tá iompar sábháilte, iontaofa gáis nádúrtha agus soláthar seirbhíse comhsheasmhach cost-éifeachtúil den scoth agus a théann chun tairbhe dár gcustaiméirí go léir i gcoilár gach rud a dhéanaimid. I láthair na huaire, baineann breis agus 713,000 teach agus gnó leas as soláthar gáis nádúrtha atá sábháilte, éifeachtach agus glan gach lá. Mar fhoinsé fuinnimh, tá tábhacht straitéiseach ag baint le gás nádúrtha d'Éirinn agus éascaítear leis cruthú post agus fás eacnamaíoch. Is sócmhainn náisiúnta ríthábhachtach é an líonra gáis agus tá ról ríthábhachtach aige i ngeilleagar na hÉireann, agus 31% de phríomhriachtanais fuinnimh na tíre á sholáthar aige. Táirgtear 47% ar an meán de leictreachas bliantúil na hÉireann trí úsáid a bhaint as gás nádúrtha.

Oireann an gás nádúrtha go maith don fhuinneamh in-athnuaite freisin amhail an ghaoth agus an ghrianchumhacht. Cionn is go bhfuil acmhainn mhór stórála fuinnimh agus solúbthacht ag baint leis an líonra, fágtar gur féidir cur leis an líonra chun freastal ar an éileamh ard ar theas le linn tréimhsí atá thar a bheith fuar, nó féadfaidh sé breosla breise a sholáthar chun cumhacht a ghiniúint nuair nach séideann an ghaoth. Gné atá ag éirí níos tábhachtaí don eangach leictreachais is ea cumas an líonra gáis freagairt do phróifíilí atá ag athrú agus giniúint eatramhach leictreachais in-athnuaite ag dul i méid i gcónaí.

Lean Líonraí Gáis Éireann le líonra gáis atá sábháilte, éifeachtach agus iontaofa a sholáthar trí dhíriú ar shlándáil an tsoláthair agus oibríochtaí sábháilte agus deiseanna á lorg acu chun an líonra a bharrfheabhsú mar chuid d'aistriú na hÉireann chuig geilleagar carbóin ghlan-nialasaigh.

Is í ár bhfís go mbeimid i gcoilár thodhchaí fuinnimh na hÉireann. Cuirfimid gáis in-athnuaite amhail bithmheatán atá neodrach ó thaobh carbóin de a dhéantar as dramhaíl talmhaíochta agus bia agus hidrigin ghlas saor ó charbón in ionad an gháis nádúrtha ar ár líonra. Ach an líonra gáis a dhícharbónú, cuirfear le forbairt leictreachais in-athnuaite, tiocfaidh laghdú ar astaíochtaí i ngach earnáil den gheilleagar lena n-áirítear na hearnálacha sin ar deacair iad a dhícharbónú go traidisiúnta amhail an tionsclaíocht, an talmhaíocht agus iompar trom, agus cuirfear tuilleadh feabhais ar shlándáil agus ar éagsúlacht sholáthar fuinnimh na hÉireann.

Cruthaíonn Líonraí Gáis Éireann luach i roinnt réimsí tábhachtacha. Leanaimid le huailmhian dícharbónaithe an Rialtais a sheachadadh agus leanaimid ag tacú léi, agus oibrímid go gníomhach chun laghdú 50% a bhaint amach ar astaíochtaí carbóin in Éirinn faoi 2030.

Príomhghníomhaíochtaí, forléargas ar an gcuideachta agus samhail ghnó (ar lean)

Tacaímid le Plean Geilleagrach Náisiúnta na hÉireann trí fhuinneamh inacmhainne glan a sholáthar agus trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar chun tacú leis an bhfás eacnamaíoch náisiúnta. Ar son ár gcustaiméirí, déanaimid ár ndícheall eispéireas custaiméirí a sheachadadh chun freastal ar a riachtanais ach feabhas leanúnach a spreagadh i rith an ama chun an iarracht a laghdú ar fud rannpháirtíocht an chustaiméara agus oibríochtaí custaiméara atá éifeachtúil ó thaobh costas de a sheachadadh. Feidhmímid gnólacht inbhuanaithe, déanaimid ár n-astaíochtaí agus dramhaíl a íoslaghdú, déanaimid an bhithéagsúlacht a bharrfheabhsú agus tacaímid lenár muintir agus lenár bpobail. I ngeall ar inathraitheacht cineálacha breosla sa mheascán giniúna leictreachais, go háirithe an ghaoth agus an ghrianchumhacht, bhain giniúint leictreachais gáis an leibhéal ab airde amach ag 89% ó thaobh éilimh de le linn na bliana 2023, rud a athdhearbhaíonn an tábhacht a bhaineann le soláthar gáis solúbtha agus iontaofa.

Tá béim curtha ag an ngéarchéim fuinnimh reatha ar an tábhacht a bhaineann le slándáil an tsoláthair. Leanfaimid de shlándáil an tsoláthair a áirithiú trí pháirt ghníomhach a ghlacadh san Athbhreithniú ar Shlándáil an tSoláthair agus ár dtogra maidir le stóráil straitéiseach a chur chun cinn.

Tá an tsábháilteacht agus béim láidir ar chustaiméirí ag croílár an bhealaigh a oibríonn an gnó, chomh maith le héiteas gnó, rud a léiríonn ár bhfreagracht as mórbhonneagar gáis a chuireann le dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann agus lena spriocanna comhshaoil.

Is é straitéis na Cuideachta bonneagar agus seirbhísí gáis bunriachtanacha a sholáthar go héifeachtúil agus go sábháilte. Tá ról lárnach ag an gCuideachta chun feabhas a chur ar an gcomhshaoil, agus chun ceannaireacht a léiriú san aistriú i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin. Tá achoimre anseo thíos ar chuspóirí straitéiseacha na Cuideachta:

| | |
|---------------------------------|--|
| Líonra fuinnimh athléimneach | Fuinneamh a iompar go sábháilte agus go slán inniu agus an t-aistriú chuig todhchaí dhícharbónaithe a éascú. |
| Seirbhísí fuinnimh inbhuanaithe | Réitigh fuinnimh iontaofa agus inacmhainne a sholáthar dár gcustaiméirí, agus muid ag aistriú le chéile chun gáis in-athnuaite líonraithe a iompar ar scála. |
| Córas fuinnimh comhtháite | Comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara le haghaidh todhchaí ina n-éascófar córas comhtháite fuinnimh le gás líonraithe. |
| Barr feabhas sna hoibríochtaí | Oibriú ar bhealach nuálach, éifeachtach agus inbhuanaithe. |
| Cláir chomhardaithe láidre | Neart airgeadais a choinneáil chun forbairtí amach anseo ar líonra athléimneach agus inbhuanaithe a éascú. |
| Daoine fuinnimhithe | Leas a bhaint as ár dtaithe ón am atá thart agus ár ndaoine a fhuinnmhiú chun todhchaí ár líonra a sholáthar. |

Forbairtí beartais fuinnimh

Ag tógáil ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP '23), a foilsíodh i mí na Nollag 2022, agus inar leagadh béim ar ról na ngás in-athnuaite agus na giniúna leictreachais gásadhainte, inar neartaíodh na ról sin agus inar athdhearbhaíodh spriocanna an Rialtais maidir le suas le 5.7 TWh de bhithmheatán agus 2GW de ghaoth thiomnaithe amach ón gcósta a sholáthar chun hidrigin ghlas a tháirgeadh, rinneadh roinnt forbairtí suntasacha ó thaobh beartais fuinnimh de in 2023 a bhain le gás ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon.

I mí Iúil 2023, d'fhoilsigh an Rialtas a Straitéis Náisiúnta Hidrigine inar sainithníodh an gá fadtéarmach le líonra náisiúnta hidrigine agus an fhéidearthacht go bhféadfaí athúsáid a bhaint as an líonra gáis atá ann cheana. Cuimsítear roinnt gníomhaíochtaí sa Straitéis freisin a bhfuiltear ag súil le go mbeidh príomhról ag GNI iontu. I mí na Samhna 2023, d'fhoilsigh an Rialtas a bPacáiste um Shlándáil Fuinnimh in Éirinn go dtí 2030, inar cuimsíodh an tuarascáil 'Slándáil Soláthair na hÉireann a Áirithiú'. Áirítear sa tuarascáil sin roinnt gníomhaíochtaí a bhaineann le gás, idir idirthréimhseach agus leanúnach, a mbeidh Líonraí Gáis Éireann i gceannas orthu agus a thabharfaidh tacaíocht dóibh, lena n-áirítear stóráil straitéiseach gáis, táirgeadh méadaithe gáis in-athnuaite agus an t-aistriú chuig Eangach Gáis atá oiriúnach don fheidhm. Ar an leibhéal Eorpach, comhaontaíodh foclaíocht deiridh an Phacáiste maidir le Dícharbónú na Margáí Hidrigine agus Gáis (GHP) i mí na Nollag 2023, agus tá an Rialachán agus an Treoir le teacht i bhfeidhm i lár 2024.

Forbairtí beartas fuinnimh (ar lean)

Tá sé mar aidhm ag an GHP dícharbónú an ídithe gáis nádúrtha a éascú, creat rialála a chruthú le haghaidh bonneagar agus margatí tiomnaithe hidrigine agus neartaítear leis freisin rialacha maidir le slándáil an tsoláthair. Beidh tionchar suntasach ag trasuí agus ag cur chun feidhme an GHP ar ghníomhaíochtaí Líonraí Gáis Éireann sna blianta atá amach romhainn.

Chomh maith leis na forbairtí beartais náisiúnta agus Eorpacha sin, tá Straitéis Náisiúnta um Éileamh Fuinnimh á forbairt ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais agus tá athbhreithniú á dhéanamh acu ar a mbeartas um cheangail le hÚsáideoirí Móra Fuinnimh, athbhreithniú a bhfuil GNI ag obair air agus a leanfaidh siad i mbun oibre air. D'fhoilsigh an Rialtas a ndrúacht-Straitéis Náisiúnta Bithmheatáin i mí Eanáir 2024 le haghaidh comhairliúcháin, ina bhféachfar ar an ról a bheidh ag bithmheatán sa mheascán fuinnimh amach anseo.

Tá agus beidh Líonraí Gáis Éireann ag obair go dlúth leis an CRF, le ranna Rialtais agus le grúpaí eile lena chinntiú go mbeidh ról lárnach ag líonra gáis na hÉireann i gcónaí maidir le spriocanna fuinnimh agus aeráide na hÉireann a bhaint amach agus maidir le tacú le córas fuinnimh a bheidh dícharbónaithe agus slán amach anseo.

Taifid chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil siad tar éis ceanglais Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, maidir leis an oibleagáid atá orthu leabhair chuntais leordhóthanacha a choinneáil, a chomhlíonadh, óir fostaítear foireann chuntasaíochta a bhfuil saineolas cuí acu agus cuirtear leoracmhainní ar fáil don fheidhm airgeadais. Coimeádtar taifid chuntasaíochta na Cuideachta ar Bhóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh.

Torthaí don bhliain agus díbhinní

Tá na torthaí don bhliain leagtha amach sa ráiteas ioncaim agus sna nótaí gaolmhara. B'ionann an t-ioncam don bhliain agus €527 milliún (2022: €495 milliún) agus b'ionann an brabús roimh cháin agus €115 milliún (2022: €68 milliún). Bhí sócmhainní iomlána dar luach €2.9 billiún (2022: €2.8 billiún) ag an nGrúpa agus dliteanais dar luach €1.6 billiún (2022: €1.6 billiún) ag deireadh 2023.

Tháinig ardú €32m ar an ioncam iomlán de €527m i gcomparáid le 2022. B'ionann ioncam rialaithe de €485m agus 92% den ioncam iomlán agus tháinig méadú €36m air i gcomparáid le 2022, rud a bhí spreagtha go príomha ag taraifí iompair ní b'airde agus éileamh acmhainne beagán ní b'airde. Tháinig laghdú €4m bliain ar bhliain ar ioncam neamhrialaithe de €42m rud a léiríonn go príomha próifíl na gconarthaí iompair neamhrialaithe.

Tháinig laghdú €15m ar chostais (glanchostais) oibriúcháin go €254m, i gcomparáid le 2022. Ba é ba chúis leis sin den chuid ba mhó costais gháis féinúsáide níos ísle de €28m, agus bhí na meánphraghsanna gáis 47% níos ísle in 2023 i gcomparáid le 2022. Mar gheall ar bhrúnna costais boilsicthe agus tosca seachtracha eile sa mhargadh a raibh tionchar acu ar ár mbonn costais, cuireadh cosc ar an gcoigilteas sin, go háirithe maidir le hábhair, cothabháil, seirbhísí ar conradh agus costais oibriúcháin eile. Rinneadh na harduithe sin ar chostais a fhritháireamh go páirteach le seachadadh leanúnach na n-éifeachtúlachtaí costais oibriúcháin.

Tar éis fhaomhadh na Stiúrthóirí, íocadh díbhinn bhliantúil dar luach €18.9 milliún le Ervia i rith na bliana airgeadais (2022: €20.1m). D'íoc an Chuideachta €5.3m le Ervia freisin i ndáil le méid a coinníodh siar ó dhíbhinn 2018.

Athbhreithniú ar an ngnó agus forbairtí sa todhchaí

In 2023, b'ionann méid iomlán an gháis a iompraíodh tríd an líonra gáis d'Éirinn, do Thuaisceart Éireann agus d'Oileán Mhanann agus thart ar 70.1 TWh.

Soláthraíodh 22% de riachtanais gháis Phoblacht na hÉireann ó gháscheantar na Coiribe agus soláthraíodh 78% de na riachtanais ó allmhairí ón Ríocht Aontaithe i rith na bliana airgeadais. Baineadh amach 60 GWh de ghás in-athnuaite agus soláthraíodh é tríd an bpointe insteallta bithmheatáin i gContae Chill Dara.

I rith 2023, lean an tAontas le laghdú a spleáchais ar sholáthairtí gáis na Rúise trí pháibáin agus tháinig méadú ar dhul i bhfód na ngás in-athnuaite ag an am céanna. Leag an tAontas spriocanna amach maidir le leibhéil stórála gáis, 80% den iomlán faoin 1 Samhain 2023, rud a chabhraigh go mór leis an margadh dul i ngleic le tréimhse an gheimhridh. Tabharfar an Pacáiste maidir le Dícharbónú an Mhargaidh Hidrigine agus Gáis chun críche i mí na Nollag 2024 agus leis sin, leagfar amach pleananna uaimhianacha chun tuilleadh gáis in-athnuaite a éascú sna líonraí gáis atá ann cheana ar fud na hEorpa lena n-áirítear creat a fhorbairt le haghaidh líonraí hidrigine.

Torthaí don bhliain agus díbhinní (ar lean)

Is tosaíocht leanúnach í slándáil fuinnimh na hÉireann. I mí Iúil 2023, d'fhoilsigh RCAC a straitéis 'Slándáil Fuinnimh in Éirinn go dtí 2030', lena n-áirítear an tuarascáil 'Soláthairtí Gáis na hÉireann a Chothabháil'. Sannadh roinnt gníomhaíochtaí do Líonraí Gáis Éireann sa tuarascáil seo, a chuirfear chun cinn in 2024.

Rialú praghsanna

Feidhmíonn Líonraí Gáis Éireann sócmhainní tarchurtha agus dáileacháin in Éirinn agus in Albain faoi chóras rialaithe praghsanna arna chinneadh ag an CRF. Socraíonn an rialtóir córas nua rialaithe praghsanna gach cúig bliana agus leagtar amach sa phróiseas sin an t-ioncam ceadaithe do Líonraí Gáis Éireann. I mí na Nollag 2023, foilsíodh cinneadh maidir leis an gcéad tréimhse rialaithe praghsanna eile ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2027.

Rialúcháin agus taraifí

Tá CRF freagrach as rialú eacnamaíoch na sócmhainní go léir ar Líonraí Tarchurtha agus Dáileacháin na hÉireann lena n-áirítear na hidirnascairí fomhuirí agus na sócmhainní ar tír in Albain. Rialaíonn an Rialálaí Fóntas píblínite GNI (UK) Limited i gcóras tarchurtha Thuaisceart Éireann. Tá ceadúnas idirnascaire RA ó Ofgem ag Líonraí Gáis Éireann agus GNI (UK) Limited freisin maidir leis na hidirnascairí fomhuirí le hAlbain.

Táthar ag súil le go mbeidh an Treoir agus an Rialachán Eorpach maidir le rialacha comhchoiteanna do na margáí inmheánacha i ngás in-athnuaite agus nádúrtha agus i hidrigin ("Pacáiste um Dhíchárbónú na Margáí Hidrigine agus Gáis") i bhfeidhm faoi dheireadh 2024 agus leagfar amach leis pleananna uailmhianacha chun tuilleadh gáis in-athnuaite a éascú sna líonraí gáis atá ann cheana ar fud na hEorpa lena n-áirítear creat a fhorbairt le haghaidh líonraí hidrigine.

Le linn 2023, lean Líonraí Gáis Éireann de bheith rannpháirteach go gníomhach i gcomhlachais gháis agus i ngrúpaí oibre éagsúla AE san Eoraip, lena n-áirítear an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis (ENTSOG), Eurogas, Bonneagar Gáis na hEorpa (GIE) agus Dáileoírí Gáis don Inbhuanaitheacht (GD4S). Díríonn siad sin go léir ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do chur chun feidhme bheartas fuinnimh agus aeráide an Aontais Eorpaigh, amhail an t-athbhreithniú reachtaíochta gáis agus ionchur i gcláir oibre theicniúla agus rialála ghaolmhara.

Léirítear leis na taraifí le haghaidh 2023/24 méadú (ainmniúil) thart ar 18% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, rud atá á spreagadh den chuid is mó le boilsciú mar aon leis an gcostas méadaithe ar chrapadh agus carbón. Bhí na tosca sin taobh thiar freisin de mhéadú (ainmniúil) thart ar 7% ar na taraifí dáileacháin do 2023/24.

Maoiniú

Bhí staid an Ghrúpa fós láidir ó thaobh maoiniú de in 2023. Ar an 31 Nollaig 2023, bhí €1,336 milliún de shaoráidí tiomanta ag an nGrúpa (2022: €1,335 milliún).

Ba é luach na n-iasachtaí ar an 31 Nollaig 2023, lasmuigh de Ghrúpa Ervia €1,024 milliún (2022: €1,023 milliún).

In 2023, choinnigh Líonraí Gáis Éireann a ngrád infheistíochta rátála creidmheasa de A2 le Moody's agus chuir siad feabhas ar a ngrád infheistíochta le S&P ó A go A+ in 2023.

Leis an rátáil chreidmheasa dhaingean sin cuirtear ar chumas Líonraí Gáis Éireann rochtain a bheith aici ar rogha leathan d'fhoinsí maoinithe agus déantar cinnte gur féidir léi rochtain a fháil ar mhaoiniú ar chostas iomaíoch.

I mí Eanáir 2023, shín Líonraí Gáis Éireann a RCF €300m le sindeacáit banc idirnáisiúnta agus intíre, ar feadh bliana, agus is é Eanáir 2028 dáta aibíochta na saoráide cúig bliana anois agus úsáidfeair í chun críocha corparáideacha ginearálta.

Timpeallacht oibriúcháin

In 2023, b'ionann méid iomlán an gháis a iompraíodh tríd an líonra gáis d'Éirinn, do Thuaisceart Éireann agus d'Oileán Mhanann agus 70.1TWh. Soláthraíodh é sin trí Idirnascaire Moffat agus gáscheantar na Coiribe. Le linn na bliana, sholáthair gáscheantar na Coiribe 22% de na riachtanais gháis ar fad i bPoblacht na hÉireann, agus d'fhreastail allmhairí ón Ríocht Aontaithe ar 78% den éileamh. In 2023, baineadh 60 GWh de ghás in-athnuaite amach agus soláthraíodh é tríd an bpointe insteallta bithmheatáin i gContae Chill Dara.

Bhí luaineacht ann fós ar phraghsanna gáis isteach in 2023, agus ba léir méaduithe agus laghduithe géara i dtréimhsí réasúnta gearr de bharr tosa margaidh. Dá ainneoin sin, bhí soláthairtí fisiceacha gáis na hÉireann fós slán. Baineann Éire leas as nasc iontaofa leis an Ríocht Aontaithe trí chóras idirnascaire nasctha. Cuirtear soláthar maith ar fáil, dá réir sin, do mhargadh na Ríochta Aontaithe ó tháirgeadh dúchasach gáis, táirgeadh gáis na hIorua, saoráidí stórála gáis agus gás nádúrtha leachtaithe (GNL).

Príomhtháscairí feidhmíochta

Déanann na Stiúrthóirí monatóireacht ar fheidhmíocht trí úsáid a bhaint as tacar príomhtháscairí feidhmíochta airgeadais agus eile mar atá leagtha amach thíos.




| Príomhtháscaire feidhmíochta | BA 2023 | BA 2022 |
|--|----------------|---------|
| Ráta minicíochta iomlán na dteagmhas ama cailte – fostaithe (>1 lá #/100k uair an chloig*) | 0.00 | 0.23 |
| Freagairt éigeandála | 27 nóim | 28 nóim |
| Seirbhís do chustaiméirí - réiteach chéad theagmhála | 94% | 94% |
| Ceangail nua (méid conraithe GWh) | 2,330 | 2,940 |
| Rátáil chreidmheasa Moody | A2 | A2 |
| Rátáil chreidmheasa S&P | A+ | A |
| EBITDA | €273m | €226m |
| Comhshaol | | |
| % de Dhramhaíl a Atreoraíodh ó Líonadh Talún | 100% | 100% |
| Úsáid uisce m ³ PA [^] | 3,892 | 8,539 |
| Fostaí | | |
| Laethanta oiliúna | 1,248 | 833 |
| Sóisialta | | |
| Uaireanta saorálaí* | 1,262 | 618 |

* Úsáidimid an Ráta Minicíochta Teagmhas Ama Cailte chun súil a choinneáil ar líon na dtimpistí a bhíonn ag fostaithe in aghaidh gach 100,000 uair an chloig a oibrítear a mbíonn de thoradh orthu gur gá do bhall foirne > 1 lá ^ m³ PA- m³ in aghaidh na bliana á thógáil saor ón obair - Is aonad tomhais brú iad méadair chiúbacha Pascal

*Bhí an méadú ar uaireanta an chloig ar bhonn deonach in 2023 i gcomparáid le 2022 mar thoradh ar earcú gníomhach oibríthe deonacha nua agus leathnú an chláir le deiseanna nua.

Forléargas ar an mbainistiú riosca

Ár ngníomhaíochtaí bainistíochta riosca

| | | |
|--|--|---|
|  <p>Ó Lá go Lá</p> |  <p>Comhtháthú i straitéis agus próiseas</p> |  <p>Rialachas</p> |
| <p>Réimsí oibríochtúla</p> | <p>Réimsí oibríochtúla</p> | <p>Réimsí oibríochtúla</p> |
| <p>Rioscaí a shainithint, a bhainistiú, dul i ngleic leo agus iad a thuairisciú.</p> | <p>Tá measúnú riosca lárnach do phleanáil straitéiseach, tosaíocht infheistíochta agus breithmheas tionscadal.</p> | <p>Tacaíonn Coistí Feidhmiúla agus Feidhmiúcháin Riosca leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.</p> |

Tacaíonn bainistíocht riosca le Líonraí Gáis Éireann le dul i ngleic le dúshlán agus deiseanna a thapú chun ár straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Le bainistíocht riosca réamhghníomhach is féidir linn breisluach a chruthú dár scairshealbhóirí, dár gcustaiméirí agus don phobal i gcoitinne. Tá an tírdhreach bainistíochta riosca don eagraíocht ag teacht chun cinn i gcónaí. Tá an bhainistíocht riosca lena n-áirítear rioscaí a shainithint, a bhainistiú agus a mhaolú go héifeachtach ina cuid lárnach dár ngníomhaíochtaí go léir.

Tá ár n-oibríochtaí gnó ag feidhmiú ar bhonn fadtéarmach. Mar sin, táimid ag plé go leanúnach le cuid de na rioscaí. Is féidir leis na rioscaí sin forbairt agus athrú le himeacht ama, de réir mar a athraíonn a dtionchar féideartha agus/nó a ndóchúlacht mar fhreagairt ar fhorbairtí inmheánacha agus seachtracha. Ag an am céanna, leanann de rioscaí nua a bheith ag teacht chun cinn agus spreagtar cultúr cainte. Leanann Líonraí Gáis Éireann le tús áite a thabhairt do bhainistíocht riosca sábháilteachta agus déantar riosca a shainithint agus a mhaolú go réamhghníomhach.

Tháinig cobhsú ar thírdhreach riosca 2023 ach d'fhan sé ardaithe tar éis na géarchéime fuinnimh an bhliain roimhe sin a d'éascair as ionradh na hÚcráine. Trí úsáid leanúnach a bhaint as próiseas sainithe bainistíochta riosca, lean Líonraí Gáis Éireann de bhainistiú a gcuid rioscaí go héifeachtach. Mar gheall ar an timpeallacht gheopholaitiúil bhíothas i mbun cleachtadh bainistíochta géarchéime go leanúnach le linn na bliana lena chinntiú go rabhamar ullmhaithe d'aon tosca suaite a d'fhéadfadh tarlú agus gur thugamar freagairt orthu, rud a chinntigh slándáil an tsoláthair agus seachadadh seirbhíse. Rinneadh dlúthmhonatóireacht ar an timpeallacht sheachtrach maidir le haon drochthionchar ar Líonraí Gáis Éireann, amhail bagairt mhéadaithe cibearshlándála agus slándála fisiciúla, slándáil an tsoláthair, athrú aeráide, boilsciú, agus luaineacht praghsanna gáis.

Tá dúshlán eile a bhí le sárú ag Líonraí Gáis Éireann tugtha chun suntais i roinn na bpríomhrioscaí.

Creat bainistíochta riosca

Tá struchtúr rialachais i bhfeidhm ag Líonraí Gáis Éireann ina gcuimsítear próiseas cuimsitheach bainistíochta riosca chun na príomhrioscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ár gcumas ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach a shainithint, a bhainistiú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus dul i ngleic leo. Tacaíonn an creat bainistíochta riosca le cur chuige comhsheasmhach bainistíochta riosca ar fud na heagraíochta lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an ngnó agus an dóchúlacht go dtarlóidh an riosca.

Tá an fhreagracht deiridh ar Bhord Ervia as bainistíocht riosca, le tacaíocht ó Choiste Iniúcháireachta agus Riosca Ervia. Trínár struchtúr rialachais bainistithe riosca agus trínár bpróiseas tuairiscithe riosca, cuirtear gealltanais ar fáil don Bhord go ndéantar na príomhrioscaí roimh ár ngnó a phlé, a fhaire agus a bhainistiú go maith. Socraíonn Bord Ervia an inghlacthacht riosca chun cineál agus méid na rioscaí a bhfuilimid sásta glacadh leo chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach a chinneadh. Áirítear leis ráitis agus tionscnaimh maidir le fonn riosca mar bhonn taca leo.



Figiúr 1.1 - ERM Próiseas 4 Chéim

Déantar gníomhaíochtaí um bainistíocht riosca freisin ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta lena chinntiú go ndéantar bainistiú réamhghníomhach agus éifeachtach ar rioscaí. I Líonraí Gáis Éireann, ó leibhéal feidhmiúil chomh fada le leibhéal an Bhoird, déantar ár bpríomhríoscaí a thuairisciú i dtrí chatagóir: 1. Key, 2. Ag Teacht Chun Cinn & Ag Treochtáil (E&T) agus 3. Ardtionchar agus Dóchúlacht Íseal (HILP) Ag úsáid próiseas ceithre chéim um Bainistiú Riosca Fiontraíochta (BRF) lena chinntiú go ndéantar rioscaí ar fud na heagraíochta a shainnithint, a mheasúnú, freagairt orthu agus monatóireacht a dhéanamh orthu ar bhonn comhsheasmhach. (Féach ar fhíor 1.1.)

Is príomhríosca iad na rioscaí ardtosaíochta atá ann cheana féin atá lárnach do bhaint amach chuspóirí straitéiseacha GNI. Is iad rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn agus Treochtáil (E&T) na rioscaí nuafhorbartha nó athraitheacha atá deacair a chainníochtú agus a d'fhéadfadh tionchar mór a bheith acu ar straitéis Líonraí Gáis Éireann mura ndéantar iad a bhainistiú go cúramach. Ar deireadh, déantar rioscaí a d'fhéadfadh an tionchar is mó a bheith acu ar an ngnó ach tá féidearthacht chianda ann go bhféadfaidís tarlú a rangú mar rioscaí Ardtionchair agus Dóchúlachta Íseal (HILP).

Le foireann riosca tiomnaithe agus samhail coiste rialachais riosca ón mbarr anuas, ón mbun aníos, treisítear timpeallacht bhainistíochta riosca éifeachtach. Cinntítear leis an tsamhail sin go bhfuil soiléireacht úinéireachta agus freagrachta as bainistíocht riosca ann lena n-áirítear rialuithe maolaithe agus gníomhartha maolaithe.

Le linn na bliana, rinneadh athbhreithniú ar thuarascálacha tionscail riosca agus ar fhoilseacháin amhail Tuarascáil Riosca Domhanda 2023 an Fhórim Eacnamaíoch Domhanda, Measúnú Riosca Náisiúnta 2023 agus Tuarascáil Ráithiúil Gartner ar Riosca atá ag Teacht Chun Cinn chun tuiscint níos fearr a fháil ar an timpeallacht riosca sheachtrach.

Treisítear an fócas ar bhainistíocht riosca réamhghníomhach leanúnach, feasach ar riosca agus cultúr labhartha amach a chinntiú ar gach leibhéal den eagraíocht trí oiliúint riosca a sholáthar do shínteoirí agus bhainisteoirí mar aon le rannpháirtíocht rialta ar fud an ghnó.

Le linn na bliana, rinneadh rannpháirtíocht leanúnach leis an ngnólacht sa chéad líne agus comhoibriú feabhsaithe i measc na bhfeidhmeanna dara agus tríú líne chun cur chuige ailínithe a chinntiú don chreat rialaithe inmheánaigh foriomlán. Chríochnaigh na feidhmeanna ceardlanna measúnaithe riosca calaoise leis an ngnó lena chinntiú go bhfuil cruinne iomlán riosca calaoise ag Líonraí Gáis Éireann agus rialuithe coisctheacha agus braite i bhfeidhm.

Na príomhrioscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí agus príomh-mhaoluithe

Riosca

Comhthéacs

Maolú



Líonra fuinnimh athléimneach

Sláinte, sábháilteacht, comhshaoil

Teagmhas mór sláinte agus sábháilteachta nó comhshaoil a mbíonn tionchar agus dochar suntasach d'fhostaí, do chonraitheoir nó don pobal mar thoradh air.

Ní mór cloí leis an reachtaíocht agus na socruithe sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil ar fad chun an fhoireann, conraitheoirí agus an pobal a chosaint ar ghortú nó bás agus chun ionchúisim fhéideartha, caillteanas airgeadais agus damáiste do chlú a sheachaint.

- Déanann an Bord maoirseacht ar fheidhmíocht Sláinte agus Sábháilteachta.
- Tá sé deimhnithe de réir Chóras Bainistíochta Sábháilteachta ISO45001 agus Córas Bainistíochta Comhshaoil ISO 14001.
- Gníomhaíocht dearbhaithe inmheánach agus sheachtrach, iniúchtaí, cleachtaí éigeandála oiliúna agus athbhreithnithe.

Slándáil an tsoláthair

Braitheann slándáil an tsoláthair gáis nádúrtha in Éirinn ar ár gcumas allmhairí a rochtain agus ar acmhainneacht agus ar shláine an bhonneagair soláthair agus dáileacháin. D'fhéadfadh briseadh suntasach ar sholáthar fuinnimh nó ar bhonneagair fisiciúil Líonra Gáis Éireann, lena n-áirítear idirnascairí gáis idir Éire agus Albain, tionchar tromchúiseach a bheith aige ar ghnó agus ar oibríochtaí Líonra Gáis Éireann agus ar gheilleagar na hÉireann.

Braitheann geilleagar na hÉireann ar sholáthairtí slána leanúnacha gáis nádúrtha toisc go bhfreastalaíonn sé ar thart ar 31% de phríomhriachtanais fuinnimh na hÉireann. I bhfianaise an tírdhreacha gheopholaitiúil, leagadh béim ar athléimneacht bhonneagair gáis na hEorpa agus ar sholáthar gás nádúrtha na hEorpa. Is í an Ríocht Aontaithe an phríomhfhoinsé soláthair d'Éirinn i gcónaí. D'fhéadfadh aon bhriseadh ar sholáthar fuinnimh na Ríochta Aontaithe, nó aon chliseadh nó aon bhriseadh ar oibriú ár mbonneagair straitéisigh gáis, tionchar tromchúiseach a imirt ar ghnó agus ar oibríochtaí Líonraí Gáis Éireann.

- A bhfuil le píblíne gháis nasctha ar tí in Albain neartaítear slándáil an tsoláthair d'Éirinn.
- Soláthraítear soláthar dúchasach gáis ó gháscheantar na Coiribe.
- In 2023, d'fhógair RCAC a pacáiste Slándála Fuinnimh lena n-áiríodh bunú cúlchiste straitéiseach éigeandála gáis in Éirinn. Tá Líonraí Gáis Éireann i mbun rannpháirtíochta leis an roinn chun togra mionsonraithe a ullmhú d'fhonn Cúlchiste Straitéiseach Éigeandála Gáis a bhunú.
- Samhaltú rialta cásanna éilimh agus soláthair sa toadhcháil (Poblacht na hÉireann agus Uile-Oileáin).
- Ball de Ghrúpa Éigeandála Slándála Fuinnimh DECC.
- Bunaíodh Plean Bainistíochta Éigeandála Gáis le príomhpháirtithe leasmhara ar a ndéantar tástáil go rialta.
- In 2023, síníodh meabhrán tuisciana idir Rialtas na hÉireann, an Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart Éireann ar an gcomhoibriú le haghaidh cinnteacht soláthair gáis nádúrtha a dhoimhniú caidreamh déthaobhach na RA agus na hÉireann agus a chumasaíonn oibriú níos dlúithe chun cinnteacht an tsoláthair a chinntiú.
- Tá prótacal deonach i bhfeidhm ag GNI (RA) agus ag Gás Náisiúnta a dhéanann soláthar má tharlaíonn Éigeandáil Soláthair Gáis. Le conradh idir-rialtasach gáis atá i bhfeidhm ó bhí 1993 ann idir Éire agus an Ríocht Aontaithe, déantar foráil maidir le forbairt creata idir rialtas na hÉireann agus rialtas na Ríochta Aontaithe chun déileáil le haon bhriseadh ar sholáthairtí gáis.
- Cláir chuimsitheacha iniúchta agus cothabhála sócmhainní.
- Plean Forbartha Líonra agus Plean Bainistíochta Acmhainne Líonra.
- Plean agus tionscadail infheistíochta caipitil.
- Tá an Measúnú Riosca Náisiúnta riachtanach faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/1938 (Slándáil an tSoláthair Gáis). D'oibrigh Líonraí Gáis Éireann i gcomhar le CRF chun an measúnú riosca seo a chur i gcrích in 2022 – tá an chéad athbhreithniú eile dlite in 2026.

Acmhainne líonra

Mura bhfaightear faomhadh rialála agus mura bhforbraítear acmhainn líonra imleor amach anseo, d'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar chlú Líonraí Gáis Éireann agus tionchar a imirt ar chumas an líonra freastal ar riachtanais fuinnimh amach anseo.

Sa bhliain 2022, d'fhoilsigh Líonraí Gáis Éireann ráiteas réamhaisnéise gáis. Príomh-ionchur i leith é sin is ea réamh-mheastachán éileamh leictreachais EirGrid. Le tionscadail EirGrid, tháinig méadú suntasach ar an éileamh ar leictreachas agus mar thoradh air sin tá gá le giniúint ghásadhainte nua chun freastal ar an éileamh sin. Ina theannta sin, tá méadú mór tagtha ar cheangail nua gháis nua san earnáil tionsclaíochta agus tráchtála freisin. Cinneadh le hanailís líonra go mbeadh gá le tuilleadh infheistíochta chun breis acmhainneachta a chur ar fáil ag an dá stáisiún comhbhrúiteora in Albain chun an t-éileamh sin a shásamh ag buaic-amanna.

- Cuireadh staidéar mionsonraithe i gcrích lena fháil amach na bearta oibriúcháin agus fisiceacha is gá chun an acmhainn theicniúil ag Pointe Iontrála Mhofad (Moffat) a mhéadú chun freastal ar na héilimh réamh-mheasta ar bhuaic-laethanta.
- Tá maoiniú le haghaidh uasghráduithe beartaithe acmhainne ar an dá stáisiún comhbhrúiteoirí in Albain ceadaithe mar chuid de chinneadh PCS agus tá tionscadail ag dul ar aghaidh de réir an phlean.
- Bearta bainistithe ar thaobh an éilimh – tá táirgí acmhainne in-idirbhriste á scrúdú.
- Teagmháil leanúnach le EirGrid maidir lena réamhaisnéis ar éileamh agus Ráiteas maidir le hAcmhainneacht Giniúna.
- Teagmháil leanúnach leis an CRF maidir le réamhaisnéis ar éileamh gáis.
- Plean Forbartha Líonra agus Plean Bainistíochta Acmhainne Líonra forbartha.

Na príomhríoscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí agus príomh-mhaoluithe (ar lean)

| Ríosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|---|---|
| Seachadadh caipitil | | |
| Mainneachtain freastal ar riachtanais seachadta caipitil lena n-áirítear oibreacha caipitil a bhaineann le naisc nua stáisiúin chumhachta agus ionaid sonraí. | Tá aird tarraingthe ag EirGrid agus CRF ar an easnamh i nginiúint cumhachta teirmí in Éirinn sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma maidir le slándáil an tsoláthair leictreachais. Beidh méid suntasach oibre ag teastáil chun tacú le baint amach na dtionscadal ríthábhachtach sin. Ina theannta sin, tá GNI ar conradh chun cúig nasc tarchurtha a sheachadadh chuig ionaid sonraí. Tarlaíonn sé sin i gcomhthráth le héileamh méadaithe ó earnálacha eile a bhféadfadh sé go mbeadh orthu tús áite a thabhairt do thionscadail a mbeadh damáiste féideartha airgeadais agus clú do Líonraí Gáis Éireann mar thoradh orthu. | <ul style="list-style-type: none"> Rannpháirtíocht trí pháirtí idir Líonraí Gáis Éireann, EirGrid agus CRF agus comhoibriú láidir ar thionscadail. Rannpháirtíocht luath leis an gconraitheoir agus le príomhpháirtithe leasmhara eile maidir le seachadadh agus leis an bpróiseas toilithe. Cumarsáid leantach le forbróirí an stáisiúin chumhachta agus an ionaid sonraí. Tógáil: Pleanáil acmhainní agus slabhra soláthair chun seachadadh tionscadal a optamú. Comhpháirtíochtaí malartacha seachadta a fhorbairt laistigh den slabhra soláthair. |
| Gáis in-athnuaite - ullmhacht líonra | | |
| Ríosca nach bhfuil Líonraí Gáis Éireann réidh ó thaobh líonra de chun gás in-athnuaite a iompar. | Sainnithnítear forbairt hidrigine agus bithmheatáin mar phríomhthosaíocht chun an Comhaontú Glas don Eoraip agus aistriú fuinnimh ghlain a bhaint amach. Chun tacú le clár oibre an Rialtais maidir leis an athrú aeráide agus chun inmharthanacht fhadtéarmach gnó a chinntiú, caithfidh Líonraí Gáis Éireann a chinntiú go bhfuil an cumas agus an inniúlacht líonra aige le bheith ina phríomhchumasóir don aistriú fuinnimh. | <ul style="list-style-type: none"> Faomhadh maoiniú nuálaíochta chun cumas hidrigine agus bithmheatán a thástáil agus a fhorbairt mar chuid de chinneadh PC5 agus tá tionscadail ag dul ar aghaidh de réir an phlean. Liúntais nuálaíochta leordhóthanacha a chinntiú chun cumas hidrigine agus bithmheatáin a thástáil agus a fhorbairt. Taighde agus tástáil ar hidrigin ag ár Lárionad Taighde agus Nuálaíochta in Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath. Feabhas a chur ar oiliúint agus inniúlacht theicniúil. Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chothú laistigh den saol acadúil agus páirtithe leasmhara eile sa tionscal gáis. Cásanna sábháilteachta a fhorbairt do gach céim d'fhorbairt na hidrigine. Rannpháirtíocht ghníomhach leis an staidéar cnámh droma maidir le Hidrigin na hEorpa. |
| Athrú aeráide – tionchar ar bhonneagar | | |
| Ríosca fisiceach go bhféadfadh tionchar a bheith ag adhaimsir nó aimsir neamhghnácha ar ár mbonneagar. | Méadú ar dhéine na hadhaimsire m.sh., d'fhéadfadh tuilte, agus stoirmeacha mar gheall ar athrú aeráide a bheith ina gcúis le mífheidhmeanna nó le briseadh gan choinne sna seirbhísí. D'fhéadfadh briseadh fada le linn adhaimsire amháil tréimhse d'aimsir an-fhuar cur isteach suntasach sóisialta agus eacnamaíoch a chruthú nuair nach féidir le cuideachtaí agus teaghlaigh rochtain a fháil ar chumhacht nó ar theas. | <ul style="list-style-type: none"> Pleananna agus nósanna imeachta láidre práinnfhreagartha a fhorbairt. Réimsí leochaileachta amach anseo a shainaithint agus sócmhainní a athlonnú nuair is cuí. Pleanáil ullmhachta don gheimhreadh agus cruachan stoirme. Uirlisí chun monatóireachta/rialú a dhéanamh ar an mbonneagar. Aghaidh a thabhairt ar rioscaí aitheanta don bhonneagar líonra trí aighneachtaí rialála. |

Na príomhríosaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí agus príomh-mhaoluithe (ar lean)

Riosca

Comhthéacs

Maolú



Seirbhísí fuinnimh inbhuanaithe

Inacmhainneacht

Cailliúint iomaíochais, an riosca go mbeidh gás líonraithe neamhiomaíoch/neamh-inacmhainne do chustaiméirí.

Mar gheall ar an tionchar a bhaineann leis na praghsanna arda gás atá ag leanúint ar aghaidh tá baol ann go mbeidh gás nádúrtha neamhiomaíoch i gcomparáid le foinsí fuinnimh eile, rud a fhágann go bhféachfaidh custaiméirí agus lucht ceaptha beartas ar réitigh fuinnimh eile.

- Leanúint de dhíriú ar chostais líonra a laghdú trí nuálaíocht, barrfheabhsú an tslabhra soláthair agus bainistíocht costais dea-chleachtais.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do bhearta chun feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair in Éirinn, lena laghdófar an baol go dtarlódh briseadh sa soláthar lena n-áirítear úsáid mhéadaithe as gás in-athnuaite.
- Tacaíochtaí do chustaiméirí leochaileacha.
- Tacaíochtaí do chustaiméirí lena n-áirítear infhaighteacht méadar Íoc Mar a Úsáidtear (PAYG), rud a éascaíonn aistriú soláthraithe fuinnimh.
- Cuir ar son bearta éifeachtúlachta fuinnimh.

Todhchaí an gháis

Nach n-éireofar le straitéis fáis fhadtéarmach Líonraí Gáis Éireann do ghás nádúrtha agus in-athnuaite a chur i bhfeidhm agus a sheachadadh go rathúil i gcóras fuinnimh comhtháite.

Theip ar Líonraí Gáis Éireann réitigh a sholáthar chun go mbeidh gás líonraithe ina fhoinsé inmharthana fuinnimh i dtodhchaí fuinnimh dhícharbóinithe na hÉireann.

Tá baol ann i leith clár oibre an rialtais maidir leis an athrú aeráide agus freisin go dtiocfaidh laghdú ar úsáid an líonra sin amach anseo mura féidir an líonra a dhícharbónú agus d'fhéadfadh méaduithe taraise agus sócmhainní tréigthe a bheith mar thoradh air sin.

- Tacú le straitéis Hidrigine an rialtais agus le haistriú an líonra gáis chun instealladh hidrigine glaise agus hidrigine cumaisc amach anseo a éascú.
- Tacú le conair a fhorbairt i dtreo dhícharbónú iomlán an líonra gáis agus tacú le gníomhaíochtaí nuálaíochta a bhaineann le sócmhainní an líonra gáis.
- Oibriú leis an Rialtas chun tacú le sprioc an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 a bhaint amach chun suas le 5.7 TWh de bhithmheatán a tháirgtear go dúchasach a sheachadadh faoi 2030.
- Oibriú le custaiméirí agus le mórúsáideoirí chun réitigh lena mbaineann conair chuig an dhícharbónú a sholáthar.
- Leanúint le forbairt agus rolladh amach an Líonra BioCNG.

Clú

Déantar damáiste mór do chlú GNI nuair a theipeann air ionchais a pháirtithe leasmhara a chomhlíonadh, rud a fhágann go gcailltear muinín i gceadúnas oibríochta na heagraíochta.

Déantar damáiste mór do chlú Líonraí Gáis Éireann de bharr teagmhas mór nó mainneachtain cleachtais shábháilte inár n-oibríochtaí, bainistíocht airgeadais agus rialachas corparáideach a chinntiú.

- Príomhphleananna agus príomhthionscnaimh maidir le gnóthaí poiblí agus le páirtithe leasmhara
- Foireann tiomnaithe gnóthaí poiblí.
- Creataí comhlíontachta agus rialaithe i bhfeidhm.
- Pleananna bainistithe géarchéime i bhfeidhm.



Córas fuinnimh comhtháite

Beartas fuinnimh

Theip ar ról a bhaint amach don ghás nádúrtha agus do gháis in-athnuaite in aistriú fuinnimh na hÉireann.

Tá dhícharbónú fuinnimh fós ar cheann de na dúshláin is mó atá roimh an domhan. Díritear beartais AE agus na hÉireann um ghníomhú ar son na aeráide agus fuinneamh ar laghdú fadtéarmach ar bhreosláí iontaise, lena n-áirítear gás nádúrtha (arb é an breosla iontaise dó is glaine). Tá baol ann go dtiocfaidh laghdú ar úsáid an líonra amach anseo mura féidir beartas tacúil le haghaidh gáis in-athnuaite a chinntiú agus d'fhéadfadh méaduithe taraise agus sócmhainní tréigthe a bheith mar thoradh air sin.

- A chinntiú go n-aithníonn agus go dtuigeann príomhpháirtithe leasmhara an ról is féidir le líonra gáis dhícharbónaithe a imirt i gcóras fuinnimh na hÉireann amach anseo.
- Foireann tiomnaithe beartais a dhíríonn ar rannpháirtíocht leanúnach leis na páirtithe leasmhara go léir maidir le beartas fuinnimh a fhorbairt.
- Dlúthchaidreamh comhoibríoch a chothú le páirtithe ar fud an tslabhra luacha ar fad.
- Teachtaireacht Líonra Gáis Éireann i gcainteanna poiblí faoin aistriú fuinnimh a chur in iúl.

Na príomhrioscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí agus príomh-mhaoluithe (ar lean)

Riosca

Comhthéacs

Maolú



Barr feabhas sna hoibríochtaí

Slabhra soláthair / Soláthraithe rí-thábhachtacha

Mura féidir Pleananna Infheistíochta Caipitil reatha nó amach anseo a sheachadadh go hiomlán, mar gheall ar dhúshláin shlabhra an tsoláthair lena n-áirítear méaduithe ar chostais, acmhainneacht laistigh den tionscal tógála, moill ar ábhair a fháil nó teip ar phríomhsholáthraí, lena n-áirítear príomhchonraitheoirí, d'fhéadfadh sé nach gcomhlíonfaí an acmhainn líonra nó d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí sláinte sócmhainní a choinneáil trí ghníomhaíochtaí cothabhála pleanáilte.

Tá luaineacht i ngeilleagar an domhain agus athruithe ar an timpeallacht gheopholaitiúil ar fud an domhain ag luathú an ghá do Líonraí Gáis Éireann pleananna a fhorbairt go réamhghníomhach chun riosca slabhra an tsoláthair a bhainistiú. Tá an riosca sin ag eascairt as méaduithe ar chostais seirbhísí agus ábhar, as ganntanais ábhar, as amanna tionscanta níos faide ar thionscadail agus as inmharthanacht na bpríomhsholáthraithe.

D'fhéadfadh go mbeadh drochthionchar ábhartha ag díospóid le nó má theipeann ar phríomhsholáthraí a oibleagáidí faoi chonradh den sórt sin a chomhlíonadh ar ghnó, oibríochtaí, clú, straitéis agus/nó riocht airgeadais Líonra Gáis Éireann.

- Tá samhail bainistíochta caidrimh i bhfeidhm.
- Saineolas inmheánach maidir leis an slabhra soláthair agus idirghníomhaíochtaí réamhghníomhacha slabhra soláthair le príomhsholáthraithe ag dul i méid.
- Soláthairtí nua tógála agus innealtóireachta ag dul ar aghaidh lena chinntiú go bhfuil raon éagsúil soláthraithe ar fáil d'ualach oibre Líonraí Gáis Éireann amach anseo.
- Comhordú feabhsaithe sna foirne ar fad le feasacht agus úinéireacht níos fearr.
- Monatóireacht agus athbhreithniú á néanamh ar sholáthraithe príomhchonarthá.
- Pleananna teagmhasacha agus leanúnachais ghnó a chruthaíonn creat chun an riosca a bhaineann le cliseadh príomhsholáthraí a mhaolú agus a sholáthraíonn freagairt éifeachtach ar na pleananna sin, agus leasanna na bpríomhpháirtithe leasmhara á gcosaint ag an am céanna.

Oibríochtaí inbhuanaithe

Teip ar Líonraí Gáis Éireann a bheith ina phríomhghnó inbhuanaithe in Éirinn.

Chun ionchais shochoaíochta agus ionchais an rialtais, na sochaí agus na bpáirtithe leasmhara a chomhlíonadh, ní mór do Líonraí Gáis Éireann a astaíochtaí agus a dhramhaíl féin a íoslaghdú, bithéagsúlacht a fheabhsú agus tacú lena mhuintir agus lena phobail.

- Feidhmíocht agus straitéis inbhuanaitheachta le rialachas agus monatóireacht shoiléir i bhfeidhm.
- Feidhmíocht Thredhearach Comhshaoil, Shóisialta agus Rialachais (ESG).
- Tiomanta do laghdú 50% ar dhéine na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030.
- Plean Gníomhaíochta don Bithéagsúlacht i bhfeidhm.
- Deimhniú de réir chaighdeán an Mairc do Ghnóthas a bhíonn ag Obair go Freagrach a choinneáil.
- Tiomantas do phlean laghdaithe astaíochtaí meatáin.
- Leantar le feachtas 'Laghdaigh d'Úsáid' in Líonraí Gáis Éireann.

Cibearshlándáil / Teip na Teicneolaíochta Faisnéise

Riosca maidir le cibirionsaí nó le cliseadh suntasach ar ár dTeicneolaíocht Faisnéise a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le cailteanas suntasach córas agus seirbhísí, le tionchar mór ar oibríochtaí gnó, sceitheadh sonraí, le cailteanas airgeadais agus le damáiste do chlú

Tá líon, castacht agus sofaisticiúlacht na mbagairtí cibearshlándála ag dul i méid agus tá siad de shíor i mbun forbartha. D'fhéadfadh fionraí seachadadh gnó féideartha, cur isteach, fadhbanna sábháilteachta, damáiste do chlú nó fíneálacha rialála féideartha a bheith mar thoradh ar theagmhas. D'fhéadfadh tionchar féideartha a bheith ag cibirionsaí agus/nó teip chomharthaíochta ar ár dTeicneolaíocht Faisnéise ar chustaiméirí gáis agus leictreachais agus ar gheilleagar na hÉireann.

- Polasaithe, straitéis agus samhail oibriúcháin i bhfeidhm.
- Clár feabhsaithe maidir le cibearfheasacht agus oiliúint úsáideoirí.
- Comhoibriú leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála.
- Monatóireacht leanúnach i gcoinne chaighdeán na hInstitiúide Náisiúnta um Chaighdeán agus Teicneolaíocht (NIST).
- Infheistíocht mhéadaithe i gcosc agus i rialuithe réamhghníomhacha sna chórais chriticiúla ar fad.
- Socruithe teagmhasacha do leanúnachas gnó forbartha.
- Ionad Oibríochtaí Slándála i bhfeidhm (monatóireacht 24*7).
- Measúnuithe leanúnacha riosca.
- Cásanna oibriúcháin agus tástálacha struis ar phróisis chriticiúla.

Slándáil áitribh agus suiteála

Cailteanas suntasach ar chórais agus ar sheirbhísí ríthábhachtacha de bharr ionsaí slándála fisiceach ar ár n-áitreabh agus suiteálacha ríthábhachtacha a bhfuil tionchar aige ar shábháilteacht, ar oibríochtaí gnó agus ar ár gclú.

Tá na bagairtí slándála fisiciúla ag dul i méid i ngeall ar nádúr an ghnó. D'fhéadfadh fionraí seachadadh gnó féideartha, cur isteach, fadhbanna sábháilteachta, damáiste do chlú nó fíneálacha rialála féideartha a bheith mar thoradh ar theagmhas. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar chustaiméirí gáis agus leictreachais agus ar gheilleagar na hÉireann.

- Tionscadal slándála corparáidí agus fisiciúla.
- Clár caipitil slándála fisiciúla i mbun feidhme.
- Measúnuithe leanúnacha riosca.

Na príomhríoscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí agus príomh-mhaoluithe (ar lean)

| Riosca | Comhthéacs | Maolú |
|---|--|--|
| Paindéim | | |
| Riosca suntasach do shláinte fostaithe nó cur isteach ar ghnó mar gheall ar thionchar féideartha paindéime. | Tinneas ar mhórszála i measc fostaithe mar gheall ar eipidéim nó paindéim a théann i bhfeidhm ar dhaoir na hÉireann, agus a d'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm ar shláinte agus folláine fostaithe, oibríochtaí, ar an soláthar seirbhísí agus ar an slabhra soláthair. | <ul style="list-style-type: none"> Plean freagartha paindéime i bhfeidhm. Socruithe teagmhasacha do leanúnachas gnó forbartha. Rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara (FSS, HSA, CRU, ranna rialtais etc.) agus tagarmharcáil fóntas piaraí. |
| Dlí / Comhlíontacht | | |
| Teip maidir le cloí le hoibleagáidí dlíthiúla a fhorchuirtear le dlí, rialachán nó ceadúnas. | Tá na gníomhaíochtaí gnó a dhéanann Líonraí Gáis Éireann faoi réimse leathan dlíthe agus rialachán. Mar gheall ar oibleagáidí agus ar rialachán dlíthiúla tá méadú mór tagtha ar an gcástacht a bhaineann le gnó a dhéanamh i Líonraí Gáis Éireann. B'fhéidir nach gcoinneodh beartais agus oiliúint suas le luas an athraithe. Má theipeann ar Líonraí Gáis Éireann dlíthe agus rialachán ábhartha na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh d'fhéadfaí pionóis agus/nó smachtbhannaí a fhorchur a bhféadfadh drochthionchar ábhartha a bheith acu ar thorthaí oibriúcháin, ar straitéis agus/nó an staid airgeadais. | <ul style="list-style-type: none"> Tugtar athbhreithniú ar chomhlíonadh chun críche go bliantúil agus go leanúnach maidir le hoibleagáidí an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus sainaitheann aon teipeanna ar chomhlíonadh agus tugtar aghaidh orthu de réir mar is cúf. Tá beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm chun comhlíonadh príomhoibleagáidí dlí a chinntiú. Monatóireacht leanúnach ar fhorbairtí reachtaíochta. Athbhreithniú débhlíantúil ar Ráiteas Beartais um Chomhlíonadh na Stiúrthóirí. Rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara seachtracha ábhartha. |
| Calaois | | |
| Teagmhas tubaisteach calaoise a théann i bhfeidhm ar inmharthanacht agus ar chlú na heagraíochta. | Má tharlaíonn cliseadh sa timpeallacht rialaithe, d'fhéadfadh calaois tarlú a bhféadfaí damáiste do chlú, caillteanas airgeadais chomh maith le himpleachtaí cánach do Líonraí Gáis Éireann a bheith mar thoradh air. | <ul style="list-style-type: none"> Oiliúint ar fheasacht beartais agus calaoise. Cultúr láidir rialaithe agus labhair amach. Cláir um fheasacht calaoise lena n-áirítear 'Doing the Right Thing'. Ceardlanna maidir le Measúnú Riosca Calaoise Oiliúint ar fheasacht cibearshlándála. Scaradh dualgas. |



Daoine fuinnimhithe

| Daoine | | |
|--|---|---|
| Mainneachtain daoine ag a bhfuil na scileanna agus na cumais chearta chun ár straitéis a sheachadadh a fhorbairt, a choinneáil nó a mhealladh. | Braitheann ár gcumas ar straitéis a chur chun feidhme ar chumais, luachanna, iompar agus feidhmíocht ár bhfostaithe. Braitheann sé freisin ar aclaíocht agus ar chumas ár ndaoine dul in oiriúint don timpeallacht sheachtrach atá ag athrú agus d'ionchais leanúnacha ar bpáirtithe leasmhara. | <ul style="list-style-type: none"> Pleanáil straitéiseach le haghaidh líon fostaithe agus dearadh agus forbairt eagraíochtúil. Tionscnaimh rannpháirtíochta agus chultúir i bhfeidhm, lena n-áirítear suirbhéanna rialta, tairseacha smaointe agus próisis um fheabhsú leanúnach. Clár sláinte agus folláine i bhfeidhm chun tacú leis an bhfoireann. Tionscnaimh Acmhainní Daonna amháin an clár ibelong maidir le héagsúlacht, cothromas agus cuimsiú, obair hibrideach agus cláir forbartha. Fostaithe a fhorbairt agus a chumhachtú trí Fhoghlaim agus Forbairt agus Bainistiú Feidhmíochta. Ceannairí na todhchaí agus príomhchomharbaí a shainaitheann agus a chothú trí chlár um Bainistiú Tallainne agus Forbartha Tallainne. Monatóireacht leanúnach ar phríomh-mhéadracht an lucht saothair lena n-áirítear laghdú agus athrú, innéacsanna cobhsaíochta fostaithe agus lucht saothair. |
| | Mura mbeadh lucht saothair leordhóthanach oile againn ag an am ceart agus san áit cheart, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar chumas na heagraíochta ár straitéis a bhaint amach. | |

Na príomhríoscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí agus príomh-mhaoluithe (ar lean)

Riosca

Comhthéacs

Maolú



Staid airgeadais láidir

Riosca airgeadais

Feidhmíocht airgeadais gan a bheith maith a dóthain mar gheall ar Roscaí domhanda maicreacnamaíocha agus airgeadais – boilsciú, gluaiseacht praghsanna tráchtearraí, riosca creidmheasa, riosca leachtachta, rioscaí airgeadra agus rátaí úis.

Ní mór dúinn a bheith in ann rioscaí airgeadais agus maicreacnamaíocha a bhainistiú nó ní féidir linn ár straitéis ghnó a chur i bhfeidhm go rathúil.

Méadú ar na costais chun gnó a dhéanamh. Riosca éagsúlachta idir costais a thabhaítear agus costais a cheadaítear faoin tsamhail rialála.

- Samhail rialála ard-rátáilte lena ngabhann taifead ar ghnóthú cobhsaí trédhearcach costas.
- Creat docht rialuithe agus nósanna imeachta. Teorainneacha riosca sainithe, tarmilgean údaráis agus monatóireacht nochta i bhfeidhm.
- Íosléibhéal fiachais ag rátaí seasta, bainistiú neamhchosanta airgeadra eachtraigh, leachtacht íosta a choinneáil.
- Dlúthmhonatóireacht agus measúnú tionchair maidir le haon teagmhais mhaicreacnamaíocha m.sh., COVID-19, an choinbhleacht san Úcráin.
- Leanúint le dul i mbun rannpháirtíochta le príomhsholáthraithe ionas gur féidir linn príomhbhrúnna costais a thuiscint agus a mhaolú.
- Rannpháirtíocht leanúnach leis an rialálaí lena chinntiú go bhfuil eolas acu faoi na costais a thabhaíonn Líonraí Gáis Éireann agus féachaint lena chinntiú go ndéanfar costais a thabhaítear go héifeachtach a ghnóthú go tráthúil.

Neart airgeadais

Teip maidir leis an neart airgeadais a chaomhnú chun forbairtí amach anseo ar líonra athléimneach agus inbhuanaithe a éascú.

Braitheann cur chun feidhme rathúil straitéis Líonra Gáis Éireann ar a chumas maoiniú cuí a fhoinsiú agus a choinneáil. Ní mór do Líonraí Gáis Éireann clár comhardaithe láidir a choinneáil chun an méadú féideartha ar infheistíochtaí dícharbónaithe agus seasmhacht táirgí insoláthartha a bhainistiú thar thréimhse réasúnta gearr.

- Rátáil láidir gráid infheistíochta.
- Idirphlé leanúnach agus caidreamh láidir le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear an Rialtas, soláthraithe um maoiniú agus infheisteoirí ionchasacha.
- Straitéis um maoiniú a nascadh le straitéis inbhuanaitheachta.

Socraíochtaí rialála

Mainneachtain cinneadh agus socraíocht rialála leordhóthanach agus/nó thráthúil a bhaint amach.

Rialaíonn an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRF) ioncam ábhartha Líonraí Gáis Éireann faoi chreat uasteorann ioncaim. Mura dtiocfar ar chomhaontú ar liúntas leordhóthanach maidir le caiteachas oibríocháin agus caipitil agus maidir le toradh ar chaipiteal infheistithe, lena n-áirítear tacaíocht do bhithmheatán agus do hidrigin d'fhéadfaí tionchar a imirt ar chumas an ghnóilachta a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus tionchar a imirt ar a oibríochtaí, a hionchais agus/nó ar a staid airgeadais.

- Rannpháirtíocht agus comhoibriú gníomhach le húdaráis rialála agus le páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go n-aithnítear agus go dtuigtear riachtanais ghnó.
- Cinneadh PC5 eisithe agus tá liúntais mhaoinithe socraithe go dtí an bhliain 2027.

Ráiteas maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais

Ceanglaítear ar chuideachtaí raon leathan faisnéise airgeadais a thuairisciú sa Tuarascáil Stiúrthóirí leis an Treoir AE maidir le Faisnéis Neamhairgeadais (2014/95), arna trasú le Rialachán (AE) maidir le nochtadh na faisnéise neamh-airgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe, 2017, arna leasú le Rialachán (AE) maidir le nochtadh na faisnéise neamh-airgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe (Leasú), 2018 (“na Rialacháin”). Comhlíonann an Chuideachta an sainmhíniú ar ‘chuideachta infheidhme’ chun críocha na Rialachán. De réir na Rialachán, ceanglaítear ar chuideachtaí a seasamh beartais agus a bhfeidhmíocht a leagan amach i ndáil le cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus fostaí, meas ar chearta daonna, agus ábhair fhrithéillithe agus fhrithbhreabaireachta. Tugtar cuntas ar rioscaí i ndáil leis na hábhair sin sa chuid ‘Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha’ thuas agus taispeántar na PTFanna neamhairgeadais ábhartha sa chuid ‘Príomhtháscairí Feidhmíochta’ thuas. Luaitear gnéithe de shamhail ghnó na cuideachta thuas faoi na ceanteidil ‘Príomhghníomhaíochtaí agus Forbhreathnú ar an gCuideachta’ agus ‘Athbhreithniú ar an nGnó agus Forbairt sa Todhchaí’. Tá cuntas tugtha thíos ar an obair a dhéantar ar fud ár ngnó chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn, in éineacht leis na beartais a chleachtar i réimsí comhshaoil, sóisialta agus ionaid oibre, cearta daonna agus i réimsí na frithbhreabaireachta agus an fhrithéillithe.

Ceanglas Tuairiscithe

| Ceanglas tuairiscithe | Ionad faisnéise | Leathanaigh | Beartais ábhartha | Cur síos ar thoradh na mbeartas sin |
|---|-------------------|-------------|---|---|
| Cúrsaí comhshaoil | <i>Comhshaoil</i> | 24 | <ul style="list-style-type: none"> Beartas Comhshaoil Beartas Fuinnimh | <ul style="list-style-type: none"> Trí na Beartais Chomhshaoil agus Fuinnimh a chur i bhfeidhm cinntítear go mbeidh gach duine a oibríonn thar ceann Líonraí Gáis Éireann freagrach as cloí le ceanglais chomhshaoil agus fhuinnimh agus as caighdeáin arda comhshaoil a bhaint amach. Tríd an mBeartas Comhshaoil a chur i bhfeidhm tugtar aghaidh ar na príomhréimsí mar atá athrú aeráide, bithéagsúlacht, dramhaíl, úsáid acmhainní agus soláthar. Tríd an mBeartas Fuinnimh a chur i bhfeidhm tugtar aghaidh go sonrach ar fheidhmíocht fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh. |
| Ábhair shóisialta agus fostaíthe | <i>Sóisialta</i> | 28 | <ul style="list-style-type: none"> Beartas um fhreagracht chorparáideach Beartas um Chosaint Sonraí Beartas sábháilteachta An beartas um dhínit san ionad oibre | <ul style="list-style-type: none"> Le cur i bhfeidhm an Bheartais ar Fhreagracht Chorparáideach déantar cinnte go gcuirtear Straitéis Líonraí Gáis Éireann ar Fhreagracht Chorparáideach i bhfeidhm. Mar thoradh air sin, rinneadh an Marc do Ghnóthas a bhíonn ag Obair go Freagrach a athdheimhniú, ar aon dul le ISO26000 ón Business in the Community Ireland. Le cur i bhfeidhm Bheartas RGCS, tugtar tacaíocht do Líonraí Gáis Éireann a chuid oibleagáidí maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh. Tá oiliúint RGCS curtha i gcrích ag gach ball foirne agus conraitheoir le tacaíocht ó bhearta leanúnacha traschuideachta. Le cur i bhfeidhm an Bheartais ar Shábháilteacht déantar cinnte go gcuirtear clár cuimsitheach de thionscnaimh sláinte agus fholáine ar fáil ar fud an ghnó. Le cur i bhfeidhm an Bheartais um Dhínit san Ionad Oibre, déantar cinnte nach nglacfaidh Líonraí Gáis Éireann le cineál ar bith bulaíochta, ciaptha ná ciaptha gnéis san ionad oibre féin nó a mbeadh éifeacht acu ar an ionad oibre. Le cur i bhfeidhm an bheartais, déantar iompraíocht den sórt sin a chosc agus a dhíspreagadh agus tá na nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm chun déileáil leis an ábhar i gcás ina a dtarlaíonn sé. |

Na príomhrioscaí agus na príomh-neamhchinnteachtaí agus príomh-mhaoluithe (ar lean)

| Ceanglas tuairiscithe | Ionad faisnéise | Leathanaigh | Beartais ábhartha | Cur síos ar thoradh na mbeartas sin |
|---|---|-------------|--|--|
| Ceartha an duine | <i>Meas ar chearta an duine</i> | 33 | <ul style="list-style-type: none"> Cód iompair Ráiteas ar sclábhaíocht an lae inniu | <ul style="list-style-type: none"> Le cur i bhfeidhm an Chóid Iompair déantar cinnte go ndéanann gach duine atá ag obair le haghaidh nó thar ceann Líonraí Gáis Éireann a gcuid gnó ar bhealach ina léirítear meas ar chearta daonna agus ar dhínit gach duine. Trí bhearta a leagtar amach ina Ráiteas ar an Sclábhaíocht Nua-aimseartha a chur chun feidhme cinntíonn Líonraí Gáis Éireann trédhearcacht ina ghnó féin agus ina chur chuige i dtreo déileáil le sclábhaíocht sa lá atá inniu ann ar fud a chuid slabhraí soláthair agus bíonn sé ag súil leis na caighdeáin arda chéanna óna chuid conraitheoirí, soláthraithe agus páirtithe gnó eile. |
| Frithchalois, frithbhreabaireacht agus frithéilliú | <i>Frithchalois, frithbhreabaireacht agus frithéilliú</i> | 34 | <ul style="list-style-type: none"> Beartas maidir le frithchalois, frithbhreabaireacht agus frithéilliú | <ul style="list-style-type: none"> Tá cur i bhfeidhm an Bheartas Frithbhreabaireachta agus Frithéillithe lárnach maidir le hionracas Líonraí Gáis Éireann, a chlú agus a rath san fhadtárma. Má tharlaíonn breabaireacht ar bith glacfar beart smachta, suas le agus lena n-áirítear briseadh as post. Tá comhlíonadh na mbeartas sin mar chuid de théarmaí na fostaíochta agus mar chuid de na téarmaí chun gnó a dhéanamh lenár gcuid conraitheoirí nó gníomhairí. Le cur i bhfeidhm an bheartais, cinntítear go dtuigeann gach duine lena mbaineann an beartas a bhfuil i gceist le calaois agus cur chuige na Cuideachta ina leith, agus an méid a mbítear ag súil uathu maidir le calaois a chosc agus a thuairisciú. |
| Cur síos | | | | |
| Ceanglais tuairiscithe eile | <i>Samhail ghnó</i> | 04 | | <ul style="list-style-type: none"> Príomhghníomhaíochtaí, forléargas ar an gcuideachta agus samhail ghnó. |
| | <i>PTFanna neamhairgeadais</i> | 08 | | <ul style="list-style-type: none"> Príomhtháscairí feidhmíochta. |
| | <i>-Príomhrioscaí agus dícheall cuí beartais</i> | 11 | | <ul style="list-style-type: none"> Príomhrioscaí agus príomhéiginnteachtaí. |

Bainistíonn Líonraí Gáis Éireann rioscaí maidir le ceartha an duine, ábhair shóisialta agus fostaithe agus frithbhreabaireacht agus frithéillithe ina sheasamh beartais, ina straitéis, ina fheidhmíocht agus ina chinnteoireacht.

Tacsanomaíocht AE

Is córas aicmithe é tacsanomaíocht an Aontais, lena mbunaítear liosta de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhthéacs sé mhórchuspóir comhshaoil:

- Maolú ar an athrú aeráide (“MAA”).
- Oiriúnú don athrú aeráide (“OAA”).
- Acmhainní uisce agus muirí inbhuanaithe agus iad a chosaint (“Uisce”).
- Truailliú a rialú agus a chosc (“Truailliú”).
- Aistriú go geilleagar ciorclach (“Ciorclaíocht”).
- Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú (“Bithéagsúlacht”).

Tacsanomaíocht AE (ar leanúint)

Éilítear le Tacsanomaíocht an Aontais go nochtfar Príomhtháscairí Feidhmíochta (“PTFanna”) a bhaineann le Láimhdeachas, Caiteachas Caipitil agus Speansais Oibriúcháin i ndáil le gníomhaíochtaí a aicmítear mar ghníomhaíochtaí atá “Incháilithe don Tacsanomaíocht”, “Ailínithe le Tacsanomaíocht” agus “Nach bhfuil Incháilithe don Tacsanomaíocht”.

1. Gníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht: Is gníomhaíochtaí eacnamaíochta iad na cinn atá liostaithe sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid (Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún), sa Ghníomh Comhlántach Tarmligthe maidir leis an Aeráid (Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214 ón gCoimisiún), sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an gComhshaoil (Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2486, ón gCoimisiún) agus na leasuithe ar an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid (Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2485 ón gCoimisiún), (“Gníomhartha Tarmligthe AE maidir le Tacsanomaíocht”).

2. Gníomhaíochtaí atá ailínithe le Tacsanomaíocht: I Rialachán (AE) 2020/852, airteagal 3, leagtar amach critéir nach mór do ghníomhaíocht eacnamaíoch a chomhlíonadh chun cáiliú mar ghníomhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (“Ailínithe le Tacsanomaíocht”): Is iad sin gníomhaíochtaí eacnamaíochta atá Incháilithe don Tacsanomaíocht agus lena mbaineann an méid seo a leanas:

- Cloíonn siad leis na critéir maidir le scagadh teicniúil a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht (“ceanglais maidir le cion substaintiúil”),
- Gan dochar suntasach a dhéanamh (“DNSH”) d’aon cheann eile de na cuspóirí comhshaoil.
- Cloí leis na “cosaintí íosta” atá riachtanach lena chinntiú go gcomhlíonfar na caighdeáin agus na treoirlínte idirnáisiúnta seo a leanas: 1. Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta; 2. Treoirphrionsabail na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine; 3. Na prionsabail agus na cearta atá leagtha amach sna hocht gcoinbhinsiún bhunúsacha arna sainaitheint i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail agus Cearta Bunúsacha ag an Obair; agus 4. An Bille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine.

3. Gníomhaíochtaí nach bhfuil Incháilithe don Tacsanomaíocht: Is iad sin aon ghníomhaíochtaí nach gcuirtear síos orthu in Achtanna Tarmligthe an Aontais maidir le Tacsanomaíocht.

Don tréimhse tuairiscithe do dheireadh na bliana 2023, ceanglaítear ar Líonraí Gáis Éireann tuairisciú a thabhairt ar an gcéad dá chuspóir comhshaoil, mar atá MAA agus OAA, i gcomhthéacs a ghníomhaíochtaí atá Incháilithe don Tacsanomaíocht, Ailínithe le Tacsanomaíocht agus Nach bhfuil Incháilithe don Tacsanomaíocht. Chomh maith leis sin, tháinig ceanglais tuairiscithe tacsanomaíochta nua an Aontais i bhfeidhm in 2023 (Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2486 ón gCoimisiún), a bhaineann leis na critéir um Incháilitheacht don Tacsanomaíocht maidir leis na ceithre chuspóir comhshaoil eile, mar atá Uisce, Truailliú, Ciorclaíocht agus Bithéagsúlacht, agus bhreithnigh Líonraí Gáis Éireann iad sin laistigh dá mheasúnú. Tá an toradh air sin leagtha amach thíos.

Gníomhaíochtaí eacnamaíochta a chuireann go mór le maolú ar an athrú aeráide

Measúnú ar an Incháilitheacht don Tacsanomaíocht:

Sainaitheann Maolú ar an Athrú Aeráide mar an cuspóir aeráide is ábhartha do Líonraí Gáis Éireann agus mar sin rinneadh measúnú ar gach gníomhaíocht i gcoinne na gcritéir maidir le scagadh teicniúil don chuspóir comhshaoil sin. Ar an mbealach sin, chinntigh Líonraí Gáis Éireann nach ndéanfar áireamh dúbailte i roinnt cuspóirí comhshaoil.

Tá an gníomhaíocht eacnamaíoch seo a leanas sainaitheanta ag Líonraí Gáis Éireann mar a gníomhaíocht atá Incháilithe don Tacsanomaíocht a bhfuil an acmhainneacht léi cur go mór le cuspóir comhshaoil an MAA:

- Gníomhaíocht 4.14:** Líonraí tarchurtha agus dáileacháin do gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin.

Measúnú ar Ailíniú le Tacsanomaíocht – Gníomhaíocht 4.14:

Critéir um Chion Substaintiúil Comhlíonann gníomhaíochtaí Líonraí Gáis Éireann a thacaíonn le gháis in-athnuaite amhail bithmheatán agus hidrigin a chur in ionad gás nádúrtha, na critéir um chion substaintiúil ábhartha do Ghníomhaíocht 4.14 ar an mbonn go n-áireofar leo:

- gníomhaíochtaí tarchurtha nó dáileacháin gáis lena n-éascaítear méadú ar chumasc hidrigine nó gás ísealcharbóin eile sa chóras gáis; agus/nó
- tacú le gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta a bhaineann le a).

DNSH (Gan dochar suntasach a dhéanamh) Tá measúnú déanta ag Líonraí Gáis Éireann ar a bheartais agus ar a phrósais lena n-áirítear, inter alia, a phlean bainistíochta le haghaidh úsáid uisce agus a phróiseas scagtha comhshaoil, lena chinneadh go gcomhlíonann gníomhaíochtaí atá Incháilithe don Tacsanomaíocht na critéir DNSH do na cuspóirí comhshaoil i ndáil le hUisce, Truailliú agus Bithéagsúlacht.

Ag teacht le ceanglais DNSH an OAA, tá Líonraí Gáis Éireann ag obair chun an measúnú ar riosca fisiciúil agus leochaileacht riachtanach a chur i gcrích. Táthar ag súil le go dtabharfar an obair sin chun críche go luath in 2024 agus measaimid mar sin go gcomhlíonfar na critéir sin, agus mar sin go gcomhlíonfar critéir DNSH ar fud na gcuspóirí comhshaoil infheidhme go léir, inár dtuairisciú do 2024.

Tacsanomaíocht AE (ar leanúint)

Cosaintí íosta Tá measúnú cosanta íosta ar bheartais agus ar phróisis curtha i gcrích ag Líonraí Gáis Éireann ar leibhéal an Ghrúpa lena n-áirítear, inter alia, Ráiteas ar an Sclábhaíocht Nua-aimseartha (2022) agus Beartas Frithchaloise lena chinntiú go gcomhlíonfaidh a ghníomhaíochtaí na caighdeáin agus na treoirlínte sonrath. Rinneadh measúnú ar cheithre ábhar shubstainteacha ábhartha:

- Breabaireacht, sirtheoireacht breabanna agus sracaireacht,
- Iomaíocht Chóir,
- Cánachas,
- Cearta an Duine, lena n-áirítear cearta saothair agus tomhaltóirí.

Ceapann Líonraí Gáis Éireann go bhfuil sé ag cloí go hiomlán leis na cosaintí íosta don chéad 3 ábhar. Mar chuid den mheasúnú ar chosaintí íosta, sainaitníodh gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar chosaintí reatha i ndáil leis an bpróiseas díchill chuí um chearta an duine agus ceapann Líonraí Gáis Éireann go gcloíonn sé go substaintiúil leis na cosaintí íosta don ábhar deiridh.

Boinn tuisceana agus beartais chuntasaíochta

Tá Tacsanomaíocht an Aontais á forbairt i gcónaí, agus d'fhéadfadh sé go n-eascródh léirmhínte, boinn tuisceana agus nochtaí éagsúla ó chuideachtaí maidir le raon feidhme treorach agus cleachtas tionscail atá ag teacht chun cinn. Leanfaimid le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha agus ar ár bpróisis um measúnú le haghaidh tuairiscíú amach anseo.

Níl gníomhaíochtaí oibreoirí bonneagair a bhaineann le hiompar gáis nádúrtha Incháilithe don Tacsanomaíocht. Mar sin féin, tá Gníomhaíocht 4.14: *Líonraí tarchurtha agus dáileacháin do gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin* Incháilithe don Tacsanomaíocht. Agus forbairt leanúnach na ngás in-athnuaite á cur san áireamh, tiocfaidh méadú ar an sciar de ghníomhaíochtaí atá Incháilithe don Tacsanomaíocht agus atá Ailínithe le Tacsanomaíocht le himeacht ama de réir mar a thiocfaidh méadú ar chion an gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin inár líonra.

Dá bhrí sin, agus na PTFanna á ríomh, teastaíonn cleachtadh cionroinnte chun cuntas a thabhairt ar chomhréireacht choibhneasta reatha na ngás in-athnuaite agus ísealcharbóin i gcoinne an gháis nádúrtha, mar a thuairiscítear thíos.

Príomhbhoinn tuisceana agus príomhbheartais chuntasaíochta

| | |
|--------------------------------------|---|
| Láimhdeachas | <ul style="list-style-type: none"> • Réitíonn an láimhdeachas iomlán mar a thuairiscítear laistigh de Thacsanomaíocht an Aontais leis an láimhdeachas a tuairiscíodh i Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Líonraí Gáis Éireann. • Léiríonn láimhdeachas atá Incháilithe don Tacsanomaíocht an t-ioncam a thagann díreach as stáisiúin insteallta bithmheatáin móide an cion de bhithmheatán i gcoibhneas le hídiú gáis nádúrtha (0.11%), arna chur i bhfeidhm ar acmhainn rochtana iomlán tríú páirtí agus ar ioncam tráchtearraí. |
| Caiteachas Caipitiúil (CapEx) | <ul style="list-style-type: none"> • Réitíonn an caiteachas caipitiúil iomlán mar a thuairiscítear faoi Thacsanomaíocht an Aontais le suim na mbreisithe leis an Maoin, Gléasra agus Trealamh agus breiseanna le Sócmhainní Doláimhsithe mar a thuairiscítear i Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Líonraí Gáis Éireann. • Léiríonn an caiteachas caipitiúil atá Incháilithe don Tacsanomaíocht na hinfheistíochtaí iomlána i stáisiúin insteallta bithmheatáin móide an cion de bhithmheatán i gcoibhneas le hídiú gáis nádúrtha (0.11%) a cuireadh i bhfeidhm ar na hinfheistíochtaí caipitiúla iomlána atá fágtha sa líonra gáis. |
| Speansais Oibriúcháin (€) | <ul style="list-style-type: none"> • Léiríonn na speansais oibriúcháin iomlána arna dtuairiscíú faoi Thacsanomaíocht an Aontais na costais dhíreacha neamhchaipitilthe arna dtabhú as seirbhísí laethúil na sócmhainní, arb éard atá iontu den chuid is mó costais deisiúcháin agus chothabhála, móide caiteachas oibriúcháin eile laistigh de raon feidhme thacsanomaíocht an Aontais, lena n-áirítear costais T&F. • Léiríonn speansais oibriúcháin atá incháilithe don tacsanomaíocht na costais dhíreacha sheachtracha agus costas na bhfostaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí bithmheatáin agus hidrigine, móide an cion de bhithmheatán i gcoibhneas le hídiú gáis nádúrtha (0.11%), a chuirtear i bhfeidhm ar an gcaiteachas oibriúcháin iomlán atá fágtha laistigh de raon feidhme thacsanomaíocht an Aontais. |

Láimhdeachas

| Gníomhaíochtaí eacnamaíocha (1) | Cód (Cód) (2) | Dearbh-láimhdeachas (3) | Cion an láimhdeachais (4) | Critéir um chion substaintiúil | | | | | | | Critéir DNSH (Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh) | | | | | | | Allinthe le tacsanomaíocht - cion incháilithe den láimhdeachas, bliain 2022 (18) | Allinthe le tacsanomaíocht - cion incháilithe den láimhdeachas, cumasúcháin catagóire (19) | Gníomhaíocht idirthréimhseach catagóire (20) |
|---------------------------------|---------------|-------------------------|---------------------------|--------------------------------|-------------------------------|-------------------------|--------------------------|-------------------------|--------------------------------|--------------------------------|--|----------------|---------------------------|-------------------------|--------------------|------------|---|--|--|--|
| | | | | Maolú ar an athrú aeráide (5) | Oiriúnú don athrú aeráide (6) | Uisce (7) Truailliú (8) | Geilleagar Ciorclach (9) | An bhithéagsúlacht (10) | Maolú ar an athrú aeráide (11) | Oiriúnú don athrú aeráide (12) | Uisce (13) | Truailliú (14) | Geilleagar Ciorclach (15) | An bhithéagsúlacht (16) | Cosaint íosta (17) | | | | | |
| | | € m | % | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | % | E | T | |

A. GNÍOMHAÍOCHTAÍ ATÁ INCHÁILITHE DON TACSANOMAÍOCHT

A.1. Gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (ailínithe le tacsanomaíocht)

| Láimhdeachas na ngníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (Ailínithe le tacsanomaíocht) (A.1) | Atá ina gcinn Chumasúcháin | Atá ina gcinn Idirthréimhseacha |
|---|----------------------------|---------------------------------|
| 0 | 0% | 0% |
| 0 | 0% | 0% |
| 0 | 0% | 0% |

A.2 Gníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht ach nach bhfuil inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (ní gníomhaíochtaí iad atá ailínithe le tacsanomaíocht)

| Líonraí tairchurtha agus dáileacháin do gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin | 4.14 | 0.17 | 0.03% | EL; N/EL | EL; N/EL | EL; N/EL | EL; N/EL | EL; N/EL | EL; N/EL | EL; N/EL | EL; N/EL | EL; N/EL | EL; N/EL | EL; N/EL | EL; N/EL | EL; N/EL | % |
|--|------|-------|-------|----------|----------|----------|----------|----------|----------|----------|----------|----------|----------|----------|----------|----------|----|
| Láimhdeachas na ngníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht ach nach bhfuil inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (ní gníomhaíochtaí iad atá ailínithe le tacsanomaíocht) (A.2) | 0.17 | 0.03% | | EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | 0% |
| A. Láimhdeachas na ngníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht (A.1+A.2) | 0.17 | 0.03% | | | | | | | | | | | | | | | 0% |

B. GNÍOMHAÍOCHTAÍ NACH BHFUIL INCHÁILITHE DON TACSANOMAÍOCHT

| | | |
|--|---------------|-------------|
| Láimhdeachas na ngníomhaíochtaí nach bhfuil incháilithe don Tacsanomaíocht (B) | 526.90 | 99.97% |
| Iomlán (A + B) | 527.07 | 100% |

Speansas oibriúcháin

| Gníomhaíochtaí eacnamaíocha (1) | Cód (Cóid) (2) | Dearbhspeansas oibriúcháin (3) | Cion an speansas oibriúcháin (4) | Critéir um chion substaintiúil | | | | | | Critéir DNSH (Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh) | | | | | | Cion den speansas oibriúcháin atá aillínithe le tacsanomaíocht 2022 (18) | Gníomhaíocht idirthréimhseach catagóire (20) | | | |
|--|----------------|--------------------------------|----------------------------------|--------------------------------|-------------------------------|--------------------------------|------------------------|-------------|------------|--|------------|------------|------------|------------|------------|--|--|------------|------------|------------|
| | | | | Maoilú ar athrú aeráide (5) | Oiriúnú don athrú aeráide (6) | Acmhainní uisce agus mairí (7) | Geillegar clorlach (8) | Truallú (9) | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | | | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL | Y; N; N/EL |
| A. GNÍOMHAÍOCHTAÍ ATÁ INCHÁILITHE DON TACSANOMAÍOCHT | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| A.1. Gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (aillínithe le tacsanomaíocht) | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Speansas oibriúcháin na ngníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (Aillínithe le Tacsanomaíocht) (A.1) | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Atá ina gcinn Chumasúcháin | | 0 | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | |
| Atá ina gcinn Idirthréimhseacha | | 0 | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | 0% | |
| A.2 Gníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht ach nach bhfuil inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (ní gníomhaíochtaí iad atá aillínithe le Tacsanomaíocht) | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Líonraí tarcurtha agus dáileacháin do gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | 4.14 | 3.66 | 4.71% | EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | N/EL | 0% | |
| Speansas oibriúcháin na ngníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht ach nach bhfuil inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (ní gníomhaíochtaí iad atá aillínithe le Tacsanomaíocht) (A.2) | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | 3.66 | 4.71% | | | | | | | | | | | | | | | | 0% | |
| A. Speansas oibriúcháin na ngníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht (A.1+A.2) | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | 3.66 | 4.71% | | | | | | | | | | | | | | | | 0% | |
| B. GNÍOMHAÍOCHTAÍ NACH BHFUIL INCHÁILITHE DON TACSANOMAÍOCHT | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Costais oibriúcháin na ngníomhaíochtaí nach bhfuil incháilithe don Tacsanomaíocht (B) | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | 74.10 | 95.29% | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Iomlán (A + B) | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | 77.76 | 100% | | | | | | | | | | | | | | | | | |

Inbhuanaitheacht

Mar cheann de na cuideachtaí fóntais is mó in Éirinn, tá ár straitéis inbhuanaitheachta bunaithe ar an ról atá againn fuinneamh sábháilte, inacmhainne agus glan a sholáthar d'Éirinn san am atá le teacht. Leis sin a bhaint amach, ní mór dúinn ár líonra a dhíchárbónú agus astaíochtaí a laghdú sna hearnálacha ar fad i sochaí na hÉireann.

Mar chaomhnóirí ar líonra bunriachtanach gáis náisiúnta na hÉireann atá 14,725km ar fad, ar le muintir na hÉireann é, tá sé mar aidhm againn ár seirbhís a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe lena chinntiú go gcuirfimid le cosaint an chomhshaoil agus go dtacóimid ag an am céanna le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na bpobal ina n-oibrímid, chomh maith leis an ngeilleagar i gcoitinne.

Tá an inbhuanaitheacht ina colún ríthábhachtach dár straitéis ghnó, agus leanaimid den inbhuanaitheacht a leabú inár straitéis agus inár gcuspóir. Oibrímid i ndlúthchomhar lenár bpáirtithe leasmhara agus táimid tiomanta do bheith trédhearcach faoinár bhfeidhmíocht ó thaobh na hinbhuanaitheachta de. Tá ár gCreat Inbhuanaitheachta bunaithe ar na trí cholún – Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas agus tacaímid le sé cinn de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna NA).

Chun ár dtiomantas don inbhuanaitheacht a chur chun cinn, déanann ár bhFoireann Inbhuanaitheachta thiomnaithe cleachtais oibre inbhuanaithe a leabú ar fud an ghnó agus tacaíonn siad le forbairt agus le seachadadh ár straitéise inbhuanaitheachta ar fud na gcolún eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil.

Cuimsítear leis an inbhuanaitheacht ag Líonraí Gáis Éireann tacú le sláinte agus le folláine ár bhfostaithe san ionad oibre agus dul i bhfeidhm ar bhealach dearfach ar na pobail ina mbímid ag obair. Is ábhar bróid don Chuideachta é go bhfuil sé i measc na 39 cuideachta in Éirinn ag a bhfuil séala an Ghnó ag Obair go Freagrach atá ailínithe leis an gcaighdeán ISO26000 i gcomhair na Freagrachta Sóisialta.

Áirítear le héachtaí suntasacha in 2023;

- Leanadh lenár dtuarascáil bhliantúil inbhuanaitheachta, “Sustainability in Action”, a fhoilsiú ina leagtar béim ar dhul chun cinn maidir le prionsabail Spriocanna Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme. Tá an tuarascáil ailínithe leis an gCaighdeán um Thionscnamh um Thuairisciú Domhanda maidir le tuairisciú Inbhuanaitheachta.
- Rannpháirtíocht san Ardán Nochta Carbóin den ceathrú huair.
- Bronnadh rátáil A- CDP ar Líonraí Gáis Éireann maidir leis an athrú aeráide lena dtaispeántar go bhfuilimid ag déanamh beart comhordaithe maidir leis an athrú aeráide. Bronnadh A- orainn freisin maidir lenár Rátáil Rannpháirtíocht Soláthraí CDP le haghaidh 2023.
- Choinníomar ár ndeimhniú leis an Marc do Ghnóthas a bhíonn ag Obair go Freagrach, caighdeán atá ailínithe leis an gCaighdeán maidir le hInbhuanaitheacht Shóisialta ISO26000.
- Choinníomar ár ndeimhniú le chúig Chóras Bainistíochta ISO: Córas Bainistíochta Comhshaoil ISO14001, Bainistíocht Fuinnimh ISO50001, Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde ISO45001, Córas Bainistíochta Cáilíochta ISO9001 agus Bainistíocht Sócmhainní ISO55001.
- Chuireamar os cionn 15,000 crann coillearnaí dúchasach Éireannach ar ár láithreáin féin agus ar spásanna poiblí.
- Bhuamar Gradam LAMA don “Tionscadal FSC is Fearr i bPobal 2023”.
- Thacaíomar le 93 tionscadal pobail agus soláthraíomar €251,005 mar thacaíocht airgeadais.
- D'fhaomh an Bord ár Straitéis Inbhuanaitheachta athbhreithnithe.
- Thug an Bord ár gconair faoileoireachta dícharbónaithe chun críche agus d'fhaomh an Bord é.

Comhshaol

Má dhéantar infheistíocht sna córais agus próisis bainistíochta sócmhainní is fearr, cuirfear le feidhmíocht bhreisithe sócmhainní líonra agus leis an éifeachtúlacht fuinnimh. Sa bhliain 2023, bhain Líonraí Gáis Éireann deimhniú amach arís do ISO14001 agus ISO50001, agus do chórais ISO ISO45001, ISO55001 agus ISO9001 chomh maith.

Timpeallachta (ar leanúint)

Tá Líonraí Gáis Éireann i ndiaidh cur chuige atriallach ilbhliantúil a ghlacadh chun tionchar a ghníomhaíochtaí gnó ar an gcomhshaol a laghdú. Ar na buaicphointí suntasacha san aistear seo bhí Córas Bainistíochta Comhshaoil a chur i bhfeidhm (arna dheimhniú chuig ISO14001) go rathúil in 2012, an deimhniú don Chóras Bainistíochta Fuinnimh (ISO50001) a bhaint amach in 2014 agus a bheith ar cheann de na chéad chuideachtaí sa tír Caighdeán ISO55001 maidir le Córais Bainistíochta Sócmhainní a bhaint amach in 2015.

Lean an chuideachta leis an Tuarascáil Bhliantúil Inbhuanaitheachta a fhoilsiú i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe sa bhliain 2023, ina ndéantar achoimre ar an dul chun cinn atá déanta maidir le prionsabail na forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme ar fud gach gné dár n-oibríochtaí.

In 2023 leanamar le díriú ar réimsí lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa (GCT)/bainistiú carbóin, dramhaíl, fuinneamh agus soláthar. Rinneamar staidéar freisin ar charbón corpraithe i ndearadh sibhialta chomh maith le dlús a chur lenár samhltú cásanna athraithe aeráide agus measúnú riosca don eagraíocht.

Rinneadh ár bhfardal GCT a dhearbhu go neamhspleách de réir sonraíochtaí ISO14064-3:2019, agus treoir i taca le Ráitis ar Ghás Ceaptha Teasa a bhailíochtú agus a dhearbhu.

Leanann an fhoireann inbhuanaitheachta le cur chuige comhtháite agus straitéiseach a chur chun cinn maidir le bainistíocht comhshaoil agus fuinnimh ar fud an ghnó agus an bhoinn sócmhainní. Cuidíonn uirlisí deartha intí saincheaptha agus treoir maidir leis an gcomhshaol lenár ndearthóirí, pleanálaithe agus com maidir le bainistíocht comhshaoil ghleacaithe oibríochtaí cur chuige caighdeánaithe a chur i bhfeidhm.

An Bhithéagsúlacht

Cumhaítear i mbithéagsúlacht na hÉireann idir orgánaigh bhideacha a fheabhsaíonn ár n-ithreacha agus a phailníonn ár mbarra, agus ainmhithe agus phlandaí níos mó a rialaíonn ár lotnaidí, a sholáthraíonn linnte carbóin agus cosaint ar thuilte. Cuireann siad go léir seirbhísí luachmhara éiceachórais ar fáil agus is cuid riachtanach den inbhuanaitheacht iad agus tá siad á gcur i mbaol le tionchar ghníomhaíochtaí an duine.

Tá líonra mór bonneagair faoin talamh againn, mar aon le breis is 200 suiteáil os cionn na talún agus suíomh oifige, agus aithnímid ár ról agus ár bhfreagracht chun freagairt agus chun gníomhú le bithéagsúlacht na hÉireann a chosaint agus a athchóiriú. Aithnímid freisin go bhfuil an acmhainn ann gnáthóga a thacaíonn le pailneoirí a chruthú ar fud na tíre agus ár n-eolas a roinnt le gnólaigh eile.

Tá roinnt gealltanais thábhachtacha inár nGealltanais ‘Síolta ar son an Dúlra’, a síníodh in 2019: bainistíocht a dhéanamh ar ár mbonneagar, ár sócmhainní agus ár suíomhanna oifige go léir (in Éirinn agus in Albain araon) chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta ar son na Bithéagsúlachta, chun an cur i bhfeidhm sin a mhéadú agus chun tús áite a thabhairt dó.

Is comhpháirtí gnó muid den Phlean Uile-Éireann um Phailniú agus den Ghlaó ar Ghníomhaíocht dhomhanda de chuid Business for Nature lena n-éilítear gníomhaíocht uailmhianach agus chomhchoiteann ar an dúlra. Mar chuid dár Straitéis Inbhuanaitheachta athbhreithnithe, shainaithníomar an Bhithéagsúlacht mar cheann dár bpríomhthosaíochtaí. nLe linn 2023, thug Líonraí Gáis Éireann faoi bhainistíocht oiriúnach do pailneoirí ar fud líonra ár láithreán nuair ba chúig agus cur chun feidhme ár Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht. Leanamar orainn leis na gníomhartha a ghlacadh chun ár n-aidhmeanna a chur i gcrích, eadhon;

- Leanúint le bearta bithéagsúlachta a fhorbairt agus a leabú inár ngnó.
- Tacú lenár mbaill foirne chun an Plean Gníomhaíochta don Bhithéagsúlacht a sholáthar.
- Leanúint ag oibriú lenár gcomhghleacaithe agus ag oibriú lenár bpobail ar thionscnaimh bhithéagsúlachta.
- Oibriú i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara chun rath bithéagsúlachta níos leithne a bhaint amach.
- Ár ngealltanais bhithéagsúlachta a urramú trí dhea-chleachtas bithéagsúlachta a chur chun feidhme.
- Féachaint le glanthonchar dearfach a bheith againn ar an mbithéagsúlacht inár n-oibríochtaí agus inár dtionscadail bhonneagair ar fad faoi 2025.

D'fhorbair Líonraí Gáis Éireann modheolaíocht suirbhé bonnlíne bithéagsúlachta eolaíoch agus in-athdhéanta dár láithreáin. Maidir leis an modh, féachtar ar chineál, méid agus bail na gnáthóige agus sanntar scór leis. Tá sé i gcomhréir le simplíocht éiceolaíoch fhormhór ár láithreán ionas go mbeidh sé praiticiúil é a chur i bhfeidhm. Trí bhonnlíne a shocrú, ní hamháin gur féidir linn an bhithéagsúlacht atá ar ár láithreáin cheana a chosaint agus a chaomhnú ach is féidir linn dul i mbun oibre chun an acmhainneacht le tuilleadh feabhais a chur ar an mbithéagsúlacht a shainaithint.

Timpeallachta (ar leanúint)

In 2023, chríochnaíomar scóir bhonnlíne bithéagsúlachta, agus d'oibríomar chun níos mó láithreán a uasghrádú le feabhas a chur ar a mbithéagsúlacht. Cuirtear na suirbhéanna agus na pleananna in iúl dár bhfoirne pleanála, deartha, tógála agus oibríochtaí a chuidíonn le bithéagsúlacht a leabú inár gcultúr, inár bpróisis agus inár nósanna imeachta.

In 2023, leanamar leis an bPlean Gníomhaíochta don Bhithéagsúlacht de chuid Líonraí Gáis Éireann a bheachtú ina leagtar amach an ghníomhaíocht atá le déanamh ag an ngnólacht chun cuidiú lena Ghealltanais Bhithéagsúlachta a bhaint amach. I measc samplaí de ghníomhaíochtaí a rinneadh in 2023 tá roinnt cláir nuálacha chun tacú lenár bhfostaithe agus lenár gcomhpháirtithe conarthacha lenár gcuspóirí bithéagsúlachta a bhaint amach. Mar shampla, tá ár dtreoirilínte a forbraíodh le déanaí maidir le Tírdhreachú le haghaidh Bithéagsúlachta ag láithreáin Líonraí Gáis Éireann curtha i bhfeidhm i ngach dearadh tionscadail nua i gcás ina bhfuil sé praiticiúil déanamh amhlaidh, agus le linn oibreacha oibríochtúla, mar shampla, fála sceach nó crainn a athchur. D'fhorbraíomar Ceadúnais Leagtha Crann agus Baint Fála GNI, trínar féidir linn crainn nó fála nach mór a bhaint a rianú, agus Uirlis 'TreeSearch' Carbóin chun acmhainn ceaptha carbóin na gcrann atá á mbaint a ríomh agus a chinntiú go ndéanfar dóthain speicis dhúchasacha Éireannacha a athchur ina n-áit.

Rinneadh tionscadal amháin díobh sin inár AGI nua i mBaile Dhromann gar do Lusca, Co. Is é is cuspóir don tionscadal sin an scór bithéagsúlachta ag an láithreán a mhéadú trí roinnt gnáthóga éagsúla a sholáthar lena n-áirítear móinéir fhliucha, locháin, fála sceach agus conairí ialtóg. Tomhaiseadh bithéagsúlacht roimh an tionscadal lena n-áirítear suirbhé éan chun an bhonnlíne bithéagsúlachta a shuí. Tógadh trí linn mhóra agus i mí na Samhna 2022, tugadh Ceadúnas Foraoisithe dúinn chun go bhféadfaí an tionscadal a chur i gcrích. In 2023, cuireamar os cionn 14,000 crann coillearnaí dúchasach Éireannach san AGI. Déanfar an láithreán a bhainistiú don fhiadhúlra trí ligean don choillearnach fás agus é a chosaint ó chur isteach. Déanfar scóráil bithéagsúlachta a thomhas arís i gceann cúpla bliain lena fheiceáil conas a chuaigh na hathruithe sin i bhfeidhm air.

Feasacht faoi bhithéagsúlacht a chur chun cinn

Rinneamar iarracht ghníomhach feasacht faoi bhithéagsúlachta a chur chun cinn sa phobal trí thionscnaimh oideachais agus urraíocht foilseachán.

Chun seachtain na Bithéagsúlachta a cheiliúradh i mí na Bealtaine, rinne Líonraí Gáis Éireann urraíocht ar éascú siúlóidí dúlra Midlands Science ar son Scoil Chroí Naofa agus Scoil Náisiúnta Rath Airne san Iarmhí - i measc gníomhaíochtaí na bpáistí ar an tsiúlóid bhí aird a tharraingt ar na crainn, plandaí, ainmhithe agus feithidí ar tháinig siad orthu, samplaí a bhailiú chun anailís a dhéanamh orthu níos déanaí, agus foghlaim faoi roinnt speicis flóra agus fána feadh na siúlóide agus plé agus iniúchadh a spreagadh. Bhí ríméad orainn tacú leis an tionscnamh seo agus suim á cothú againn san Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM) agus bithéagsúlacht do dhaoine óga.

Ar Oíche Chultúir, nochtadh an chéad mhúrmhaisiú bithéagsúlachta as ceithre cinn atá á n-urrú againn i scoileanna i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath i Scoil Aiséirí Chríost i gCorcaigh. Is éard a bhí i gceist lenár dtacaíocht ná beocht a chur i múrmhaisiú bithéagsúlachta bríomhar, sárshaothar a dhear na páistí scoile cumasacha iad féin. Is léiriú álainn é ar mhadráí uisce draíochtacha na Bríde, comhartha de chaomhnú fiadhúlra áitiúil. Cuireann an tionscnaimh seo le tiomantas na scoile maidir le hoideachas agus feasacht chomhshaoil agus tacaíonn sé lenár bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht féin.

Chun Seachtain na hOidhreachta a cheiliúradh sa bhliain 2023, rinneamar óstáil ar dhá imeacht "Siúlóid Ialtóige" i láithreáin i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh dár mbaill foirne, teaghlaigh agus cairde chun foghlaim faoi ialtóga iontacha a thugann cuairt ar ár AGIanna istóiche agus an tábhacht a bhaineann leis na gnáthóga sin a chaomhnú chun pobail ialtóg Éireannach a chosaint.

I measc tionscnaimh eile bhí siúlóid bhithéagsúlachta i gCorcaigh do pháistí scoile agus maoiniú láithreáin neadaithe do thionscnaimh gabhlán gaoithe agus pocairí gaoithe.

In 2023, leanamar lenár n-urraíocht bhliantúil i gcomhair fhorlónadh inbhuanaitheachta an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta san Irish Examiner. In ábhar na bliana seo, "Bithéagsúlacht i mBun Gníomhaíochta", díriodh ar fheasacht a spreagadh ar bhithéagsúlacht agus ar ghnáthóga na hÉireann, agus ar an tábhacht a bhaineann le caomhnú agus taifeadh speiceas.

'Leave no trace'

Leanamar lenár gcomhpháirtíocht le 'Leave No Trace' in 2023. Tionscnamh is ea an clár 'Leave No Trace Hot Spot' atá deartha chun aghaidh a thabhairt ar cheantair a dtéann gníomhaíochtaí faoin aer agus úsáid throm i gcion orthu ionas gur féidir iad a athchóiriú agus a fhás arís, rud a théann chun leas na bithéagsúlachta agus an phobail áitiúil.

Timpeallachta (ar leanúint)

Go tábhachtach, leis an gclár freisin teagasctar do dhaoine conas cinní freagracha a dhéanamh agus iad ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí lasmuigh, chun braistint maoirseachta don domhan nádúrtha agus tuiscint ar conas a lorg carbóin a laghdú a chothú.

Leanamar lenár gcuid oibre ag Anaclann Dúlra Thuirbhe agus Teophointe Inbhear Bhaile Roiséir i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath, gar dár n-oifig i mBaile Átha Cliath. D'éirigh lenár bhfoireann agus le baill áitiúla den phobal breis agus 600 crann a chur ar an láithreán le linn Sheachtain Náisiúnta na gCrann le 'Leave no Trace' agus Comhairle Contae Fhine Gall.

Rinneamar cleachtadh comhoibríthe le 'Leave No Trace' agus lenár gconraitheoirí chun an fásra atá ag fás thart ar na crainn óga inár n-AGI Baldrumman i Lusca, tuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath a shatailt chun cuidiú leo fás go maith agus tuilleadh solais a thabhairt do chrainn óga, mar a theastaíonn ónar bplean bainistíochta foraoiseachta. Chuidigh an cleachtadh le feachtas faoin mBithéagsúlacht agus ar SDGanna na NA a mhúscailt i measc ár bhfostaithe féin agus i measc ár gconraitheoirí.

Tríd an gcineál sin gníomhaíochta a dhéanamh, léiríonn Líonraí Gáis Éireann ár dtiomantas do thábhacht na bithéagsúlachta a chur chun cinn, ní hamháin i measc ár bpáirtithe leasmhara ach lenár gcomhghleacaithe agus leis na pobail ina n-oibrímid.

Laghdú Dramhaíola

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta do dhramhaíl a laghdú chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach. Déantar PTFanna míosúla a thaifeadh agus a thuairisciú, agus tá sé mar sprioc mheántéarmach ag an gCuideachta nach mbeidh aon dramhaíl le seoladh acu go láithreáin líonta talún faoin mbliain 2025. Déanaimid iniúchóireacht ar ár soláthraithe dramhaíola chun an cleachtas oibríochta a mheasúnú agus lena chinntiú go gcloífear le caighdeáin Líonraí Gáis Éireann. Tuairiscíonn ár soláthraithe seirbhíse, lena n-áirítear ár dá phríomhchonraitheoir, go míosúil freisin ar a gcuid PTFanna dramhaíola agus féachann siad freisin le sprioc Líonraí Gáis Éireann maidir le díothú dramhaíola i líonadh talún faoi 2025 a bhaint amach.

Fuinneamh

Is rannpháirtí gníomhach muid i dtionscnamh Monatóireachta agus Tuairiscithe san Earnáil Phoiblí de chuid an Rialtais.

I measc na mbeart chun coigilteas fuinnimh a bhaint amach tá méadrú agus tiomáint éifeachtúlachta fuinnimh atá ar siúl ag gach suíomh oifige mar aon le hathsholáthar réiteach neamhéifeachtúil soilsithe agus téimh. Tá feithiclí éifeachtach curtha in ionad an fhílít feithiclí neamhéifeachtacha níos sine atá faoi réir nósanna imeachta agus cláir iniúchta feabhsaithe chun feachtas fostaithe ar ídiú breosla a mhéadú. Má dhéantar athchóiriú ar fhoirgnimh na cuideachta amach anseo, cuirfear an inbhuanaitheacht san áireamh agus beidh áit lárnach ag an éifeachtúlacht fuinnimh agus an mbainistíocht acmhainní in aon deardh don uasghrádú. Mar shampla, in 2023, chuireamar tús le hoibreacha chun ár bhfoirgneamh i mBaile Átha Cliath a uasghrádú. Áireofar bearta éifeachtúlachta fuinnimh mar chuid de na hoibreacha uasghrádaithe.

Sa bhliain 2023, bhí an feachtas 'Úsáid Níos Lú' ina thionscnamh marthanach taobh istigh den Chuideachta. Éascaíonn ár nGrúpa Oibre Fuinnimh agus Astaíochtaí iarrachtaí dírithe, atá déanta suas go straitéiseach de chomhaltaí de phríomhchinnteoirí agus bainistíocht shinsearach. Leis an ardán comhoibríoch seo, cuirtear ar ár gcumas ár straitéisí a ailíniú, tiomantais a leagan amach agus dul chun cinn a rianú i dteannta a chéile. Déantar Iniúchtaí Fuinnimh chun sinn a ullmhú le léargais thábhachtacha d'fhonn ár straitéisí éifeachtúlachta a bheachtú níos mó. Sheolamar fóram do bhaill foirne freisin chun eolas agus smaointí a roinnt maidir le hídú fuinnimh a laghdú.

Astaíochtaí GCT agus feidhmíocht carbóin

Táimid tiomanta d'áit lárnach a thabhairt do na prionsabail maidir leis an inbhuanaitheacht agus an dícharbónú sna cinní gnó agus an straitéis a dhéanaimid. Sa bhliain 2018, chláraíomar ar an nGealltanas Ísealcharbóin, Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI) do ghnóthais na hÉireann chun am agus acmhainní a infheistiú in oibríocht níos inbhuanaithe a chruthú, trí bheith níos éifeachtúla ó thaobh an fhuinnimh de agus úsáid carbóin a laghdú. Cuireann cuideachtaí sínithe ceanglas orthu faoin méid seo a leanas:

- Taifead a dhéanamh ar a Lorg Carbóin iomlán, astaíochtaí carbóin díreacha (Scóip 1 agus 2) indíreacha (Scóip 3) araon.
- Astaíochtaí carbóin a laghdú ionas go mbeadh siad freagrach go díreach as (Scóip 1 agus 2), chomh maith lena ról a ghlacadh maidir le astaíochtaí a laghdú ar fud a slabhra soláthair (Scóip 3).
- A ndul chun cinn aonair a thuairisciú, agus i dteannta a chéile chomh maith trí Thuarascáil Bhliantúil Ísealcharbóin BITCI.
- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar a spriocanna laghdaithe carbóin (SLCanna) ionas go mbeidh siad ag teacht leis an Eolaíocht Aeráide is déanaí.

Timpeallachta (ar leanúint)

B'ionann gás breosla a úsáideadh inár stáisiúin chomhbhrúiteora in Albain agus ~55% dár n-astaíochtaí Scoip 1. Déanfar gás a dhó inár dtuurbíní stáisiúin chomhbhrúiteora chun an gás a iompar de réir brúnna riachtanacha. Baineann ídiú gáis breosla, agus dá bhrí sin an lorg carbóin (TCO₂e) inár stáisiúin chomhbhrúiteora chun críche dócháin agus scaoilte, leis an tréchar sna stáisiúin chomhbhrúiteora (a bhaineann go díreach le soláthar dúchasach gáis ó gháscheantar na Coiribe). Agus laghdú ag teacht ar gháscheantar na Coiribe agus tuilleadh gáis ag teastáil chun dul trí Mhofad (Moffat), táthar ag súil le go leanfar leis an méadú ar riachtanas gáis féinúsáide Stáisiún Comhbhrúiteora Cois Cladaigh na hAlban (agus Astaíochtaí Iomlána TCO₂ e).

Sóisialta

Dírímid ar ár ngníomhaíochtaí sóisialta inbhuanaithe timpeall na bpobal ina bhfreastalaímid orthu, ár láthair oibre agus ár n-áit mhargaidh, agus an timpeallacht a thugaimid cosaint di.

Sa bhliain 2023, bhain Líonraí Gáis Éireann deimhniú amach arís don Mharc 'Gnó ag Oibriú go Freagrach', marc atá bunaithe ar ISO26000, ó Ghnó sa Phobal in Éirinn (BITCI). Is é an Marc an t-aon chaighdeán Freagrachta Corparáidí agus Inbhuanaitheachta in Éirinn atá iniúchta go neamhspleách. Mar cheann de shealbhóirí an Mhairc, is ball muid den Ghrúpa Ceannairí Inbhuanaitheachta agus is comhchathaoirleach muid de Ghrúpa an Gheilleagair Ísealcharbóin.

Bronnadh gradam ar Líonraí Gáis Éireann as "Tionscadal CSR is fearr i bPobal 2023" ag Gradaim Phobail agus Chomhairle na hÉireann LAMA maidir lenár dtionscnaimh rannpháirtíochta scoile, lena n-áirítear Junior Achievement 'Fuinnimhigh', BITCanna, Ireland's Time to Count agus Saol na hOibre, rannpháirtíocht le I Wish agus Eolaí Óg BT agus imeachtaí le linn sheachtain na heolaíochta agus sheachtain na bithéagsúlachta. Ainmníodh Líonraí Gáis Éireann mar iomaitheoir sa bhabhta ceannais in dhá chatagóir de na gradaim don Soláthar Inbhuanaithe — An Tionscadal Soláthair is Glaise den Bhliain agus Tionscadal Soláthair na Bliana de chuid na hEarnála Poiblí, Leathstáit nó Rialtais. Lainseáladh na gradaim seo in 2010, agus soláthraíonn siad ardán a dhéanann ceiliúradh ar na tionscadail is éachtaí agus is ceannródaí thar 12 mhí anuas agus na foirne a bhíonn á stiúradh.

| | 2023 | 2022 |
|---|--------------------------------------|-------------------------|
| Príomhtháscairí feidhmíochta sóisialta | | |
| Uaireanta an chloig ar bhonn deonach | 1,262 | 618 |
| Obair dheonach ar chlár | 1 fhostaí amháin as 5 fhostaí | Fostaí amháin as naonúr |

* Bhí an méadú ar uaireanta an chloig ar bhonn deonach in 2023 i gcomparáid le 2022 mar thoradh ar earcú gníomhach oibríthe deonacha nua agus leathnú an chláir le deiseanna nua. Is é sin, Wheelmap, Big Knit de chuid innocent smoothies, agus éascú inmheánach Team Days.

Ár gcomhghleacaithe

Is í an phríomhaidhm atá againn ná go mbeidh na daoine a oibríonn i Líonraí Gáis Éireann den tuairim gur áit den scoth le hobair ann é Líonraí Gáis Éireann, agus go mbeidh taithí shuibhríthe, dhúshlánach agus shásúil ag gach fostaí a thagann chun na hoibre gach uile lá. Mar chomhlacht, táimid tiomanta d'éisteacht lenár bhfoireann i mbealaí éagsúla, lena n-áirítear suirbhéanna rannpháirtíochta, trínár bhfóiraim fhostaithe agus clár de rannpháirtíochtaí agus cumarsáid cheannaireachta déthoiseacha. Trí leanúint de bheith ag éisteacht agus aghaidh a thabhairt ar réimsí atá tábhachtach dár ndaoine, táimid ábalta bearta dearfacha a dhéanamh chun dul i bhfeidhm ar ár gcultúr, chun feabhas a chur ar an dóigh a ndéanaimid rudaí agus an dóigh a mbímid ag tacú lenár ndaoine. Tá sé d'aidhm againn timpeallacht a chruthú ina mothaíonn gach duine dár bhfoireann go gairmiúil agus go pearsanta go bhfuil ról fiúntach acu.

Dhírigh 2023 ar bhealaí nua oibre a scagadh agus a fheabhsú agus an cultúr eagraíochtúil a leabú tuilleadh trí luachanna eagraíochtúla a athnuachan, chomh maith le cruinnithe faisnéise rialta don fhoireann ar fad, cruinnithe comhstádaí dírithe, fóiraim mhíosúla fhostaithe agus seisiúin faoi stiúir saineolaithe ar réimsí a bhfuil fócas ar leith acu ann. Ina theannta sin, tháinig forbairt ar ár mbealaí cumarsáide inmheánacha in éineacht lenár gclaoclú digiteach ar an ionad oibre, rud a d'fhág go raibh sé níos éasca agus níos tapúla cumarsáid a dhéanamh lenár gcomhghleacaithe. Leanadh den fhorbairt ar ár gcur chuige rannpháirtíochta fhostaithe agus in 2023 rinneamar dul chun cinn ag leibhéal na heagraíochta agus na foirne áitiúla araon. Áiríodh leis seo torthaí láidre ag deireadh na bliana, d'fhreastail breis agus 75% den eagraíocht ar gach ceann dár gcuid Athbhreithnithe Ráithiúla Gnó agus ár nGradaim Daoine an-rathúil i mí Dheireadh Fómhair.

Sóisialta (ar leanúint)

Ceann de na réimsí a ndírímid go leantach air is ea folláine ár bpobail. Is éard atá sa Time to Talk ná clár Meabhairshláinte eagraíochtúil dár gcuid a bhfuil mar aidhm aige cur chuige struchtúrtha i leith tionscnamh maidir le meabhairshláinte inár n-ionad oibre sna blianta amach romhainn. Leanadh d'fhorbairt an chlár seo in 2023, le tacaíocht bhreise dár gcuid garchabhróirí meabhairshláinte, clár sainiúil cumarsáide dár gcomhghleacaithe san Fhórsa Allamuigh agus eagraíodh imeachtaí iomadúla chun feasacht a mhúscailt agus chun spás a sholáthar do chomhráite agus chun díriú ar Fholláine agus Sláinte Mheabhrach. Teastaíonn uainn go mbeidh tuiscint ag ár bhfoireann ar thábhacht na meabhairshláinte, agus go nglacfaidh siad am chun díriú uirthi, agus chun labhairt agus éisteacht lena chéile fúithi. Leanamar orainn le soláthar tionscnaimh shláinte agus folláine eile lena n-áirítear feasacht ar chothú, seisiúin feasachta i leith ailse, clár chorpacmhainne agus seisiúin aireachais.

Sa bhliain 2023, tháinig fás níos mó ar chlár ibelong de chuid Líonraí Gáis Éireann, clár Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe, lena n-áirítear bunú Ghrúpa Acmhainne Fostaithe (GAF), an Ghrúpa Néara-éagsúlachta & Cumais, is é seo an 5ú GAF ar fud na cuideachta. D'éirigh go hiontach le seoladh an ghrúpa i mí Bealtaine 2023, agus bhí an lucht freastail ba mhó i láthair ag imeacht de chuid ibelong ag an seoladh sin. Bhí an-bhliain ag an gcomhairle Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe agus ag na GAFanna agus imeachtaí iomadúla acu i gcaitheamh na bliana lena n-áirítear Féile Bhróid, Holi, Eid, Lá Idirnáisiúnta na mBan agus mí Feasachta na hÉagsúlachta Domhanda gan ach sciar beag acu a lua. Ina theannta sin, sheol na grúpaí ár gclár 'Cluin M' Ainm' agus rinne siad dul chun cinn suntasach maidir leis an togra Malartú Saoire Cultúrtha agus lenár mbeartas Meanapáis, a sheolamar go luath in 2024. Chomh maith leis sin, rinneamar roinnt dul chun cinn inár mBearna Fáid idir na Hlnscne, atá faoi thionchar ár gclár ibelong, ár gclár forbartha ban agus ár gclár luathoideachais STEAM agus gairm bheatha a leanfaidh ar aghaidh sna blianta amach romhainn. Is príomhréimse tosaíochta é fás na gclár seo agus an straitéis Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe leanúnach ar fud na heagraíochta.

I rith 2023, d'éirigh linn líon suntasach earcaíochta a thabhairt chun críche chun a chinntiú go raibh gach réimse gnó, scileanna agus cumas i bhfeidhm ar fud an chomhlachta. Líonamar os cionn 200 ról i rith na bliana trí mheascán d'earcaíocht inmheánach, earcaíocht sheachtrach le taithí, iontógálacha céimithe agus coláistí agus printíseachtaí. Mar chuid de sin, cuireadh tús le glacadh ár gCéimithe nua i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tháinig 15 chéim nua isteach san eagraíocht ar chlár 2 bhliain ar fud ár ndisciplíní STEAM. Tá ár gclár Printíseachta agus larchéime an-tábhachtach chun ár gcroí-scileanna agus ár gcroí-chumais a chothú agus a fhás ar mhaithe lenár líonra san am atá le teacht.

Leanaimid le hinfheistiú i bhforbairt ár bhfoirne le go leor clár forbartha seachadta le linn 2023 lena n-áirítear ár gclár oiliúna teicniúla, clár forbartha saincheaptha éagsúla lena n-áirítear forbairt ban, forbairt ceannaireachta agus bainistíochta agus clár féincheannaireachta agus ár gcuid tacaíochtaí breisoideachais.

Pobal

Gné bhunriachtanach dár ngnóthaí a chur i gcrích go héifeachtach is ea caidreamh láidir a chruthú sna pobail ina mbímid ag feidhmiú. Mar sin, ní mór dúinn infheistíocht a dhéanamh i ndaoine, ina gcuid riachtanas, sna rudaí a bhfuil spéis acu iontu agus sa saol atá rompu. Sna croí-chláir phobail atá againn, díreann ar fheasacht comhshaoil agus ar phríomh-réimís an chuimsithe shóisialta, an t-oideachas, an infhostaitheacht agus an inrochtaineacht.

Oideachas

Soláthraíonn Líonraí Gáis Éireann roinnt clár san Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta, Ealaíon, agus Matamaitice (ETIEM) le linn na bliana acadúla, mar aon le béim ar leith ar mhná a chur chun cinn i ról ETIEM agus innealtóireachta. Táimid ag déanamh gach dícheall oideachas comhshaoil a chur chun cinn trínár gcomhpháirtíocht le Leave No Trace Ireland.

Energize

Sa bhliain 2023, leanamar lenár gclár oideachais ETIEM, 'Fuinnmhígh', i gcomhpháirtíocht le Junior Achievement Ireland i mbunscoileanna ar fud na tíre.

Áirítear leis an gclár 'Fuinnmhígh' anois modúl inbhuanaitheachta, agus spreagann sé spéis na mac léinn i ngníomhú ar son na haeráide, agus forbairt inbhuanaithe. Bhí 2023 ar an 13ú bliain dár gcomhpháirtíocht le Junior Achievement Ireland agus breis agus 400 ball foirne ó Líonraí Gáis Éireann ag obair ar bhonn deonach go dtí seo, iad ag obair le breis agus 30,000 dalta ar fud na tíre.

Sóisialta (ar leanúint)

Trí ghné an chomórtais ealaíne, dearann daltaí póstaer a chuireann feasacht ar aonocsaíd charbóin chun cinn. Tríd an modh gníomhachtaíthe seo, foghlaimíonn daltaí an teachtaireacht thábhachtach faoin bhfeasacht ar aonocsaíd charbóin, agus ansin cuireann siad an teachtaireacht seo trasna ina dtithe féin, ag cur sprioc Líonraí Gáis Éireann chun cinn, atá ag iarraidh go mbeadh aláram CO ag 100% de thithe.

Am le Comhaireamh

Is Gnóthas é 'Time to Count' sa Chlár pobail ina dtugtar deis d'fhoireann Líonraí Gáis Éireann tacaíocht uimhearthachta a thabhairt do pháistí rang a trí ó bhunscoileanna áitiúla DEIS (ainmnithe le míbhuntáiste). Cuirtear an clár seo i gcrích lenár scoileanna comhpháirtíochta fadtéarmacha Scoil Mother of Divine Grace i bhFionnghlas agus Scoil Aiséirí Chríost i gCorcaigh. Tugann oibríthe deonacha cuairt ar na scoileanna comhpháirtíochta sin gach seachtain mar chuid de chlár 8-12 seachtaine chun cuidiú le scoileanna matamaitice na ndaltaí trí chluichí agus gníomhaíochtaí spráúla idirghníomhacha. Tugtar deis iontach do na páistí turas a dhéanamh ar ár n-oifig atá áitiúil don scoil ag deireadh an chláir; sa bhliain 2023 mar chuid den turas, chuireamar tús le tóraíocht taisce bithéagsúlachta ar bhonn píolótach.

Saol na hOibre

Sa bhliain 2023, rinne Líonraí Gáis Éireann urraíocht ar sholáthar náisiúnta an chláir 'Saol na hOibre', a chuireann deis ar fáil do dhaltaí meánscoile bualadh le fostaithe ó ghnólacht áitiúil chun foghlaim faoin láthair oibre agus gairmeacha beatha a chur san áireamh, agus tá modúl inbhuanaitheachta mar chuid de seo. Oibrímid go díreach i gcomhar le dhá scoil comhpháirtíochta agus ár 16ú bliain á ceiliúradh againn le Coláiste Pobail de Nóglá i gCorcaigh agus ár 13ú bliain le Coláiste Bhinn Aoibhinn i bhFionnghlas. Tugann an dá scoil chomhpháirtíochta cuairt ar ár n-oifig le linn an chláir.

Rinneadh an modúl inbhuanaitheachta nua a chur i bhfeidhm sa bhliain 2023 agus áirítear gné iomaíochta ann. Cuireadh fáilte roimh scoileanna rannpháirtíochta tionscadal a chur isteach a cuireadh i bhfeidhm ina scoileanna nó ina bpobail atá dírithe ar bhealaí praiticiúla chun an domhan a dhéanamh níos inbhuanaithe. Léiríodh le hiontráil bhuacach Inver College, Carraig Mhachaire Rois (deireadh a chur le húsáid buidéal plaisteach taobh istigh dá scoil) an chiall a bhain na daltaí as an gclár maidir le inbhuanaitheacht a chur chun cinn, a dtionscadal a chur i láthair go cruthaitheach, agus a bheith ag obair mar fhoireann.

I Wish

Tionscnamh a bhfuil duaiseanna buaite aige is ea I Wish a dhéanann daltaí scoile bainneannacha a spreagadh agus a mhisiú gairmréimeanna san Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic a mheas. Comhghuaillíocht aonair faoi stiúir oibríthe deonacha is ea I Wish a bhfuil rialtas áitiúil, ardoideachas agus tionsclaíocht mar pháirt di agus sprioc coiteann acu rannpháirtíocht bhaineannach in ETIM a fheabhsú trí rannpháirtíocht ardtionchair dhírigh, spraoi agus rannpháirtíocht spreagúil. Thug Líonraí Gáis Éireann urraíocht d'imeacht painéil a dhírigh ar inbhuanaitheacht.

Seachtain na hEolaíochta agus Seachtain na nInnealtóirí

Bhí Líonraí Gáis Éireann ag obair i gcomhar le Junior Achievement chun ceardlanna ETIEM a sholáthar i mbunscoileanna chun ceiliúradh a dhéanamh ar Seachtain na nInnealtóirí STEPS i mí an Mhárta agus Seachtain na hEolaíochta i mí na Samhna. D'fhoghlaim páistí i scoileanna Buachaillí agus Cailíní Naomh Pádraig i gCorcaigh faoin eolaíocht taobh thiar de sholas agus frithchaitheamh agus d'fhoghlaim páistí i Scoil Náisiúnta Mhuire gan Smál, Darndál, Baile Átha Cliath faoi inbhuanaitheacht. Rinne páistí i nGaelscoil Pheig Sayers i gCorcaigh agus SN Naomh Molaga, Baile Brigín iniúchadh ar chineálacha éagsúla fuinnimh in-athnuaite agus neamh-inathnuaite agus rinne siad tástáil ar a gcuid scoileanna innealtóireachta trí thuirbíní gaoithe a dhéanamh.

Ag Píocadh Bruscair

Chun tacú le Glantachán Náisiúnta Earraigh de chuid An Taisce, ghlac fostaithe páirt i bpiocadh bruscair i gceantar Pháirc na Muirínne agus Atlantic Pond i gCorcaigh; baineadh 45kg de bhruscar. Bhí ócáidí piocadh bruscair na foirne FSC ar siúl, agus bhain grúpa amháin fostaithe os cionn 7kg de mhicrea-bhruscair ón Loch i gcathair Chorcaí. Rinneadh taifead ar 882 píosa bruscair, bunanna toitín a bhí sa chuid is mó díobh, ach bhí buidéil phlaisteacha agus pacáistíocht bia ina measc freisin. Rinne Ná Fág Lorg sa Dúcharraig, Corcaigh, éascaíocht ar ócáid eile agus bhain fostaithe bruscair ón gceantar agus iad ag foghlaim faoi thionchar an bhruscair ar an timpeallacht.

Sóisialta (ar leanúint)

Áit Oibre

Ardú Gealltanais

Is tionscnaíocht í BITC Ardaithe Gealltanais chun tacaíocht a thabhairt do ghnóthais áiteanna oibre níos ionchuimsí a thógáil. Mar shínteoir Ghealltanais 'Elevate', táimid ar cheann de na 60 eagraíocht atá tiomanta d'ionchuimsíú a stiúradh inár n-áit oibre agus tacaíocht a thabhairt do na luachanna níos leithne d'ionchuimsíú, comhionannas agus deiseanna sa tsochaí. I dTuarascáil 'Elevate', déantar próifíl éagsúlachta áiteanna oibre na hÉireann a thomhas agus roinntear cuid de na tionscnaimh trínár féidir athrú ceart a dhéanamh.

Rannpháirtíocht Fostaithe

Bíonn an fhoireann inbhuanaithe i dteagmháil leis an bhfoireann go rialta trínár nuachtlitir agus inlín comhlachta. In 2023, bhí sé mar aidhm chumarsáide againn feasacht a thiomáint ar na gnéithe iomadúla d'inbhuanaitheacht agus ar ár bhfoireann a spreagadh chun cleachtais inbhuanaithe a chur i bhfeidhm agus athruithe beaga a dhéanamh ar a mbealaí oibre agus a saol pearsanta.

Is ardán í an chumarsáid seo freisin chun an fhoireann a chur ar an eolas faoi dheiseanna deonacha. Féadtar lenár bhfoireann ar fad obair dheonach a dhéanamh le haon cheann dár gclár scoile agus gníomhaíocháí CSR. Rinne an fhoireann 1,262 uair i mbliana i mbun obair dheonach, agus sholáthair ár gclár 54,008 uair de thionchar sóisialta.

Ciste foirne, tabhartais chomhchineálacha, agus maoiniú inmheánach

Is féidir le gach fostaí iarraidh ar shíntiús uair sa bhliain le cur i dtreo cúis fhiúntach a roghnaíonn siad agus is féidir sonraí a fheiceáil maidir leis na heagraíochtaí ar tugadh tacaíocht dóibh ar ár n-ardán ciste carthanachta inmheánach. Tríd an gciste seo, thug Líonraí Gáis Éireann tacaíocht do 37 cúis phobail, agus bhronn siad €11,750 thar ceann ár bhfostaithe.

Le linn 2023, chuir ár bhfostaithe tionscnaimh tiomsaithe airgid i gcrích chun tacú leis na carthanachtaí seo a leanas; Aoisghníomhaíocht Éireann, Aware, Pieta House, Merchants Quay, The Jack & Jill Children's Foundation, AsIAM, Cumann Diospraicse na hÉireann, BeLongTo, Ospís Marymount, Barnardos, Iontaobhas Fiadhúla na hÉireann, the Shoebox Appeal, Cork Penny Dinners, St Vincents Foundation, Cork Simon agus Movember. Bailíodh €53,108 san iomlán.

Tabhartas cruu-earraí TF díchoimisiúnaithe

Fuair roinnt Chromebook a díchoimisiúnáidh mar chuid dár dtionscnamh Teicneolaíochta Ionad Oibre Digiteach saol fiúntach eile le Igbo Union, pobal neamhbhrabúis a dhíríonn ar dhéagóirí bochta a chumasú. Dáileadh roinnt Chromebook ar dhéagóirí ar fud Chontae Chorcaí, ag cur ar a gcumas páirt a ghlacadh ar chultúr agus ranganna teanga ar líne. Chomh maith leis sin, cuireadh ar aghaidh na síntiúis a rinne fostaithe tríd an bpárolla a roghnaigh a chromebook díchoimisiúnaithe a choinneáil, chuig ár gcomhpháirtí carthanachta, €28,800 ar an iomlán.

Áit an Mhargaidh

Inrochtaineacht

Oibríonn Líonraí Gáis Éireann i gcomhar go dlúth hAoisghníomhaíocht Éireann chun ár dtiomantas a chur in iúl do na daoine is leochaillí sa tsochaí a chosaint agus do thacaíocht a thabhairt d'inrochtaineacht agus ionchuimsíú.

Sa bhliain 2023, leanamar lenár dtacaíocht dá mblitzchomórtas garraíodóireachta. Tugann an blitzchomórtas garraíodóireachta tacaíocht do chlár 'Cúraim is Deisiúcháin' Aoisghníomhaíocht Éireann, trína gcuireann sé ar chumas a gcliaint maireachtáil go neamhspleách ina dtithe. Chaith fostaithe ó oifigí Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí araon lá ag obair i dtithe chliaint Aoisghníomhaíocht Éireann ní ba shine, thug siad faoi roinnt gharraíodóireachta éadrom agus chuir siad slacht ar ghairdíní a gcliaint chun iad a réiteach don gheimhreadh.

Ghlacamar páirt in Big Knit innocent chun leas a dhéanamh d'Aoisghníomhaíocht. Tugadh cuireadh d'fhostaithe agus a gcairde agus a dteaghlaigh páirt a glacadh ach breis agus 500 hata beag a chnótáil le cur ar bhuidéil innocent smoothie; agus thug innocent 30c d'Aoisghníomhaíocht le haghaidh gach caoineog a díoladh le hata uirthi.

Leanamar orainn le fáiltas a dheonú d'Aoisghníomhaíocht le haghaidh gach suirbhé custaiméara a rinneadh, i measc custaiméirí príobháideacha agus tráchtála araon.

Sóisialta (ar leanúint)

Ar Lá Domhanda Feasachta Rochtana i mí na Bealtaine, d'oibrigh oibrithe deonacha ó GAFanna i gcomhar le Wheelmap.org chun eolas maidir le bealach isteach do chathaoireacha rothaí a nuashonrú le haghaidh 150 áit agus gnólacht poiblí i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath. Chuir an ócáid rannpháirtithe ar an eolas faoi na dúshláin shuntasacha a bhíonn ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí maidir le dul i mbun gníomhaíochtaí laethúla.

Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

Tuigeann agus leagann Líonraí Gáis Éireann luach ar an ról ríthábhachtach a ghlacann páirtithe leasmhara ina ghnó. Tá plan cuimsitheach ag an gCuideachta um plé le páirtithe leasmhara ina nglactar cur chuige iomlánaíoch, praiticiúil i dtreo plé le páirtithe leasmhara bunaithe ar an gCaighdeán um Plé le Páirtithe Leasmhara atá aitheanta go hidirnáisiúnta (AA1000SES).

Tuigtear gur tábhachtach seisiúin a reáchtáil le páirtithe leasmhara agus tacú leis an bpobal i mbailte áit a bhfuil sé ríthábhachtach go bhfuil an líonra gáis ag forbairt. Oibríonn an Chuideachta le pobail chun déanamh cinnte nach ndéanann tionscadail fhoirgníochta sa cheantar ach an oiread cur isteach agus is féidir agus tugtar tuairiscí rialta i nuachtáin áitiúla agus ar stáisiúin raidió áitiúla.

Rialachas

Taobh istigh de Líonraí Gáis Éireann, tá an rialachas corparáideach lárnach maidir lenár gcinntí gnó agus tá sé tábhachtach maidir lenár straitéis gnó a bhaint amach. Creidimid gurb é rialachas corparáideach maith bunchloch an chleachtas eagraíochtúil eiticiúil, lena gcuimsítear prionsabail agus struchtúir atá mar threoir maidir le cinnteoireacht, trédhearcacht agus cuntasáíocht laistigh dár n-eagraíocht.

I Líonraí Gáis Éireann, baineann dearbhú eitice le caighdeáin dhlíthiúla a chomhlíonadh, ní hamháin é sin ach cultúr macántachta, cothroime agus freagracht sóisialta a chaomhnú freisin. Creidimid go bhfuil an t-iontaobhas seo riachtanach le haghaidh caidrimh gnó inbhuanaithe, agus déantar é a chothú trí chomhlíonadh leanúnach na bprionsabal eiticiúil, trí chumarsáid thrédhearcach agus trí ghníomhartha freagracha. Ina theannta sin, dlúthchuid lárnach dár n-iompar gnó eiticiúil is ea tús áite a thabhairt do chearta daonna agus dul i ngleic le sclábhaíocht chomhaimseartha, rud a léiríonn tiomantas maidir le meas a léiriú ar dhínt agus folláine daoine laistigh agus lasmuigh d'oibríochtaí na cuideachta araon. Agus na prionsabail seo á gcosaint, ní hamháin go ndéantar cáil Líonraí Gáis Éireann a neartú ach cuirtear le sochaí níos córa agus inbhuanaithe.

Eitic agus Ionracas

Tá ár gcáil agus an mhúinín atá ag ár gcustaiméirí, páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne asainn bunriachtanach maidir lenár rathúlacht. Tá ionracas ríthábhachtach chun an mhúinín sin a chothú. Tá clár darb ainm "Do the Right Thing" cruthaithe againn chun cabhrú le fhostaithe tábhacht an ionracais a thuiscint agus a aithint.

Cuirtear oiliúint ar fhostaithe lena gcinntítear go bhfuil aon chinneadh gnó a dhéantar:

1. Dlíthiúil
2. I gcomhréir le luachanna na cuideachta
3. I gcomhréir le beartas na cuideachta
4. Ina rud cóir le déanamh

Mar chuid den tionscnamh, eisítear treoirleabhair d'fhostaithe maidir le príomhbheartais a bhaineann le heitic mar aon le nuashonraithe oiliúna bliantúla agus comhráite ráithiúla i dtaobh ionracas foirne.

Trédhearcacht

Eagraíocht oscailte is ea an comhlacht tráchtála stáit Ervia, a bhfuil sé mar aidhm aige a bheith freagrach agus trédhearcach os comhair an phobail. Tá Ervia tiomanta do thuiscint an phobail a fheabhsú maidir leis an mbealach a bhfeidhmíonn an eagraíocht agus maidir lenár ról ó thaobh bonneagar tábhachtach náisiúnta a sholáthar de agus seirbhísí tábhachtacha náisiúnta d'fhonn tacú le forbairt shóisialta agus gheilleagrach na hÉireann.

Measúnacht maidir lenár gCur Chuige

Tá rialaithe i bhfeidhm lena gcinntítear go bhfuil ár n-oibleagáidí ar fad á mbaint amach, lena n-áirítear nósanna imeachta airgeadais sonracha, buiséid, sreabhadh oibre córas airgeadais uathoibríthe, próiseas iniúcháireachta sheachtraigh, próiseas iniúcháireachta inmheánaigh agus maoirseacht an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca i dtaobh ráitis airgeadais.

Rialachas (ar leanúint)

Cosaint Sonraí agus Príobháideacht an Chustaiméara.

Táimid tiomanta dár n-obleagáidí cosaint sonraí a bhaint amach agus a shárú. Déantar sonraí na gcustaiméirí uile a stóráil ar chórais chriptithe a bhfuil scaradh dualgas cuí acu. Tá Slándáil Sraithe Aistritheach (SSA) i bhfeidhm againn ina bhfuil díoltóirí ag plé le custaiméirí, rud a dhéanann gach ríomhphost a chriptiú. Tá rialaithe slándála inmheánacha láidre againn freisin, maidir le ballaí dóiteáin, paisteáil, cosaint frithvíreas srl, agus táimid i gcomhréir le ISO27001. Tá oiliúint RGCS ar líne déanta ag gach ball foirne agus conraitheoir. Níl aon ábhar imní suntasach léirithe ag Oifigeach um Chosaint Sonraí Líonraí Gáis Éireann maidir le neamhchomhlíonadh i ndáil le riachtanais reachtacha faoi RGCS le linn 2023.

Nochtaí Cosanta agus cúiseanna imní a léiriú

Tá meicníocht ann ar féidir le fostaithe agus bainisteoirí Ervia agus Líonraí Gáis Éireann í a úsáid chun cúiseanna imní a chur in iúl, nó chun nochtadh a dhéanamh ar mhaithe leis an bpobal, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, agus tá an mheicníocht seo sonraithe i mBeartas um Nochtadh Cosanta Ervia/ Líonraí Gáis Éireann. Tá tuilleadh treorach don lucht bainistíochta agus do na fostaithe maidir le cúiseanna imní a léiriú leagtha amach sa Chód Iompair Ghnó, sa Bheartas Frith-Chalaoise agus sa Bheartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe. Éilítear le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú) go bhfoilsíonn Ervia Tuarascáil Bhliantúil, lena soláthraítear sonraí maidir le nochtaí cosanta a rinneadh faoin Acht sa bhliain féilire roimhe sin. De réir an cheanglais seo, dhearbhaigh Ervia, sa bhliain dár críoch 31 Nollaig 2023, nach ndearnadh aon nochtadh cosanta go Ervia nó Líonraí Gáis Éireann faoin Acht. Dá réir sin, níor tuairiscíodh aon sárú agus níor cuireadh tús le haon iniúchadh nó imeacht sa bhliain 2023.

Brústocaireacht a rialáil

Tá Ervia agus a fhochuideachta (Líonraí Gáis Éireann) cláraithe ar an gclár brústocaireachta a choinníonn an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus rinne siad na haighneachtaí riachtanacha do na tréimhsí tuairisceáin sa bhliain 2023, i gcomhréir le riachtanais an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015.

Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021)

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta dá oibleagáidí uile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021) a chomhlíonadh. Tá an Cenn Cúraim Custaiméirí agus Cumarsáide ceaptha chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tuairiscíú ar dhualgais Líonraí Gáis Éireann faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021).

I rith 2023, comhlíonadh na hoibleagáidí nua faoi alt 10A (Fógraíocht ó Chomhlachtaí Poiblí) a éilíodh go ndéanfaí 20% ar a laghad (10A. (1)(b)) de gach fógraíocht as Gaeilge. Chomhlíon Líonraí Gáis Éireann an dualgas freisin maidir le 5% den chaiteachas bliantúil fógraíochta ar na meáin Ghaeilge mar atá forordaithe faoi alt 10A(1)(b).

Meas ar chearta an duine

Mar chuid de Ghrúpa Ervia, déanann Líonraí Gáis Éireann a gcuid gnó ar bhealach ina léirítear meas ar chearta daonna agus ar dhínit gach duine, agus é ag iarraidh cloí le gach dlí agus rialachán is infheidhme. Bítear ag súil go leagfaidh fostaithe Líonraí Gáis Éireann luach ar a gcuid comhfhostaithe agus déileáil le daoine eile le cothroime, comhionannas, dínit agus meas. Bítear ag súil freisin go mbeidh siad aireach ar fhianaise ar bith ar shárúithe ar chearta daonna inár gcuid oibríochtaí díreach nó in oibríochtaí ár gcomhpháirtithe gnó agus go dtuairisceoidh siad cás ar bith ina meastar go bhfuil sárú ar chearta daonna tar éis tarlú.

Ní ghlacann Líonraí Gáis Éireann ar chor ar bith le sclábhaíocht an lae inniu (mar atá sainithe in Acht na Ríochta Aontaithe ar Sclábhaíocht Nua-aimseartha 2015). Táimid geallta chun gníomhú go heiticiúil agus le hionracas inár gcuid plé agus caidreamh gnó go léir agus chun córais agus rialuithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú le cinntiú nach dtarlaíonn sclábhaíocht an lae inniu áit ar bith inár gnó féin ná inár gcuid slabhraí soláthair.

Cuireann an tAcht um Sclábhaíocht Nua-aimseartha 2015 de chuid na Ríochta Aontaithe oibleagáidí ar eagraíochtaí ar mhéid áirithe a leanann ar aghaidh lena ngnó sa Ríocht Aontaithe. Tá reachtaíocht chomhchosúil i bhfeidhm in Éirinn, go príomha an tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008, mar atá leasaithe leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) (Leasú) 2013.

Rialachas (ar leanúint)

Is féidir leis an sclábhaíocht tarlú i bhfoirm ar bith sa lá atá inniu ann, lena n-áirítear sclábhaíocht bhrúite, saothar brúite agus éigeantach agus gáinneáil ar dhaoine, agus an ghné choiteann a bhaineann leo go léir ná go mbaineann duine amháin saoirse ó dhuine eile chun leas a bhaint astu um ghnóthachan pearsanta nó gnó. Eintitis infheidhme iad an Chuideachta agus a cuid fochuideachta GNI (RA) Teoranta chun críocha an Achta ar Sclábhaíocht Nua-aimseartha agus tacaíonn siad go hiomlán le haidhmeanna an Achta.

Tá Líonraí Gáis Éireann geallta chun cinntiú go mbíonn trédhearcacht ina ghnó féin agus ina chur chuige i dtreo déileáil le sclábhaíocht sa lá atá inniu ann ar fud a chuid slabhraí soláthair agus bíonn sé ag súil leis na caighdeáin arda chéanna óna chuid conraitheoirí, soláthraithe agus páirtithe gnó eile.

Tá prionsabail Acht an RA ar Sclábhaíocht Nua-aimseartha cumhdaithe inár gCód Iompair Gnó agus forbraíodh ceanglais in aghaidh na sclábhaíochta agus in aghaidh na gáinneála ar dhaoine le cuimsiú i bpróisis soláthair agus i socruithe conarthacha.

Tá Ráiteas Líonraí Gáis Éireann faoi Sclábhaíocht an Lae Inniu ar fáil le féachaint air ar ár suíomh gréasáin www.gasnetworks.ie.

Frithchalois, Frithbhreabaireacht agus Frithéilliú

Ar fud Ervia/Líonraí Gáis Éireann, ní ghactar le camastaíl, breabaireacht ná caimiléireacht agus tá sé mar fhreagracht ar gach fostaithe aon ghníomhartha de chamastaíl, breabaireacht ná caimiléireacht amhrasta ná iompar amhrasach a dtagann siad trasna air a thuairisciú.

Tá an Beartas Frith-Chalaoise, Breabaireachta, an Beartas Éillithe, an Beartas maidir le Nochtuithe Cosanta agus na beartais thábhachtacha go léir eile le fáil do na fostaithe go léir ar an inlín. Tá clár i bhfeidhm ag Ervia/Líonraí Gáis Éireann, 'Doing the Right Thing' trína gcuirtear ionracas chun cinn agus trína gcuirtear béim ar thábhacht na hiompraíochta eiticiúla. Tá ábhair thacaíochta don chlár seo ar fáil do gach fostaí ar an suíomh inlín 'Doing the Right Thing'. I measc na dtacaíochtaí seo, áirítear: leabhrán ar líne a sholáthraíonn treoir ar na cleachtais, gníomhartha agus iompair is fearr agus luann sé mórtheachtaireachtaí roinnt croíbheartas; na bealaí labhartha amach d'fhostaithe chun fadhbanna a tharraingt anuas: agus naisc chuig leathanaigh chúig agus ábhair oiliúna eile. Tá oiliúint do 'Doing the Right Thing' tagtha isteach sa chlár oiliúna maidir le Teagasc agus Forbairt do dhaoine nua agus bainisteoirí nua. Cuireadh oiliúint Frith-Chalaoise, Breabaireachta, Éillithe agus Nochtuithe Cosanta ar na fostaithe go léir in 2023. Chuir bainisteoirí roinnt comhráite maidir le hionracas i bhfeidhm lena bhfoirne ar fud an ghnó. Ina theannta sin, reáchtáladh ceardlanna measúnaithe ar rioscaí caimiléireachta le Feidhmeannaigh ábhartha, a dtuarascálacha díreacha agus a leideanna do rioscaí.

Soláthar inbhuanaithe

Soláthraímid méid suntasach seirbhísí agus ábhar chun tacú le cothabháil agus soláthair an líonra iompair gáis. Táimid tiomanta do phrionsabail gheilleagair chiorclaigh, trínár bpróisis soláthair a fheabhsú tá cleachtais inbhuanaithe níos fearr á gcur chun cinn againn ar fud an tslabhra soláthair iomláin. Leanaimid lenár soláthar inbhuanaithe a fheabhsú agus a chur chun cinn tríd an slabhra soláthair iomlán. Tá an cleachtas is fearr agus feabhsuithe próisis á nglacadh againn i gcomhréir le ISO 20400, an Caighdeán Teorach Soláthar Inbhuanaithe, tá an caighdeán seo ar thús cadhnaíochta go hidirnáisiúnta sa réimse seo.

Úsáid soláthraithe nó ábhair "glasa"

Tá ceanglais a bhaineann leis an gcomhshaol agus inbhuanaitheacht neadaithe sa phróiseas soláthair ag gach céim go dtí seachadadh an chonartha. Rinneadh ár bpríomhchonarthaí tríú páirtí a dheardh chun dea-chleachtas inbhuanaithe agus comhshaoil a sholáthair le linn shaolré an tionscadail.

Tá ár bhfoireann slabhra soláthair ag obair chun straitéis inbhuanaithe a sholáthar. D'fhorbair an fhoireann beartas soláthair inbhuanaitheachta. Mar chuid d'fhorbairt an bheartais, chuir an fhoireann slabhra soláthair cleachtadh tagarmharcála i gcrích chun comparáid a dhéanamh idir ár nósanna imeachta i gcoinne na gcuideachtaí fuinnimh is fearr, agus cuireadh suirbhé soláthair inbhuanaithe i gcrích lenár bpríomhsoláthraithe. Is é ár gcuspóir ná a bheith aitheanta mar cheannaire i réimse an tsoláthair inbhuanaithe.

Rialachas corparáideach

Is fochomhlacht é Líonraí Gáis Éireann faoi úinéireacht 100% ag Ervia.

Sa Chód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”) leagtar amach na prionsabail um rialachas corparáideach a cheanglaítear ar bhoird chomhlachtaí Stáit cloí leo. Tá bearta cuí i bhfeidhm ag an gCuideachta, ar fochuideachta de chuid Ervia í, lena gcinntítear go ndéantar forálacha ábhartha an Chóid a chomhlíonadh i gceart. Is iad na Stiúrthóirí atá freagrach as an gcomhlíontacht sin a chinntiú. I gcomhréir le hAlt 1.9 de cheanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais an Chóid, tugann an Chuideachta tuairisc do Ervia ar a cloí leis an gCód.

Comhlíonann an Chuideachta an sainmhíniú ar eintiteas leasa phoiblí mar tá fiachas liostaithe aici ar mhargadh rialáilte. In Alt 1551(1) d’Acht na gCuideachtaí 2014 ceanglaítear ar stiúrthóirí eintiteas leasa phoiblí Coiste Iniúcháireachta a bhunú. Baineann Líonraí Gáis Éireann leas as an díolúine faoi Alt 1551(11)(a) mar fhoghnóthas. Bunaíodh Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca ag leibhéal an Ghrúpa mar gheall ar an struchtúr boird aonadach a ghlac Ervia. Tá coistí cuí i bhfeidhm ag Ervia, a bhíonn ag feidhmiú i ndáil le Grúpa Ervia ina iomláine, agus mar sin de, níor bunaíodh aon choistí den chineál sin ag leibhéal na Cuideachta. I bhfianaise stádas Líonraí Gáis Éireann mar eintiteas leasa phoiblí, comhlíonann Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Ghrúpa Ervia a chuid oibleagáidí faoi alt 1551(14) d’Acht na gCuideachtaí 2014 (chun Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann a chur ar an eolas faoi thoradh na hIniúcháireachta Reachtúla agus moltaí a chur isteach (más gá) ar phróisís tuairiscithe airgeadais) trí threorú don iniúcháir reachtúil, Deloitte Ireland LLP, an tuarascáil atá ina ceangal faoi Airteagal 11 (1) de Rialachán (AE) Uimh 537/2014 a sheoladh chuig Bord Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann chomh maith le Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Ervia. Chun níos mó eolais a fháil faoi Choiste Iniúcháireachta agus Riosca Ervia, féach ar Thuarascáil Bhliantúil Ervia ag www.ervia.ie.

Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023, fuair Bord Ervia cúnaimh maidir lena chuid oibleagáidí a chomhlíonadh trí ról agus freagrachtaí áirithe a fhágáil faoi Choiste Iniúcháireachta agus Riosca Ervia, Coiste Airgeadais agus Infheistíochta Ervia, Coiste Luacha Saothair Ervia agus Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta & Pobail Ervia.

Cabhraíonn na Coistí le Bord Ervia trí bhreithniú níos mionsonraithe a dhéanamh ar shaincheisteanna rialachais, oibriúcháin agus airgeadais agus cuireann siad tuairisc chuig Bord Ervia maidir le moltaí riachtanacha ar bith. Bhí 4 chruinniú ag Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Ervia i rith na bliana, bhí 8 gcruinniú ag Coiste Luacha Saothair Ervia i rith na bliana, bhí 7 gcruinniú ag Coiste Airgeadais agus Infheistíochta Ervia i rith na bliana agus bhí 3 chruinniú ag Coiste Sábháilteachta, inbhuanaitheachta & Pobail Ervia i rith na bliana. Comhlíonann an Chuideachta an sainmhíniú ar chuideachta thrádáilte faoi Alt 1372 d’Acht na gCuideachtaí 2014 ar an mbonn gur cuideachta gníomhaíochta sainithe í ag a bhfuil dintiúir atá glactha um thrádáil ar mhargadh rialáilte i Stát LEE agus dá bharr sin go gcomhlíonann sé na forálacha is infheidhme in Alt 1373 d’Acht na gCuideachtaí 2014. Tá tuairisc ar phríomhghnéithe chórais rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca na cuideachta le fáil sa Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh thíos.

Na stiúrthóirí agus an rúnaí agus a gcuid leasanna

Is iad Kevin Toland, Fiona Egan, Geraldine Kelly, Joe O’Flynn, Keith Harris, Keara Robins, Sean Hogan agus Saoirse Fahey Stiúrthóirí na Cuideachta agus ceapadh iad go léir le héifeacht ón 19 Aibreán 2023. Tá Cathal Marley ar dhuine de Stiúrthóirí na Cuideachta freisin agus ceapadh é siúd i mí Aibreáin 2019. D’éirigh Claire Madden agus Ronan Galwey as an ról le héifeacht ón 19 Aibreán 2023, d’éirigh Denis O’Sullivan as an ról le héifeacht ón 12 Aibreán 2023 agus d’éirigh Edwina Nyhan as an ról le héifeacht ón 16 Eanáir 2023. Is é Kevin Toland Cathaoirleach Bhord na Cuideachta. Is é Liam O’Riordan Rúnaí na Cuideachta. Tá leasanna na Stiúrthóirí agus an Rúnaí nochta i nóta 4 de na ráitis airgeadais.

Na stiúrthóirí agus an rúnaí agus a gcuid leasanna (ar lean)

Faoi réir cead a fháil ón Aire, tá an chumhacht ag Ervia Stiúrthóirí na Cuideachta a cheapadh agus a bhaint. Chomh luath is a cheaptar iad, faigheann Stiúrthóirí doiciméid mhionsonraithe faisnéise, chomh maith le heolas rialachais, airgeadais agus oibriúcháin. Cuirtear cláir oiliúna ar fáil do na Stiúrthóirí agus déanann an Cathaoirleach agus an Rúnaí Cuideachta athbhreithniú ar riachtanais forbartha na Stiúrthóirí i rith an ama.

I gcomhréir leis na hAirteagail Chomhlachais, níl na Stiúrthóirí i dteideal táillí a fháil.

Tá sceideal tinrimh do na cruinnithe Boird leagtha amach thíos.

| Stiúrthóir | Cruinnithe (ar freastalaíodh orthu/incháilithe) |
|--|---|
| Kevin Toland (Cathaoirleach) (ceapadh é ar an 19 Aibreán 2023) | 6/6 |
| Cathal Marley (ceapadh é ar an 5 Aibreán 2019) | 11/12 |
| Fiona Egan (ceapadh í ar an 19 Aibreán 2023) | 6/6 |
| Geraldine Kelly (ceapadh í ar an 19 Aibreán 2023) | 6/6 |
| Joe O'Flynn (ceapadh é ar an 19 Aibreán 2023) | 5/6 |
| Keith Harris (ceapadh é ar an 19 Aibreán 2023) | 5/6 |
| Keara Robins (ceapadh í ar an 19 Aibreán 2023) | 6/6 |
| Saoirse Fahey (ceapadh í ar an 19 Aibreán 2023) | 5/6 |
| Sean Hogan (ceapadh é ar an 19 Aibreán 2023) | 5/6 |
| Edwina Nyhan (d'éirigh sí as ar an 16 Eanáir 2023) | 0/0 |
| Claire Madden (d'éirigh sí as ar an 19 Aibreán 2023) | 6/6 |
| Ronan Galwey (d'éirigh sé as ar an 19 Aibreán 2023) | 6/6 |
| Denis O'Sullivan (d'éirigh sé as ar an 12 Aibreán 2023) | 6/6 |

Ról agus freagrachtaí na stiúrthóirí

Tá cothromaíocht chúil scileanna, taithí agus eolais ag Stiúrthóirí na Cuideachta le gur féidir leo a gcuid dualgas agus freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

Is é ról na Stiúrthóirí ná ceannaireacht agus treoir a thabhairt don Chuideachta laistigh de chreat rialuithe críonna agus éifeachtacha a chumasaíonn riosca a mheasúnú agus a bhainistiú, agus a bheith cinnte, le dearbhú réasúnta, gur leor na rialuithe chun cloí le hoibleagáidí reachtúla agus rialachais a bhaint amach.

Áirítear le freagrachtaí na Stiúrthóirí na tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a fhaomhadh chomh maith leis an bplean gnó bliantúil agus beartais agus nósanna imeachta sábháilteachta. Chuimsigh gníomhaíochtaí na Stiúrthóirí i gcaitheamh na bliana athbhreithniú ar agus faomhadh an Ráitis ar Bheartas Comhlíontachta an Stiúrthóra, na ráitis airgeadais agus na dréachtráitis airgeadais neamhniúchta a fhaomhadh agus cúrsaí sábháilteachta.

Ráiteas faoi fhreagrachtaí na stiúrthóirí do thuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus na rialachán is infheidhme. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta www.gasnetworks.ie. D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhúchán agus scaipeadh Ráiteas Airgeadais a bheith éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Ráiteas faoi fhreagrachtaí na stiúrthóirí do thuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais (ar lean)

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú maidir le gach uile bhliain airgeadais. De réir an dlí, ullmhaíonn na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, mar atá glactha ag an Aontas Eorpach (“creat ábhartha um thuairisciú airgeadais”). Faoi dhlí na gcuideachtaí, níl cead ag na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh go dtí go bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas ceart agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail ar dháta dheireadh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús agus cailteanas an Ghrúpa sa bhliain airgeadais, agus go gcloíonn siad ar gach bealach eile le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, tá sé de dhualgas ar na Stiúrthóirí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú do ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá stuama réasúnta;
- a lua cé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus aird a thabhairt ar chúiseanna imeachta ábhartha ar bith ó na caighdeáin sin agus aon tionchar gaolmhar a bhí aige; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Grúpa agus an Chuideachta de bheith i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as cinntiú go gcoimeádann an Grúpa agus an Chuideachta nó go socraíonn siad go gcoimeádfaí taifid chuntasaíochta chruinne ina mínítear agus ina dtaifeadtar i gceart idirbhearta an Ghrúpa agus na Cuideachta, a chumasaíonn uair ar bith sócmhainní, dliteanais, seasamh airgeadais agus brabús nó cailteanas an Ghrúpa agus na Cuideachta a shocrú le cruinneas réasúnta; a chuireann ar a gcumas déanamh cinnte go gcloíonn na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus a chumasaíonn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní an Ghrúpa agus na Cuideachta a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh dá bharr chun calaíoch agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Nochtuithe atá Riachtanach de réir an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Is é an Bord atá freagrach as a chinntiú go ndéanann Ervia riachtanais agus nochtuithe an Chóid a chomhlíonadh. Ní mór cur síos ar na nochtuithe airgeadais seo a leanas sa Tuarascáil Bhliantúil de réir an Chóid. Baineann na nochtuithe seo le Ervia agus Líonraí Gáis Éireann.

Anailís ar Shochair Fhostaithe

Sonraí a bhaineann le líon na bhfostaithe a bhfuil a sochair iomlána fostaí (gan costais pinsin fostóra agus sochair scoir san áireamh) don bhliain airgeadais leagtha amach thíos.

| | 2023 | 2022 |
|-------------------|------|------|
| €50,000–€75,000 | 256 | 231 |
| €75,001–€100,000 | 217 | 205 |
| €100,001–€125,000 | 106 | 96 |
| €125,001–€150,000 | 40 | 38 |
| €150,001–€175,000 | 23 | 20 |
| €175,001–€200,000 | 12 | 9 |
| €200,001–€225,000 | 6 | 5 |
| €225,001–€250,000 | 1 | 1 |
| €250,001–€275,000 | 2 | 2 |

Nóta 1: Áirítear sa nochtadh thuas gach sochar fostaíthe gearrthéarma maidir le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe. Féach Nóta 5 de na Ráitis Airgeadais i gcomhair anailís bhreise ar na sochair éagsúla atá ináirithe.

Ráiteas faoi fhreagrachtaí na stiúrthóirí do thuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais (ar lean)

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a thabhaítear go díreach ó chomhairle sheachtrach. Sainmhínítear costais sainchomhairleoireachta mar cheapacháin a sholáthróidh seirbhísí intleachtúla nó seirbhísí atá bunaithe ar shaineolas (e.g. anailís agus comhairle ó shaineolaithe) trí thuarascálacha, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí, srl., a chabhróidh le cinnteoireacht nó ceapadh beartas, agus é seo ar feadh tréimhse theoranta chun tasc ar leith a chur i gcrích. Ní áirítear leo gnáthfheidhmeanna oibre atá á seachfhoinseáil.

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|--|---------------|---------------|
| Comhairle Dlí | 582 | 200 |
| Comhairle airgeadais | 339 | 384 |
| Fógraíocht, margáíocht agus caidreamh poiblí | 267 | 253 |
| Feabhsú/athrú gnó | 1,414 | 1,173 |
| Eile | 289 | 138 |
| Costais chomhairliúcháin iomlána | 2,891 | 2,148 |
| Caipitlithe | - | - |
| Ráiteas ioncaim | 2,891 | 2,148 |
| Costais chomhairliúcháin iomlána | 2,891 | 2,148 |

Laistigh de na catagóirí thuas fuarthas sainchomhairle maidir leis na nithe seo a leanas; Athrú Aeráide, Bithéagsúlacht agus Gáis In-athnuaite (€1.0m), Cuntasaíocht/Cáin/Pinsean/AD (€0.4m), TF agus Cibearshlándáil (€0.3m), Slándáil Soláthair (€0.3m), Fógraíocht, Margáíocht agus Caidreamh Poiblí (€0.3m), Pleanáil ar Rialú Praghsanna agus Athstruchtúrú Corparáideach (€0.2m).

Costais dlí agus socraíochtaí dlí

Tá miondealú sa tábla thíos de na méideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí réitigh agus eadrána. Ní áirítear sa tábla caiteachas a bhain le comhairle ghinearálta dlí, toisc go n-áirítear é sna costais chomhairliúcháin thuas.

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|-----------------------------|---------------|---------------|
| Táillí & costais dhlíthiúla | 668 | 891 |
| Socraíochtaí | 622 | 705 |
| Iomlán | 1,290 | 1,596 |
| Líon cásanna dlí | 6 | 10 |

Nóta 1: Ní bhaineann an nóta nochta seo le haon íocaíochtaí a rinneadh mar thoradh ar éilimh ar pholasaithe árachais a thóg Líonraí Gáis Éireann amach.

Nóta 2: Baineann líon na gcásanna le himeachtaí dlí ar chuir Líonraí Gáis Éireann féin tús leo nó le himeachtaí dlí a tionscnaíodh ina aghaidh, agus níl imeachtaí árachais san áireamh.

Ráiteas faoi fhreagrachtaí na stiúrthóirí do thuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais (ar lean)

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|----------------------|---------------|---------------|
| <i>Intíre</i> | | |
| Bord * | - | - |
| Fostaí | 1,710 | 1,178 |
| <i>Idirnáisiúnta</i> | | |
| Bord | - | - |
| Fostaí | 227 | 168 |
| Iomlán** | 1,937 | 1,346 |

* B'ionann caiteachas taistil agus cothaithe Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann sa bhliain 2023 agus Énialas (2022: Énialas). An caiteachas taistil agus cothaithe a thabhaigh Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann, meastar gur tabhaíodh é agus iad ag feidhmiú mar fhostaithe de chuid Ervia nó mar Chomhaltáí Boird Ervia.

** Is léiriú é an méadú ar chaiteachas taistil agus cothabhála bliain ar bhliain maidir le gníomhaíochtaí normalaithe i mbliain iomlán i ndiaidh COVID-19.

Fáilteachas

Cuimsíonn an ráiteas ioncain an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|------------------------|---------------|---------------|
| Fáilteachas na foirne | 203 | 129 |
| Fáilteachas na gcliant | 70 | 87 |
| Iomlán | 273 | 216 |

Trédhearcacht

Saoráil faisnéise

Tá an Chuideachta faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 ("an tAcht FOI"). Tá Scéim Eiseamláireach um Fhoilsiú i bhfeidhm, agus foilsíonn an Chuideachta taifid ar bhonn tréimhsiúil de réir cheanglais Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise. Tá rochtain ar an scéim seo trí shuíomh gréasáin na Cuideachta Model Publication Scheme. Chomh maith leis sin, foilsíonn an Chuideachta a oiread faisnéise agus is féidir go rialta ar bhealach oscailte agus inrochtana lasmuigh den phróiseas um shaoráil faisnéise, agus tugann sí aird mar is cúí ar phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta.

Cosaint sonraí

Is gá don Chuideachta sonraí a bhaineann leis an gcustaiméir a bhailiú agus a úsáid ionas gur féidir leis an gCuideachta seirbhís éifeachtach a chur ar fáil dá custaiméirí agus ionas gur féidir leis an gCuideachta an caidreamh lena custaiméirí a chothú agus a bhainistiú. Tá an Chuideachta tiomanta do chearta agus príobháideachas a cuid custaiméirí a chosaint i gcomhréir leis na Dlíthe um Chosaint Sonraí.

Nochtuithe cosanta agus cúiseanna imní a léiriú

Tá meicníocht ann ar féidir le fostaithe agus bainisteoirí Líonraí Gáis Éireann í a úsáid chun cúiseanna imní a chur in iúl, nó chun nochtadh a dhéanamh ar mhaithe leis an bpobal, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, agus tá an mheicníocht seo sonraithe i mBeartas um Nochtadh Cosanta Ghrúpa Ervia. Tá treoir bhreise don lucht bainistíochta agus do na fostaithe maidir le cúiseanna imní a léiriú leagtha amach i gCód Iompair Gnó an Ghrúpa Ervia, agus i mBeartas Frith-Chalaoise, Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillitheachta Ghrúpa Ervia. De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ceanglaítear ar Líonraí Gáis Éireann Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú maidir le nochtadh cosanta arna dhéanamh faoin Acht. Dearbhaíonn Líonraí Gáis Éireann, i gcomhréir leis an gceanglas seo, nár tuairiscíodh aon nochtadh cosanta le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023.

Trédhearcacht (ar lean)

Cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta i gcónaí d'ionad oibre a fhorbairt ina bhfáiltítear roimh an éagsúlacht, ina dtugtar cothrom na Féinne do chách, agus ina mbíonn gach fostaí ar a s(h)uaimhneas ceart. Bhí ár nGrúpaí Acmhainní Fostaithe ina bpríomhfhócas fós le haghaidh 2023, ag soláthar léargas luachmhar, faisnéis agus nasc dár bpobail inmheánacha thar raon grúpaí sainiúla lena n-áirítear, cúrsaí teaghlaigh, cúrsaí inscne, cúrsaí eitneachais, agus cúrsaí LADT+. I rith 2023, sheolamar ár nGrúpa Acmhainní Fostaithe Néar-Éagsúlachta agus Cumais freisin.

Rinneamar éascaíocht ar roinnt imeachtaí d'fhostaithe le bliain anuas, le cúnaimh ónár nGrúpa Acmhainní d'Fhostaithe a chuaigh i mbun teagmhála leis an eagraíocht i gcoitinne agus a chuir comhairle uirthi. Bhí ceiliúradh ar BRÓD, Feasacht ar Uathachas agus Cibearshábháilteacht do Leanáí i measc na n-imeachtaí sin. Leanfaimid orainn leis seo in 2024, ag cur imeachtaí den saghas céanna ar fáil ionas gur féidir linn a chinntiú go dtuigfear gur dlúthchuid dinn féin iad Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú.

D'fhoilsíomar, sa bhliain 2024, ár mBearna Phá idir na fir agus na mná, don dara bliain as a chéile (https://www.gasnetworks.ie/corporate/freedom-of-information/gender-pay-gap/Gender-pay-Gap-Report-2023_Final.pdf), agus tá áthas orainn gur tuairiscíodh laghdú beag ar an mbearna phá sin. Leanaimid orainn le tacú le mná inár n-eagraíocht trínár gClár um Fhorbairt Tallainne a seoladh in 2023 agus a bhfuil aiseolas an-dearfach faighte againn ina leith. Tá roinnt Beartais nua atá dírithe ar Dhaoine tugtha isteach againn le linn 2024, mar thoradh díreach ar ár nGrúpaí Acmhainní Fostaithe, ina measc tá ár mBeartas Meanapáis. Saoire Chultúrtha agus Foréigean Baile. Leanfaimid orainn le dul i mbun oibre i dtreo cothromas pá agus méadú ar ionadaíocht na héagsúlachta laistigh dár ngnó.

In 2024, déanfaimid ár dtreochlár i leith Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú a athnuachan, cuirfimid acmhainní oiliúna agus forbartha breise ar fáil, agus leanfaimid orainn le tacú lenár nGrúpaí Acmhainní Fostaithe.

Brústocaireacht a rialáil

I gcomhréir le ceanglais an Achta um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, tá an Chuideachta cláraithe ar an gclár brústocaireachta a choimeádann an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus tá na tuairisceáin riachtanacha déanta aici do thréimhsí tuairisceáin na bliana 2023.

Polasaí ar íocaíocht creidiúnaithe/íocaíochtaí prasa

Shínigh Líonraí Gáis Éireann an Cód um Íocaíocht Phras, a sheol an Rialtas in 2015, agus de bhun a fhorálacha, geallann sé soláthraithe a íoc in am, treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le gnásanna íocaíochta agus na soláthraithe sin a spreagadh chun glacadh leis an gcód laistigh dá slabhraí soláthair féin.

Tá próisis chuí inmheánacha um rialú airgeadais i bhfeidhm i Líonraí Gáis Éireann chun a chinntiú go gcomhlíontar forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2012-2016. Íocadh gach sonrasc nach raibh aighneas ann faoi a fuarthas in 2023 laistigh de thréimhsí íocaíochta comhaontaithe. Nuair a dhéanann Líonraí Gáis Éireann iarratas ar íocaíocht dhéanach ó sholáthraí a bhailíochtú, tá mar pholasaí ag Líonraí Gáis Éireann ús atá dlite ar íocaíochtaí déanacha den sórt sin a íoc. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí úis dá leithéid maidir le híocaíochtaí déanacha i rith na bliana 2023 (2022: Nil).

Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Scóip na Freagrachta

Aithníonn na Stiúrthóirí go bhfuil freagracht orthu as a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm i gcónaí.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal réasúnta seachas fáil réidh leis. Níl ann, mar sin, ach cinnteacht réasúnta seachas dearbhú iomlán go gcosnaítear sócmhainní, go bhfuil idirbhearta údaráithe agus go gcoimeádtar cuntas ceart díobh agus go n-aithnítear earráidí neamhrialtachtaí ábhartha nó go stophtar iad ar bhealach tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir na treorach a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i Líonraí Gáis Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais.

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar leanúint.)

Bainistíocht Riosca agus timpeallacht rialaithe

Tá gach fostaí de chuid Líonraí Gáis Éireann freagrach as rioscaí a bhainistiú go héifeachtach agus áirítear leis sin córais rialaithe inmheánaigh a dhearadh, a oibriú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Is é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Líonraí Gáis Éireann an feidhmeannach cuntasach ar a bhfuil an fhreagracht deiridh. Tarmilgeann Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Líonraí Gáis Éireann ról shoiléire agus freagrachtaí soiléire ar a Fhoireann Feidhmiúcháin agus ar na daoine atá faoina stiúir siúd maidir le bainistíocht éifeachtach rioscaí agus maidir lena chinntiú go bhfuil na córais rialaithe inmheánaigh ag feidhmiú go héifeachtach.

Timpeallacht Riosca agus Rialaithe

Cinntíonn an Bord go bhfuil córais chúil rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca i bhfeidhm. Baintear feidhm as na struchtúir agus córais seo a leanas chun é sin a bhaint amach:

Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá Ervia tar éis struchtúr Boird aonadach a ghlacadh chuige féin, agus is é an Bord seo atá iomlán freagrach as rialachas Ervia agus a fhochuideachtaí lena n-áirítear Líonraí Gáis Éireann. Tá Coistí ábhartha i bhfeidhm ag leibhéal Ervia.

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (an "CIR") ag Ervia ar a bhfuil 4 comhalta neamhfheidhmiúcháin Boird a bhfuil an saineolas acu atá riachtanach don ról. Déanann an CIR maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann an Bhoird, agus tá sé freagrach as cabhrú leis an mBord a fhreagrachtaí a chomhlíonadh de réir mar a bhaineann siad leis an réimse sin. Gach ráithe, déanann an CIR athbhreithniú substainteach ar son Bhord Ervia ar phróifíl riosca Líonraí Gáis Éireann arna ullmhú ag na bainisteoirí, agus cinntíonn an t-athbhreithniú seo maoirseacht na bpríomhrioscaí agus na rioscaí nua agus breithniú ar éifeachtúlacht fhreagairtí na mbainisteoirí do na cúiseanna neamhchosanta ar na rioscaí is mó a gcaithfidh Líonraí Gáis Éireann dul i ngleic leo mar an bpríomheintiteas oibríochta in Ervia. Déanann an CIR athbhreithniú freisin ar iontaofacht fhoriomlán an chórais bainistithe riosca, lena n-áirítear éifeachtúlacht na bhfeidhmeanna riosca agus iniúcháireachta inmheánaí.

Fóram Dearbhaithe Comhtháite

Tá freagracht ar Líonraí Gáis Éireann faoin gCód as a chinntiú go ndéantar córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh a oibriú agus go leantar ar aghaidh leo. Tá measúnú ar éifeachtacht na rialuithe sin de dhíth gach bliain. Chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas sin, d'fhorbair Grúpa Ervia an Fóram Dearbhaithe Chomhtháite ("FDC").

Tagann an FDC le chéile gach ráithe lena dheimhniú go gcomhordaítear gníomhaíochtaí dearbhaithe agus aontaithe riachtanacha, agus go dtugtar fianaise maidir leo, ar bhealach struchtúrtha. Dearbhaíonn an FDC don Bhord ag deireadh na bliana cé acu an bhfuil na rialuithe éifeachtúil nó nach bhfuil. Tugann an próiseas FDC, chomh maith le roinnt gníomhaíochtaí eile rialachais, riosca agus rialaithe ar fud Ghrúpa Ervia, tacaíocht don Bhord agus an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh á chomhaontú. Déanann an Creat Fóram Dearbhaithe Comhtháite gach gníomhaíocht dearbhaithe san eagraíocht a neartú agus a chomhordú níos mó ar bhealach struchtúrtha thar na "Trí Líne Chosanta". Cinntíonn sé seo go mbaineann Líonraí Gáis Éireann lánleas as maoirseacht riosca agus rialaithe. Cuirtear an ARC ar an eolas faoi thorthaí an FDC ar bhonn ráithiúil.

Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí seanbhunaithe i Líonraí Gáis Éireann, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha faoina lámh agus a thugann faoi chlár oibre a comhaontaíodh le CIR Ghrúpa Ervia ina iomláine, a bhfuil Líonraí Gáis Éireann mar chuid de. Tuairiscíonn Ceann na HIniúcháireachta Inmheánaí Líonraí Gáis Éireann díreach don CIR agus do Phríomhoifigeach Airgeadais Líonraí Gáis Éireann.

Soláthraíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh cur chuige córasach struchtúrtha ar fáil chun éifeachtúlacht rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach an Ghrúpa a mheasúnú agus a fheabhsú.

Feidhm an Iniúchta Inmheánaigh:

- Déanann sí meastóireacht ar nochtadh do riosca i ndáil le spriocanna straitéiseacha Líonraí Gáis Éireann a bhaint amach.
- Measúnú ar na córais a cuireadh ar bun chun comhlíonadh na mbeartas, pleananna, nósanna imeachta, dlíthe agus rialachán a áirithiú.
- Measúnú ar na modhanna atá ann chun sócmhainní a chosaint.
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca agus na próisis sin a mheas.
- Oibríochtaí sonracha a mheas ar iarratas ón mBord nó ón bhfoireann bainistíochta, de réir mar is cuí. Cuireann sí seirbhísí comhairleacha ar fáil maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú de réir mar is cuí.

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar leanúint.)

Feidhmeannas Bainistíochta Riosca

Tá feidhm Bainistíochta Riosca seanbhunaithe i Líonraí Gáis Éireann freisin, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha faoina lámh agus atá freagrach as dearadh agus cur i bhfeidhm Creata um Bainistíocht Riosca Fiontair, agus as a chinntiú go bhfuil taithe agus scileanna leordhóthanacha um bainistíocht riosca ar fáil ar fud Líonraí Gáis Éireann.

Tuairiscíonn Ceann na hIníúcháireachta Inmheánaí Líonraí Gáis Éireann don CIR agus do Phríomhoifigeach Airgeadais Líonraí Gáis Éireann agus freastalaíonn sé/sí ar chruinnithe CIR. Chomh maith leis sin, bíonn cruinniú ag Coiste Bainistíochta Riosca Líonraí Gáis Éireann uair in aghaidh na ráithe, agus bíonn Príomhfheidhmeannach Líonraí Gáis Éireann ina chathaoirleach ar an gcruinniú sin.

Déanann an fheidhm Bainistíochta Riosca na rudaí seo a leanas go háirithe:

- A chinntiú go mbíonn próisis agus maoirseacht imleor, chomhsheasmhach i bhfeidhm leis na rioscaí atá ann do Líonraí Gáis Éireann a aithint, a thomhas, a bhainistiú, a cheistiú, a thuairisciú agus le monatóireacht a dhéanamh orthu.
- A chinntiú go leantar ar aghaidh leis an maoirseacht agus go ndéantar measúnú ar phróifíl riosca Líonraí Gáis Éireann, lena n-áirítear príomhrioscaí, rioscaí atá ag teacht chun cinn agus le feiceáil níos mó agus níos mó, agus rioscaí a mbeadh tionchar mór acu ach is beag an seans go dtarlóidís, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí seo, úinéireacht shoiléir agus na bearta cuí maolaithe.
- Leabaítear cultúr bainistíochta riosca cuí a leanann tuin feasachta ar riosca ó phróiseas tuairiscithe ón mbarr agus ón mbun aníos.

Gnéithe den Timpeallacht Rialaithe

Chomh maith leis na príomhstruchtúir a luadh thuas, dearbhaíonn na Stiúrthóirí go bhfuil timpeallacht rialaithe, a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm i Líonraí Gáis Éireann.

- Freagracht ar bhainistíocht ag gach leibhéal i Líonraí Gáis Éireann as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca;
- Creat um Rialachas Corparáideach a chuimsíonn rialú airgeadais agus measúnú riosca. Déanann Feidhmeannach Líonra Gáis Éireann agus feidhmeanna Iníúcháireachta Inmheánaí agus Riosca Líonraí Gáis Éireann monatóireacht air sin;
- Struchtúr eagraíochtúil atá leagtha amach go soiléir, agus a bhfuil teorainneacha údaraithe agus meicníochtaí tuairiscithe sainaitheanta ann do leibhéil níos airde bainistíochta agus do Bhord Líonraí Gáis Éireann agus Bord Ervia;
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, caiteachas caipitiúil san áireamh. Teastaíonn faomhadh Bhord Ervia le haghaidh tionscadal mór caipitiúil, agus déanann Coiste Airgeadais agus Infheistíochta Ervia dlúthmhonatóireacht orthu ar bhonn leanúnach;

Tá próisis i bhfeidhm chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá roimh Líonraí Gáis Éireann a aithint, lena n-áirítear méid agus catagóirí na rioscaí sin a mheasann sé a bheith inghlactha. Próisis eile chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta agus measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta na rioscaí a thagann chun cinn a bhainistiú agus a mhaolú trí phleananna agus straitéisí gaolmhara um maolú.

- Dealú cuí dualgas agus doiciméadú cuí nósanna imeachta agus rialuithe atá dírithe ar chalaiois a chosc agus a bhrath;
- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a aontaíonn Bord Líonraí Gáis Éireann agus Bord Ervia;
- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais;
- Déantar sraith chuimsitheach táscairí ar fhaisnéis na bainistíochta agus táscairí feidhmíochta gach ráithe a cheadaíonn monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn de réir cuspóirí fadtéarmacha agus buiséad bliantúil;
- Beartais inmheánacha a cheanglaíonn ar gach fostaí cloí go hionraic leis na caighdeáin eitice is airde. Ar na beartais sin, tá: an Cód Iompraíochta, an Beartas Frith-Chalaoise, an Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe, an Beartas chun Stocaireacht a Rialú agus an Beartas um Nochtuithe Cosanta;
- Clár cuimsitheach frithchalaoise a chuimsíonn Beartas Frithchalaoise, Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe, oiliúint agus cumarsáid agus plan um fhreagairt do chalaiois;

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar leanúint.)

- Athbhreithnithe córasacha ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus oibriúcháin ag iniúchóireacht inmheánach Líonraí Gáis Éireann. Sna hathbhreithnithe sin, leagtar béim ar na réimsí is mó ina bhfuil riosca de réir mar a aithnítear ag measúnú riosca; agus
- Measúnú ar an gcreat rialaithe inmheánaigh ina dtugtar faoi mheasúnú riosca leathan, ina ndéantar athbhreithniú ar oibriú agus éifeachtúlacht na bpríomhbheartas agus príomhphróiseas rialaithe, ina ndéantar tuairisciú féinmheasúnaithe maidir le rialú inmheánach agus ina ndéantar tuairisciú míosúil ar fheidhmíocht, le tacaíocht gníomhaíochtaí dearbhaithe an Riosca, an Iniúchta Inmheánaigh agus an Iniúchta Sheachtraigh.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá creat láidir ag Líonraí Gáis Éireann d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar leorgacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí agus atá siad, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibriúcháin, comhlíontachta agus próisis bainistíochta riosca.

Tá Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm oiriúnach don ghnó. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh i ndáil le Líonraí Gáis Éireann, is é atá mar bhonn agus taca aige ná obair na mbainisteoirí sa Chuideachta atá freagrach as forbairt agus cothú an chreata rialaithe inmheánaigh. Cuireann an CIR leis an obair seo, agus déanann siadsan maoirseacht ar obair Fheidhmeanna Riosca agus Rialachais Líonraí Gáis Éireann, ar obair Iniúchóireachta Inmheánaí Líonraí Gáis Éireann, agus ar na ráitis a dhéanann na hiniúchóirí seachtracha ina litreacha do bhainisteoirí agus/nó i dtuairiscí nach iad. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus do Bhord Ervia agus Líonraí Gáis Éireann, nuair is cuí, go pras.

Cuimsíonn monatóireacht leanúnach ag bainisteoirí Líonraí Gáis Éireann:

- Athbhreithniú agus breithniú ar an gclár iniúchóireachta inmheánaí agus breithniú ar a thuarascálacha agus a thorthaí i dtaobh Líonraí Gáis Éireann. Déanann an ARC athbhreithniú freisin ar an gclár Iniúchóireachta Inmheánaí do Líonraí Gáis Éireann.
- Athbhreithniú ar thuairisciú rialta ón iniúchadh inmheánach maidir le stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh i Líonraí Gáis Éireann, agus stádas na saincheistanna a ardaíodh roimhe sin ina dtuarascálacha féin. Déanann an CIR athbhreithniú ar thuarascálacha freisin.
- Rannpháirtíocht san Fhóram Dearbhaithe Chomhtháite.
- Rannpháirtíocht i gCoiste Bainistíochta Riosca Líonraí Gáis Éireann.
- Cruinnithe míosúla a d'fhéadfadh cúrsaí airgeadais, riosca, iniúchóireachta inmheánaí agus oibriúcháin i dtaca le Líonraí Gáis Éireann a chuimsiú.

Cuimsíonn monatóireacht leanúnach ag Bord Líonraí Gáis Éireann;

- Athbhreithniú ar Phróifíl Riosca Líonraí Gáis Éireann.
- Athbhreithniú agus plé ar an tuarascáil ó Chathaoirleach GNI maidir le héifeachtúlacht oibriú na gcóras rialaithe inmheánaigh, idir airgeadas agus oibriúcháin.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheist ábhartha maidir le rialú airgeadais.

Áirítear leis an monatóireacht leanúnach a dhéanann an ARC;

- Athbhreithniú ar bhonn ráithiúil ar thuarascálacha an Fhórais Dearbhaithe Chomhtháite maidir leis an gcóras um rialú inmheánach i Líonraí Gáis Éireann.
- Athbhreithniú ar Phróifíl Riosca Líonraí Gáis Éireann ar bhonn ráithiúil.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ó fheidhm na hiniúchóireachta Inmheánaí ina bhfuil sonraí ar shaincheistanna rialaithe agus an t-eolas is déanaí ar stádas ar dhíol ar luach clabhsúir maidir le moltaí oscailte i leith iniúchóireacht inmheánach.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheistanna ábhartha maidir le rialú airgeadais inmheánach.
- Athbhreithniú agus breithniú ar an tuarascáil ó Phríomhfheidhmeannach Ghrúpa Ervia ar a éifeachtaí is atá na córais um rialú inmheánach, idir rialú airgeadais agus oibriúcháin.

Caiteachas caipitil agus oibríochtaí

Tá córais láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm lena chinntiú, de réir mar is cuí, go gcloítear leis na prionsabail agus riachtanais ábhartha maidir leis na Treoirínte Bonneagair a foilsíodh le deireanas (rud atá ann in ionad sraith treoirínte um Chód Caiteachais Phoiblí 2019). Leanfar ar aghaidh le gníomhaíocht aistrithe a bhaineann leis na Treoirínte Bonneagair nuashonraithe isteach in 2024 chun comhlíontacht aon cheanglais bhreise a chinntiú.

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar leanúint.)

Tugtar i mBeartas Soláthair Ervia/Líonraí Gáis Éireann (PD02) na nósanna imeachta a leanfaidh Grúpa Ervia chun tacú le riachtanais soláthair san eagraíocht. Trí PD02 a chur i bhfeidhm déantar cinnte go bhfaightear luach ar airgead i gcleachtais soláthair, go gcloítear le dlíthe AE agus Éireannacha maidir le soláthar poiblí, go ndéantar próisis tairisceana a bhainistiú go cuí agus go gcoimeádtar forbhreathnú rialachais agus bainistíochta ar an bpróiseas soláthair ar fud Ghrúpa Ervia.

I mBeartas Ervia maidir le Caiteachas agus Faomhadh Conarthaí (PD03), leagtar amach an creat maidir le caiteachas airgeadais agus rialachas na gconarthaí, lena n-áirítear an próiseas údaraithe agus leibhéil údaráis le haghaidh caiteachas caipitil agus oibríochta in Ervia, Líonraí Gáis Éireann agus i ngach ceann dá bhfochuideachtaí. Caithfidh gach faomhadh caiteachais agus conartha cloí leis na ceanglais i gCreatlach Rialachais Ervia/Líonraí Gáis Éireann agus PD03.

Tá an creat um chaiteachas airgeadais agus rialachas conarthaí ag teacht leis na critéir maidir le luach ar airgead sa Chód Caiteachais Phoiblí uasdátaithe, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Nollag 2023.

Anuas ar cheanglais soláthair náisiúnta agus AE, ní mór don chaiteachas caipitil cloí le haon riachtanais a d'fhéadfadh an Coimisiún um Rialáil Fóntais a leagan síos, riachtanais a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an bpleanáil agus tosaíochtaí bonneagair náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Úsáidtear modhanna cuí measúnaithe infheistíochta i dtaca le tionscadail chaipitil agus clár chaipitil ionas gur féidir cinntí a dhéanamh go héifeachtach. Déantar measúnú ar thionscadail chaipitil agus ar chlár chaipitil agus déantar iad a sheachadadh le próiseas faofa láidir 5 chéim.

Feidhmíonn an próiseas gealltanais caipitil le haghaidh Líonraí Gáis Éireann ar an mbonn go n-iarrfadh an chuideachta na ceadanna ábhartha ón Aire roimh ré i gcomhair imchluadaigh iomláin de ghealltanais caipitil le tabhairt fúthu le linn na bliana airgeadais dár gcionn.

Iarrann Líonraí Gáis Éireann ceadanna Aire ar leithligh sula dtugtar gealltanais do thionscadal caipitil aonair ar bith nó do chlár caipitil nua ar chostas €20m nó níos mó i gcás caiteachais rialáilte agus €10m i gcás caiteachais neamhrialáilte. Cuirtear ceadanna Aire faoi bhráid na Máthair-roinne agus ranna rialtais ábhartha eile atá rannpháirteach sa phróiseas ceadaithe don iarratas sonrach. Lena chois sin, cuirtear iarratais ar fhaomhadh ón Aire faoi bhráid NewERA, a chuireann comhairle shonrach ar chúrsaí airgeadais agus tráchtála ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht sula dtugann an tAire cead.

Cuirtear infheistíochtaí caipitil, lena n-áirítear conarthaí a bhfuil luach os cionn €3.5 milliún ag baint leo, faoi bhráid Choiste Faofa Caiteachais (CFC) Líonraí Gáis Éireann lena n-athbhreithniú agus lena bhfaomhadh. Ní mór faomhadh a fháil ó Bhord Ervia agus ó Bhord Líonraí Gáis Éireann le haghaidh caiteachais caipitil ar bith atá níos mó ná €10m.

Tugtar an t-eolas is déanaí do na Stiúrthóirí maidir le stádas tionscadal agus clár caipitil de réir mar a dhéantar dul chun cinn orthu, lena n-áirítear an t-eolas is déanaí maidir lena gcur i bhfeidhm i gcomparáid leis an bplean, leis na sceidil agus le cáilíocht. Cuirtear tuairisciú buiséid agus difríochta i láthair don Bhord chomh maith. Bíonn cuspóirí ar leith ag gach tionscadal agus déantar iad a mheas i leith na gcuspóirí sin. Tá diancheanglais seachadta agus príomhtháscairí feidhmíochta mar chuid de thairiscintí agus de conarthaí a eascraíonn astú, agus úsáidtear iad chun feidhmíocht a thomhas le linn thréimhse an tionscadail. Cuirtear athbhreithnithe tar éis tionscadail agus tuairiscí dúnta airgeadais i láthair CFC, Bhord Líonraí Gáis Éireann, Choiste Airgeadais agus Infheistíochta Ervia agus Bhord Ervia le meastóireacht a dhéanamh orthu ag brath ar luach an tionscadail nó an chlár. I gcruinnithe deiridh tionscadal agus athbhreithniú bliantúla ar chlár, éascaítear cur chuige 'ceachtanna a foghlaimíodh'. Déantar na ceachtanna sin a mheasúnú, a rianú agus a chur i bhfeidhm ansin ar thionscadail atá ann faoi láthair ar fud na heagraíochta agus ar thionscadail a bheidh ann de réir mar is cuí.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Níl aon ábhar inmí suntasach léirithe ag Oifigeach um Chosaint Sonraí Líonraí Gáis Éireann maidir le neamhchomhlíonadh i ndáil le riachtanais reachtacha faoi RGCS.

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh (ar leanúint.)

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais. Bhain an t-athbhreithniú seo le rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta agus le córais bainistíochta riosca don bhliain 2023 agus cinnteoidh siad go ndéanfar athbhreithniú den chineál céanna sa bhliain 2024. Rinne an CIR athbhreithniú mionsonraithe, agus thuiriscigh siad a gcuid torthaí do Bhord Ervia.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí ábhartha i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2023 a bhfuil foráil ag teastáil uathu sna ráitis airgeadais.

Ráiteas ar fhaisnéis iniúchta ábhartha

I gcomhréir le hAlt 330 d'Acht na gCuideachtaí 2014, measann na Stiúrthóirí go bhfuil gach céim riachtanach glactha acu chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha don iniúchadh agus tá sé socraithe acu go bhfuil iniúcháir reachtúil an Ghrúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Sa mhéid is eol dóibh, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha ann nach bhfuil iniúcháir reachtúil na Cuideachta ar an eolas fúithi.

Ráiteas comhlíonta na stiúrthóirí

Dearbhaíonn Stiúrthóirí na Cuideachta go bhfuil siad freagrach as a chinntiú go bhfuil an Chuideachta ag comhlíonadh a hoibleagáidí ábhartha de réir Alt 225 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá na Stiúrthóirí den tuairim go bhfuil na beartais, struchtúir agus socruithe atá i bhfeidhm ag an gCuideachta oiriúnach chun cur ar chumas na Cuideachta, a hoibleagáidí bainteacha a chomhlíonadh go hábhartha. Tá "oibleagáidí bainteacha" na Cuideachta sainaitheanta sa Ráiteas Beartais um Chomhlíontacht agus sa Mhaitrís Chomhlíontachta ghaolmhar, ina n-aithnítear na príomhghníomhaíochtaí agus seiceálacha nach mór a bheith i bhfeidhm. Tá an Ráiteas Beartais um Chomhlíontacht seo curtha in iúl do bhainisteoirí sinsearacha uile na Cuideachta chun comhlíonadh leanúnach agus daingean an Bheartais Chomhlíontachta a chinntiú. Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú i lár agus ag deireadh na bliana airgeadais ar na socruithe agus struchtúir a bhí i bhfeidhm don bhliain 2023 chun a chinntiú go raibh an Chuideachta ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí ábhartha. Feabhsófar an Ráiteas Beartais Comhlíontachta chun oibleagáidí comhlíontachta na Cuideachta a chomhlíonadh de réir mar a fhorbraíonn na hoibleagáidí sin agus/nó gnó na Cuideachta.

Is próiseas dinimiciúil é an comhlíonadh, a bhfuil an-chuid beartas agus nósanna imeachta ag teastáil chun go mbeidh éifeachtúlacht ag baint leis an mbeartas comhlíontachta, chomh maith le tiomantas na Stiúrthóirí agus na mbainisteoirí sinsearacha, agus tacaíocht ó na fostaithe, conraitheoirí agus gníomhairí uile. Tá na Stiúrthóirí geallta chun timpeallacht a chothú ar leibhéal an Bhoird agus ar fud na Cuideachta lena músclaítear feachtas agus lena dtugtar aird ar agus a gcuirtear chun cinn aidhmeanna an Bheartais Comhlíontachta.

Acht na gCuideachtaí 2014

Tá Líonraí Gáis Éireann díolmhaithe ón oibleagáid an 'Chuideachta Gníomhaíochta Sainithe' a úsáid chun cur síos ar an gcineál cuideachta ina hainm de bhun Alt 151 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Gnóthas Leantach

Tá ionchas réasúnach ag na Stiúrthóirí go leanfaidh an Grúpa agus an Chuideachta ag freastal ar a ndlíteanas mar a thagann siad go ceann i bhfad agus dá réir sin ullmháitear na ráitis airgeadais ar bhonn ghnóthais leantaigh. Tá luach €312m milliún de shaoráidí bairc tiomanta neamhtharraingthe ar fáil don Ghrúpa (2022: €312 milliún) agus tuartar go mbeidh brabús láidir aige sa bhliain 2024, agus dá bhrí sin beidh sé in ann dlíteanas a ghlanadh de réir mar a bhíonn siad dlite. Dá réir sin, tá na Stiúrthóirí fós ag dul i muinín bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le hullmhú na ráiteas airgeadais sin. Tá níos mó sonraí faoin measúnú gnóthais leantaigh sin agus faoi shuíomh leachtachta an Ghrúpa ar fáil i nóta 1 agus 23 (ii), faoi seach, leis na ráitis airgeadais seo.

Iniúcháir neamhspleách

Tá an Chuideachta ar an eolas faoi na ceanglais maidir le huainíocht Chomhpháirtí Iniúcháireachta agus Chomhlacht Iniúcháireachta, faoi na socruithe aistrithe i gcomhair uainíochta agus faoin srian ar theidíocht an iniúchára reachtúil chun seirbhísí áirithe nach seirbhísí iniúcháireachta iad a chur ar fáil le haghaidh eintitis leasa phoiblí.

Iniúchóir neamhspleách (ar leanúint)

Fuarthas toiliú ón Aire chun Deloitte Ireland CDT a cheapadh mar iniúchóir seachtrach do Ghrúpa Ervia, lena n-áirítear Líonraí Gáis Éireann, do na blianta 2019-2021, agus fuarthas toiliú breise ón Aire chun síneadh a chur leis an gceapachán do na blianta 2022 agus 2023.

Fuarthas cead ón Aire, tar éis próiseas tairisceana a chur i gcrích, KPMG a cheapadh mar iniúchóir do Líonraí Gáis Éireann sna blianta airgeadais 2024, 2025 agus 2026 agus tá an rogha ann síneadh ama suas le 2 bhliain eile a chur leis an téarma ceapacháin seo (2027 agus 2028)

Síntiúis pholaitíochta

Níor tugadh aon síntiúis pholaitíochta i gcaitheamh na bliana airgeadais (2022: nialas).

Teagmhais iarchláir chomhardaithe

Níor tharla eachtraí suntasacha a chuir as don Ghrúpa ó bhí deireadh na bliana airgeadais ann, seachas mar atá luaite i nóta 27 de na ráiteas airgeadais.

Ar son agus thar ceann Líonraí Gáis Éireann:



Kevin Toland
Cathaoirleach



Keith Harris
Stiúrthóir

29 Aibreán 2024

Dáta Faofa

An Bord agus an Fhoireann Feidhmiúcháin



Kevin Toland **Cathaoirleach**

Ceapadh Kevin Toland ina chomhalta Boird i mí Aibreáin 2023. Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin/Cathaoirleach é a bhfuil go leor taithí aige tar éis dó 30 bliain a chaitheamh i róil POF agus bhainistíochta sna hearnálacha bia, cothaithe, dí, eitlíochta agus miondíola ar fud an domhain, agus tá réimse leathan scileanna gnó agus taithí dhomhain aige ar thráchtáil, airgeadas, straitéis agus bunathrú chun feabhais agus tá dea-theist air maidir le forbairt agus stiúradh foirne láidre a chuir borradh faoi fhás agus luach gnó. Tá Kevin ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iníochóireachta ag Dole cpt faoi láthair, chomh maith le bheith ina Chathaoirleach ag Invert Robotics, ina Chathaoirleach ag Vasorum agus ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ag Bewleys Teoranta. Bhí Kevin ina Phríomhfheidhmeannach ag Arysza AG roimhe seo ón mbliain 2017 go dtí an bhliain 2020 agus bhí sé ina Chathaoirleach ag Identigen. Bhí sé ina POF roimhe seo ag DAA cpt, an grúpa seirbhísí aerfoirt, agus bhí sé ina Chathaoirleach ag ARI ón mbliain 2013 go dtí an bhliain 2017. Agus roimhe sin arís, d'oibrigh Kevin le Glanbia cpt i roinnt ról ón mbliain 1999 go 2012, agus go háirithe bhí sé ina POF agus ina Uachtarán ar a gcuideachta Cothaithe Dhomhanda agus ar a gcuideachta Cáise i SAM, agus bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Bhord an cpt ón mbliain 2003 go deireadh na bliana 2012. Is Comhalta é Kevin d'Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta agus tá Diplóma san Airgeadas Feidhmeach aige ó Fhoras Bainistíochta na hÉireann.



Fiona Egan **Ball Boird**

Ceapadh Fiona Egan (FCA, B.Comm) ina comhalta Boird i mí Aibreáin 2023. Tá Fiona ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Rabobank Ireland faoi láthair. Is Stiúrthóir Bainistíochta í a bhfuil go leor taithí aici agus breis agus 20 bliain caite aici ag obair mar POF, mar Bhaincéir Corparáideach agus Infheistíochta agus mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin i roinnt ról ceannaireachta, forghníomhaithe agus rialachais. Chaith Fiona 19 mbliana ag obair le Rabobank, agus roimhe sin chaith sí 7 mbliana ag obair le Goodbody Corporate Finance tar éis di oiliúint a fháil agus cáiliú mar Chuntasóir Cairte le KPMG. Tá céim Baitsiléara Tráchtála ag Fiona ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus tá Diplóma sa Chuntasáíocht Ghairmiúil aici ó Scoil Ghnó Smurfit. Bhí Fiona ina comhalta Boird ag grúpa meánmhéide meán ón mbliain 2011 go dtí an bhliain 2018. Rinne Fiona roinnt Cláir Forbartha Ceannaireachta i scoileanna gnó ar fud na hEorpa agus sna Stáit Aontaithe lena n-áirítear Scoil Ghnó Harvard, Chicago Booth, Scoil Ghnó Ashridge (Londain) agus Scoil Ghnó IESE in Barcelona.



Saoirse Fahey

Ball Boird

Ceapadh Saoirse Fahey (ACA, B. Elec Eng) ina comhalta Boird i mí Aibreáin 2023. Tá Saoirse ina Ceannasaí Airgeadais agus Straitéise ag Stripe EMEA agus APAC faoi láthair, chomh maith le bheith ina ceannasaí Díolacháin do na réigiúin ar fad. Is ceannasaí airgeadais í a bhfuil go leor taithí aici agus breis agus 20 bliain caite aici i róil cheannaireachta, forghníomhaithe agus rialachais. D'oibrigh Saoirse le Phorest Salon Software mar Phríomhoifigeach Airgeadais agus mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin sula ndeachaigh sí ag obair le Stripe sa bhliain 2020. Chaith sí 20 bliain ag obair le Microsoft, i róil Airgeadais, Mhargaíochta, Díolacháin agus Oibriúcháin, ar fud an Domhain agus san Eoraip araon, tar éis di oiliúint a fháil agus tar éis di cáiliú mar Chuntasóir Cairte le PricewaterhouseCoopers. Tá céim Baitsiléara Innealtóireachta ag Saoirse ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Diplóma sa Chuntasaíocht Ghairmiúil ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá Saoirse ar roinnt Bord ag Stripe. Rinne Saoirse roinnt Clár Forbartha Ceannaireachta i scoileanna gnó ar fud na hEorpa agus sna Stáit Aontaithe lena n-áirítear Scoil Bhainistíochta Kellogg (Chicago), Scoil Ghnó Ashridge (Londain) agus Scoil Ghnó IESE in Barcelona.



Keith Harris

Ball Boird

Ceapadh Keith Harris ina chomhalta Boird i mí Aibreáin 2023. Tá sé ina Stiúrthóir Boird ag South Staffordshire cpt, ina Chomhpháirtí Tionscail ag AIP Asset Management agus ina chomhlach de OXERA CDT. Is leis freisin an gnóthas comhairleach um bonneagar príobháideach, LorraineHouse, a bhaineann go sonrath le hinfeistíochtaí sa ghiniúint fuinnimh agus sa dáileachán. Chaith Keith 20 bliain ag obair le Wessex Water sula raibh na poist sin aige, agus cuid den tréimhse seo caite aige mar cheannasaí domhanda Rialála le ENRON / AZURIX. Bhí roinnt post sinsearach éagsúil Feidhmiúcháin agus Boird ar leibhéal an Ghrúpa, fóntais agus neamhrialaithe aige le Wessex Water Cpt, lena n-áirítear Príomhoifigeach Airgeadais agus leas-POF.



Sean Hogan

Ball Boird

Ceapadh Sean Hogan ina chomhalta Boird i mí Aibreáin 2023. Tá Sean ina Stiúrthóir Cairte agus bhí sé ina Chathaoirleach ag Uisce Thuaisceart Éireann Teoranta ó mhí an Mhárta 2011 go dtí mí an Mhárta 2015, agus tá sé ina Chathaoirleach ag WRAS Teo sa Ríocht Aontaithe faoi láthair, agus bíonn sé ina Chathaoirleach ar an sainchoiste comhairleach um eitinn bhólachta don Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe i dTuaisceart Éireann.



Geraldine Kelly

Ball Boird

Ceapadh Geraldine Kelly ina chomhalta Boird i mí Aibreáin 2023. Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin í a bhfuil go leor taithí faighte aici le linn gairm bheatha rathúil idirnáisiúnta agus tá dea-theist uirthi maidir le torthaí a bhaint amach. Tá taithí os cionn 25 bliain aici ar bhoird éagsúla, ag cur le cuideachtaí rathúla in earnálacha na teicneolaíochta, an Fhuinnimh agus na Teicneolaíochta Glaine, agus tá an cumas inti straitéisí teicneolaíochta agus digiteacha a bharrfheabhsú d'fhonn réitigh ghnó inbhuanaithe a fhorbairt. Tá Geraldine ina cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin ag Accountant Online Limited faoi láthair. Bhí róil éagsúla aici roimhe seo lena n-áirítear a bheith ina Cathaoirleach ag Plan Ireland agus ag Microfinance Ireland chomh maith le bheith ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ag Banc Morgáistí Bhanc na hÉireann, ag Cenergise Energy Trading Limited, ag Gaelectric Limited agus ag Institiúid Náisiúnta Tyndall. Bhain Geraldine céim sa Mhatamaitic agus san Eacnamaíocht amach ag Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, agus céim máistreachta san Eacnamaíocht ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath Tá sí ina Stiúrthóir Cairte le hInstitiúid na Stiúrthóirí agus ina Stiúrthóir Banc Deimhnithe le hInstitiúid na Bancéireachta.



Cathal Marley

Ball Boird

Ceapadh Cathal Marley ina chomhalta Boird i mí Aibreáin 2019. Thosaigh sé ag obair mar Phríomhoifigeach Airgeadais le Ervia sa bhliain 2016 agus ceapadh ina POF é sa bhliain 2020. Tá taithí os cionn 20 bliain aige san earnáil fóntais agus bonneagair mar a raibh ról shinsearacha aige ar fud na n-earnálacha leictreachais, uisce agus gáis. Tá MBA aige ó Scoil Ghnó Michael Smurfit, COBÁC, agus tá sé ina chomhalta d'Institiúid na gCúntasóirí Cairte, ina bhall d'Údarás Ceannais OCBÁC, ina bhall de Bhord Fhoras Bainistíochta na hÉireann (IMI), agus ina chomhalta Boird de Chumann Snámha na hÉireann. D'oibrigh sé le EY i mBaile Átha Cliath agus in Oirthear na hEorpa go luath ina ghairm bheatha.



Joe O'Flynn

Ball Boird

Ceapadh Joe O'Flynn ina chomhalta Boird i mí Aibreáin 2023. Tá sé ina Chathaoirleach ar an nGrúpa One Cork agus ina chomhalta de Chomhairle Forbartha Aerfort Chorcaí. Ceapadh ina bhall de bhord feidhmiúcháin an International Transport Federation é i mí Dheireadh Fómhair 2018. Is iar-Ard-Rúnaí de CSTGT é, agus iar-Ardmhéara agus iar-Chomhairleoir Cathrach, Cathair Chorcaí é freisin. Is iarstiúrthóir ar dhá chomhlacht atá cleamhnaithe le CSTGT é- the Institute for the Development of Employment Advancement Services agus Ionad Larcon- an comhlacht rialaithe d'Ionad Halla na Saoirse do na Taibhealaíona. Is iarchisteoir de Chomhdháil na gCeardchumann agus iarbhall dá Chomhairle Feidhmiúcháin é freisin.



Keara Robins

Ball Boird

Ceapadh Keara Robins ina comhalta Boird i mí Aibreáin 2023. Tá taithí shuntasach neamhfheidhmiúcháin ag Keara ar bhoird i gcomhlachtaí stáit, ar chistí infheistíochta fuinnimh rialáilte agus san earnáil dheonach. Bhí sí ina comhalta boird den Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA) go dtí mí Lúnasa 2023 agus tá sí ina stiúrthóir neamhspleách ag 4D Global Energy Funds. D'oibrigh sí ar fud an domhain san earnáil ola agus gáis ag obair le Shell International mar innealtóir peitriam, mar innealtóir conarthaí, agus mar innealtóir sinsearach tionscadail. D'oibrigh sí san earnáil ina dhiaidh sin mar chomhairleoir neamhspleách do Rialtais, do chuideachtaí neamhspleácha ola, d'Fhondúireachtaí agus do na Náisiúin Aontaithe ar réimse dúshlán fuinnimh. Tá sé cruthaithe aici go bhfuil taithí agus tuiscint aici ar shlabhra luacha na hearnála fuinnimh trí chéile agus suim ar leith aici sna dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus le dícharbónú fuinnimh. Tá céim san innealtóireacht (BA BAI) aici ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Ráitis airgeadais

Tuarascáil an Iniúchára Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann

Tuarascáil ar iniúcháireacht na ráiteas airgeadais

Tuairim ar ráitis airgeadais Líonraí Gáis Éireann (an ‘Cuideachta’)

Is é ár dtuairim go dtugann ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta:

- léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail ar an 31 Nollaig 2023 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain airgeadais dar chríoch sin; agus
- gur ullmháodh i gceart iad i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais ábhartha, agus, go háirithe le ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014 agus, maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa, le hAirteagal 4 de Rialachán IAS.

Cuimsítear na nithe seo a leanas sna ráitis airgeadais ar a ndearnamar iniúcháireacht:

ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Ráiteas faoi Ioncam Grúpa;
- Ráiteas Grúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile;
- Clár Comhardaithe an Ghrúpa;
- ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe ar Ghnáthscaireanna;
- Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 1 go dtí 29, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta ábhartha mar atá leagtha amach i nóta 1.

ráitis Airgeadais na Cuideachta:

- Clár Comhardaithe na Cuideachta;
- Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe sa Chothromas;
- Ráiteas na Cuideachta ar Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 30A go dtí 30R, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta ábhartha mar atá leagtha amach i nóta 1.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a bhí curtha i bhfeidhm i leith ullmhúchán ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus na Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA) mar atá glactha ag an Aontas Eorpach agus cinntí cláir oibre de chuid Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC), arna fhorhnuiniú ag an AE, agus atá i bhfeidhm do na tréimhsí cuntasaíochta ag tosú ar an nó i ndiaidh an 1 2023 Eanáir (“an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha”).

Bonn leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúcháireacht i gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) agus leis an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeán sin sa chuid “*Freagrachtaí an Iniúchára maidir le hiniúcháireacht ar na ráitis airgeadais*” dár dtuarascáil.

Táimid neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an gCuideachta i gcomhréir leis na ceanglais eiticíúla atá ábhartha lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil atá eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, mar atá curtha i bhfeidhm ar eintitis leasa phoiblí, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na ceanglais sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar dár dtuairim.

Achoimre ar ár gcur chuige iniúchóireachta

| | |
|--|---|
| <p>Príomhábhair iniúchóireachta</p> | <p>Ba iad na príomhábhair iniúchóireachta a d'aithníomar sa bhliain airgeadais reatha ná:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cruinneas an aitheantais ioncaim a bhaineann le hioncaim rialáilte ón tarchur agus ón dáileadh; agus • Luacháil maidir le caiteachas a bheith á chaipitliú go neamhchruinn nach bhfuil i gcomhréir le ceanglais IAS 16. |
| <p>Ábharthacht</p> | <p>Ba é an ábharthacht a socraíodh sa bhliain airgeadais reatha don ghrúpa ná €11 milliún ar bhonn thart ar 1% de ghlan sócmhainní agus €10.45 milliún don Chuideachta. Tugadh comaoin do sciar na Cuideachta de ghlan sócmhainní an Ghrúpa agus Ábharthacht don Chuideachta á meas.</p> |
| <p>Raon Feidhme a Mheas</p> | <p>Socraíodh raon feidhme ár n-iniúchóireacht ag ár measúnú ar rioscaí an mhír áitis ábhartha, ár socrú ar ábharthacht agus cur i bhfeidhm na hábharthachta sin againn. Bhí na factóirí seo a leanas i measc na bhfactóirí a mheasamar agus raon feidhme iniúchadh an Ghrúpa á mheas chomh maith leis an leibhéal oibre a bhí le déanamh do gach cuideachta ábhartha: tábhacht airgeadais agus rioscaí sonracha na cuideachta; agus éifeachtacht na timpeallachta rialaithe agus gníomhaíochtaí monatóireachta, lena n-áirítear rialuithe ar fud an Ghrúpa.</p> |
| <p>Athruithe suntasacha ar ár gcur chuige</p> | <p>Ní dhearnadh aon athrú suntasach ar ár gcur chuige sa bhliain airgeadais reatha.</p> |

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Tar éis dúinn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, chinneamar gurb iomchuí do na stiúrthóirí bonn cuntasaióchta an ghnóthais leantaigh a úsáid chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

Chuimsigh ár meastóireacht ar mheasúnú na stiúrthóirí ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh ag glacadh le bunús gnóthais leantaigh don chuntasaiócht:

- Fuair eamar tuiscint maidir leis an bpróiseas a thug na stiúrthóirí faoi agus gnóthas leantach á mheas acu;
- Mheasamar oiriúnacht an mhodha arna úsáid ag na stiúrthóirí agus measúnú an ghnóthais leantaigh á dhéanamh i gcomhthéacs an chreat tuairiscithe airgeadais is infheidhme. Rinneamar meastóireacht ar ábharthacht agus cheistiomar iontaofacht na sonraí bunúsacha a d'úsáid na stiúrthóirí chun an measúnú a dhéanamh;
- Rinneamar meastóireacht ar na toimhdí ar a bhfuil measúnú na stiúrthóirí bunaithe trí shocrú cibé acu an raibh tacaíocht leordhóthanach do na toimhdí faoina bhun, lena n-áirítear na meicníochtaí éagsúla um rialú praghaís atá i bhfeidhm;
- Rinneamar measúnú ar chruinneas staire na réamhaisnéisí arna n-ullmhú ag lucht bainistíochta trí athbhreithniú a dhéanamh ar bhuiséid i gcomparáid leis na fíorfhiguirí ('actuals') don Ghrúpa agus don Chuideachta;
- Rinneamar athbhreithniú agus iniúchóireacht ar na réamhaisnéisí réamhbhreathnaitheacha trí mheastóireacht a dhéanamh ar "Bhuiséad 2024" agus "Plean Gnó 2023 – 2027" araon arna ullmhú ag Líonraí Gáis Éireann, agus ar na réamh-mheastacháin maidir le hioncam agus costais;
- Rinneamar athbhreithniú sonracha ar shaoráidí maoinithe an Ghrúpa agus na Cuideachta lena n-áirítear; athbhreithniú ar sheasamh airgid thirim an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais, na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Ghrúpa agus don Chuideachta agus béim curtha ar an bpróifíl um aisíocaíocht fiachais;
- Mheasamar na tionchair ar na haighneachtaí ar Rialú Praghanna atá á ndéanamh leis an gCoimisiún um Rialáil Fónais (CRF) agus Coimisiún Thuaisceart Éireann don Rialáil Fónais ar an mbliain airgeadais 2024 agus don tréimhse 12 mhí ar a laghad tar éis cheadú na ráiteas airgeadais; agus
- Rinneamar meastóireacht ar leordhóthanacht na nochtuithe ábhartha arna ndéanamh sna ráitis airgeadais.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníomar aon éiginnteachtaí ábhartha maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh, ina n-aonar nó le chéile, ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse de dhá mhí déag ar a laghad ón uair a dhéantar na ráitis airgeadais a údarú le heisiúint.

Tá cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí i leith an ghnóthais leantaigh le fáil sna ranna ábhartha den tuarascáil seo.

Príomhábhair Iniúcháireachta

Is ionann príomhábhair iniúcháireachta agus na hábhair úd, dar lenár mbreithiúnas gairmiúil, ba mhó tábhacht inár n-iniúcháireacht ar ráitis airgeadais na bliana airgeadais reatha agus áirítear leo na rioscaí measta is suntasaí maidir le míráiteas ábhartha (cibé acu go raibh nó nach raibh siad de thoradh na calaoise) a d'aithníomar, lena áirítear iad siúd is mó a raibh éifeacht acu ar: an straitéis iomlán iniúcháireachta, leithdháileadh acmhainní san iniúcháireacht; agus iarrachtaí na foirne rannpháirtíochta a threorú. Tugadh aghaidh ar na hábhair sin i gcomhthéacs ár n-iniúchta ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine, agus i dteacht ar thuairim ina leith, agus ní thugaimid tuairim ar leithligh maidir leis na hábhair sin.

Cruinneas na haitheanta aitheantas a bhaineann le hioncaim rialáilte ón tarchur agus ón dáileadh

Cur síos ar phríomh ábhar iniúcháireachta



Deirtear le caighdeáin iniúcháireachta nuair atá rioscaí an mhírítis ábhartha mar gheall ar chalaos á n-aithint ag an iniúcháir, déanfaidh an t-iniúcháir measúnú, bunaithe ar thiomhde go bhfuil rioscaí calaoise ann maidir le haitheantas ioncaim, ar idirbhearta ioncaim ábhartha agus sruthanna ioncaim ar leith agus dearbhuithe as a dtagann rioscaí den sórt sin.

Is ó sheirbhísí iompair gáis go príomha, i margaí rialáilte agus neamhrialáilte araon, a thagann ioncam €527.1 milliún an Ghrúpa. Tá sonraí leagtha amach i nóta 3 leis na ráitis airgeadais leis an bpolasaí cuntasáíochta atá leagtha amach i Nóta 1(g). Tagann an t-ioncam rialaithe ó phróiseas um Rialú Praghsanna arna fhorchur ag an rialaitheoir ábhartha, is é sin go príomha ná an CRF, trína ndéanann an rialaitheoir athbhreithniú ar na hioncaim a bhfuil sé ceadaithe ag an nGrúpa a aisghabháil trí tharaifí gáis as oibriú agus cothabháil leanúnach an líonra gáis. Beidh na speansais a aisghabhatar trí shocrú na taraife gáis faoi réir athraithe idir Blianta Gáis (ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Meán Fómhair). Is tríd an gcóras den chuid is mó a ghintear an t-ioncam rialaithe.

Cuimsíonn iarmhéid ioncaim an Ghrúpa cion d'ioncam neamhbhilleáilte ach ní bhaineann aon bhreithiúnas teoranta leis sin mar gheall ar an bpróiseas um rialú praghsanna atá i bhfeidhm. Gintear ríomhaireacht an ioncaim neamhbhilleáilte ag an gcóras.

Chinneamar gur ábhar tábhachtach iniúcháireachta atá i gcruinneas an aitheantais ioncaim a bhaineann le hioncam rialáilte ón tarchur agus ón dáileadh.

An chaoi ar fhreagair raon feidhme ár n-iniúchta don príomhábhar iniúcháireachta



Cuimsítear leis na nósanna imeachta a rinneamar maidir le hioncam rialáilte ón tarchur agus ón dáileadh na nithe a leanas:

Fuairamar tuiscint ar na socruithe ioncaim rialáilte atá i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa agus na Cuideachta.

Rinneamar measúnú ar an dearadh, shocraíomar cur i bhfeidhm agus rinneamar tástáil ar éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe inmheánacha ábhartha ar shruthanna ioncaim suntasacha an Ghrúpa agus na Cuideachta.

Le haghaidh an ioncaim arna ghineadh ag an gcóras a aithníodh i dtaobh sheirbhísí iompair agus dáileacháin gháis, fuairamar tuiscint ar na rialuithe inmheánacha ábhartha agus na córais bhilleála (lena n-áirítear idirphlé leis an mórleabhar ginearálta) i bhfeidhm le haghaidh na sruthanna ioncaim sin. Freisin rinneamar tástáil ar éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe TF ábhartha le cúnaimh na speisialtóirí Comhairleacha Riosca.

Le haghaidh ioncain rialáilte, ar bhonn samplach, rianaíomar an t-ioncam atá aitheanta go méideanna a gearradh i sonraisc do chustaiméirí agus fáil na híocaíochta ó na custaiméirí sin ina dhiaidh sin. Freisin thástálamar méid an gháis arna ghearradh as agus chinntíomar go raibh na muirir sin i gcomhréir leis na taraifí praghais rialála. Le haghaidh ioncain neamhbhilleáilte ag deireadh na bliana, ar bhonn samplach, réitíomar na méideanna le taifid iompair/dáileacháin, le sonraisc tar éis dheireadh na bliana agus fáiltais i gcomhair íocaíochtaí.

D'úsáideamar nósanna imeachta anailíse chun cruinneas an ioncain tarchuir agus dáileacháin a meas agus béim curtha ar choigeartuithe láimhe ar na sruthanna ioncain sin.

Rinneamar meastóireacht ar iomláine agus leordhóthanacht na nochtuithe ábhartha arna ndéanamh sna ráitis airgeadais le tagairt do cheanglais IFRS 15.

Príomhbharúlacha



Níl aon bharúil againn maidir leis na méideanna agus na nochtaí a bhaineann le cruinneas an aitheantais ioncain a bhaineann le hioncam rialáilte ón tarchur agus ón dáileadh.

Luacháil maidir le caiteachas a bheith á chaipitliú go neamhchruinn nach bhfuil i gcomhréir le ceanglais IAS 16

Cur síos ar phríomh ábhar iniúchóireachta



Tá an chuid is mó de bhonn sócmhainní an Ghrúpa agus na Cuideachta agus cuid mhór de chaiteachas bliantúil an Ghrúpa agus na Cuideachta

déanta suas de réadmhaoine, gléasra agus trealamh dar luach €2,478.1 milliún (Cuideachta: €2,119.7m) Ba é méid iomlán an chaiteachais caipitlithe a aithníodh sa bhliain airgeadais don Ghrúpa ná 142.1 milliún (Cuideachta:

€126.8mn) don iarmhéid Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh. Tá sonraí leagtha amach i nóta 9 le ráitis airgeadais an Ghrúpa (nóta 30A le ráitis airgeadais na Cuideachta) leis an bpolasaí cuntasaíochta atá leagtha amach i nóta 1 (b).

Ag brath ar a nádúr, d'fhéadfadh go ndéanfaí caiteachas a chaipitliú nó a chur chun cuntais sa bhliain ina thabhaítear an costas. Agus an cinneadh sin á dhéanamh, beidh ar na stiúrthóirí a mheas cibé acu an nginfear tairbhí eacnamaíochta amach anseo leis an gcaiteachas, a bhfuil breithiúnas suntasach ag baint leis, agus an gcomhlíonann sé na critéir um chaipitliú i gcomhréir leis an bpolasaí cuntasaíochta. Is réimse é seo atá i mbaol ó chlaonadh bainistíochta féideartha mar gheall ar an leibhéal suntasach breithiúnais.

Chinneamar gur ábhar tábhachtach iniúchóireachta é sin mar gheall ar an riosca go ndéanfaí caiteachas a chaipitliú go míchruinn agus nach mbeadh sé ar aon dul le ceanglais IAS 16.

An chaoi ar fhreagair raon feidhme ár n-iniúchta don príomhábhar iniúchóireachta



Cuimsítear leis na nósanna imeachta a rinneamar maidir leis an KAM na nithe seo a leanas:

an príomhábhar Iniúchóireachta Mheasamar cibé acu ar chomhlíon polasaithe cuntasaíochta an Ghrúpa agus na Cuideachtaí i ndáil le caipitliú caiteachais IFRS.

Rinneamar measúnú ar an dearadh, shocraíomar cur i bhfeidhm agus rinneamar tástáil ar éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe inmheánacha ábhartha ar phróiseas caipitlithe an Ghrúpa agus na Cuideachta.

Rinneamar meastóireacht ar an dearadh, shocraíomar cur i bhfeidhm agus rinneamar tástáil ar éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe inmheánacha ábhartha ar bhainistíocht tionscadal an Ghrúpa agus na Cuideachta ar shócmhainní caipitlithe (a chuimsigh buiséad i gcomparáid le hiniúchadh domhain iarbhir).

Freisin thástálamar rialuithe TF ábhartha, le cúnamh speisialtóirí Comhairleacha Riosca, lenár áiríodh idirphlé idir príomh-mhórléabhair agus mórléabhair thánaisteacha chun measúnú go n-aistrítear go tráthúil míreanna arna gcaipitliú chuig clár na sócmhainní seasta.

Rinneamar iniúchadh ar chonarthaí agus/nó shonraisc bhunúsacha, ar bhonn samplach, chun cinntiú go ndéanfaí costais a thaifeadadh go cuí agus gur cuí an t-aicmiú idir caiteachas caipitiúil agus oibriúcháin lenar áiríodh fíorú go raibh an tionscadal/an tsócmhainn coimisiúnaithe go cuí más ceann caipitiúil a bhí i gceist.

Fuaireamar fianaise, ar bhonn samplach, ar leithdháileadh cuí iarratas ceannaigh chuig tionscadail chaipitil fhaofa.

Rinneamar iniúchadh ar agus fuaireamar fianaise i gcomhair aon mhíreanna móra idir-réitigh idir clár na sócmhainní seasta agus an mór-leabhar ginearálta.

Rinneamar iniúchadh ar mhiontuairiscí na gcuinnithe ag Coiste an Ghrúpa um Fhaomhadh Infheistíochta mar fhianaise go bhfuair na míreanna go léir inár sampla breiseanna an faomhadh cuí.

Rinneamar meastóireacht ar iomláine agus leordhóthanacht na nochtuithe ábhartha arna ndéanamh sna ráitis airgeadais le tagairt do cheanglais IAS 16.

Príomhbharúlacha



Níl aon bharúlacha againn i dtaobh na méideanna agus na nochtuithe a bhaineann le caipitiú míchruinn réadmhaoine, gléasra agus trealaimh.

Dearadh ár nósanna imeachta iniúcháireachta i leith na n-ábhar seo i gcomhthéacs ár ráiteas airgeadais trí chéile, agus ní chun tuairim a chur in iúl faoi chuntais nó nochtuithe ar leith. Maidir leis na rioscaí a thuiriscítear thuas, ní dhéanann aon cheann acu difear dár dtuairim faoi na ráitis airgeadais agus ní dual dúinn tuairim a chur in iúl faoi na hábhair aonair seo.


Cur i bhfeidhm na hábharthachta againn

Is é an sainmhíniú a thugaimid ar ábharthacht ná cé chomh tromchúiseach agus atá aon míléiriú sna ráitis airgeadais ar bhealach a fhágann gur dócha go n-athrófaí nó go rachadh sé i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha duine atá cur amach cuibheasach maith aige nó aici ar na cúrsaí seo. Úsáidimid ábharthacht chun raon feidhme ár gcuid oibre iniúchta a phleanáil agus chun torthaí ár gcuid oibre a mheas.

Bunaithe ar ár mbreithiúnas gairmiúil féin, chinneamar ábharthacht do na ráitis airgeadais trí chéile mar seo a leanas:

| | Ráitis airgeadais an Ghrúpa | Ráitis Airgeadais na Cuideachta |
|---|--|--|
| Ábharthacht | €11m (2022: €11m) | €10.45m (2022: €10.45m) |
| An bunús ar a gcinntear ábharthacht | 1% de ghlansócmhainní | 95% d'ábharthacht an Ghrúpa Tugadh comaoin do sciar na Cuideachta de ghlansócmhainní an Ghrúpa agus Ábharthacht don Chuideachta á meas. |
| An réasúnaíocht atá taobh thiar den tagarmharc a cuireadh i bhfeidhm | Mheasamar gurb iad na glansócmhainní an ghné rithábhachtach chun ábharthacht a mheas mar gur cuideachta bonneagair atá i Líonraí Gáis Éireann agus go measfadh úsáideoirí na ráiteas airgeadais gur príomh-mhéadracht í luach glansócmhainne chun feidhmíocht a mheas. Mheasamar cúinsí cainníochtúla agus cáilíochtúla amhail ár dtuiscint ar nádúr an gháis. | Thángamar ar an tuairim gurb iad glansócmhainní an tagarmharc ábhartha ar aon dul leis an réasúnaíocht don Ghrúpa mar a soláthraíodh cáipéisí mar fhianaise ina leith. |

| | |
|--|--|
| | Líonraí Éireann agus a timpeallacht, an tionscal ina bhfuil sí ag feidhmiú, a struchtúr úinéireachta agus conas a mhaoinítear í. |
|--|--|



Shocraíomar ábharthacht feidhmíochta ag leibhéal níos ísle ná ábharthacht ionas gur lú an baol gur mó na míráiteas nach gceartaítear agus nach mbraitear ina n-iomláine ná an ábharthacht do na ráitis airgeadais trí chéile.

Bunaithe ar ár mbreithiúnas gairmiúil féin, chinneamar ábharthacht do na ráitis airgeadais trí chéile mar seo a leanas:

| | Ráitis airgeadais an Ghrúpa | Ráitis Airgeadais na Cuideachta |
|--|---|---|
| Ábharthacht feidhmíochta | 80% d'ábharthacht an Ghrúpa (2022: 80%) | 80% d'ábharthacht na Cuideachta (2022: 80%) |
| Bunús agus réasúnaíocht lena gcinntear ábharthacht feidhmíochta | <p>Agus ábharthacht feidhmíochta á cinneadh againn, thugamar na cúinsí seo san áireamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> Tá córas seanbhunaithe rialaithe inmheánaigh ag lucht bainistíochta agus ag na daoine a bhfuil rialachas de chúram orthu a choisceann nó a bhraiteann míráitis de ghnáth roimh ár nósanna imeachta iniúchta, lena gciallaítear gur féidir linn brath ar rialuithe mar chuid d'ár nósanna imeachta tástála; Is fánach méid stairiúil na míráiteas atá braite againn ónár nósanna imeachta iniúcháireachta; Bhí lucht bainistíochta agus na daoine a bhfuil rialachas de chúram orthu toilteanach imscrúdú iomlán a dhéanamh chomh maith le míráitis a sainathniodh le linn iniúcháireachtaí roimhe sin a cheartú, agus táimid muiníneach go ndéanfaidh siad an rud céanna i mbliana dá mba rud é go mbraithfimis míráitis nár bhraith na rialuithe inmheánacha roimhe seo; agus Is cuideachta aibí sheasmhach í Líonraí Gáis Éireann. | |

D'aontaíomar leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca Ervia go ndéanfaimis aon difríocht iniúchta sa bhreis ar €550,000 (2022: €550,000) a thuairisciú dóibh, chomh maith le difríochtaí faoi bhun na tairisí sin, ar gá tuairisciú orthu ar bhonn cáilíochta inár dtuairim. Tuairiscímid freisin don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca Ervia faoi ábhair nochta a d'aithníomar nuair a bhí cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais á mheas againn. Bunaithe ar ár mbreithiúnas gairmiúil féin, chinneamar ábharthacht do na ráitis airgeadais trí chéile mar seo a leanas:

Forbhreathnú ar raon feidhme ár n-iniúchta

Socraíodh raon feidhme ár n-iniúcháireacht ag ár measúnú ar rioscaí an mhírítis ábhartha, ár socrú ar ábharthacht agus cur i bhfeidhm na hábharthachta sin againn. Shocraíomar raon feidhme ár n-iniúcháireacht trí thuiscint a fháil ar an nGrúpa agus a timpeallacht, éifeachtach na timpeallachta rialaithe agus na ngníomhaíochtaí monatóireachta, lena n-áirítear rialuithe ar fud an ghrúpa, agus measúnú á dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ag leibhéal an Ghrúpa chomh maith le tábhacht airgeadais agus na rioscaí ar leith a bhaineann le cuideachtaí aonair. Dhíríomar raon feidhme ár n-iniúcháireacht Grúpa ar iniúcháireacht ar na trí chuideachta trádála dlíthiúla a dhéanann suas an Grúpa. Is ionann na cuideachtaí sin agus na príomhaonaid ghnó go léir agus is ionann iad 100% (2022: 100%) den ioncam agus 100% (2022: 100%) de shócmhainní iomlána an Ghrúpa Cuireadh ár gcuid oibre iniúcháireachta do gach cuideachta i bhfeidhm ag leibhéal níos ísle ná ábharthacht an Ghrúpa a bhí infheidhme i leithgach cuideachta aonair idir €2.2m agus €10.45m.

Ní raibh aon fhoireann iniúcháireachta comhpháirte ann, agus bhí an t-iniúcháireacht iomlán lena n-áirítear tástáil comhdhlúthaithe á déanamh ag foireann iniúcháireachta lárnach amháin.

Eolas eile

Is éard atá san fhaisnéis eile ná an fhaisnéis atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí agus sna Ráitis Airgeadais, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra air sin. Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí agus sna Ráitis Airgeadais.

Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile agus, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go soiléir inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál de chonclúid dearbhaithe air.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, dá bharr sin, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir ar bhealach ábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas san iniúcháireacht nó an ndearnadh an fhaisnéis a thuairisciú go míchruinn go hábhartha ar aon bhealach eile. Má aithnímid a leithéid de neamhréireacht ábhartha nó de mhíráiteas ábhartha dealraitheach, tá sé de cheanglas orainn a dheimhniú cibé acu a rinneadh an t-eolas a mhíshonrú go hábhartha sna ráitis airgeadais nó san fhaisnéis eile, nó nach ndearnadh, agus tá sé de dhualgas orainn é sin a thuairisciú. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go gcinneann muid go bhfuil míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ní mór dúinn an fhíric sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a míníodh níos iomláine i Ráiteas Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí do Thuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugtar leo léargas fíor agus cothrom agus go gcomhlíontar leo i ngach bealach eile le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus tá siad freagrach as cibé rialú inmheánach a chinneann siad is gá a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé an de dheasca calaoise nó earráid atá sé.

Trí na ráitis airgeadais a ullmhú, tá an Bord freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach, agus tá sé freagrach as cúrsaí a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, mar is infheidhme, agus úsáid á bhaint as an mbunús gnóthais leantaigh cuntasaíochta mura bhfuil sé ar intinn ag na stiúrthóirí an Grúpa nó Cuideachta a leachtú nó stop a chur le gnóthaí, nó mura bhfuil aon rogha eile aige ach é sin a dhéanamh.

Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúcháireacht ar na ráitis airgeadais

Is í an aidhm atá againn ná ráthaíocht réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu an calaois nó earráid is cúis leis, agus tuairisc iniúchóra a eisiúint a bhfuil ár dtuairim ag gabháil léi. Leibhéal ard dearbhaithe atá sa dearbhú réasúnta, ach ní deimhniú é i gcónaí go n-aimseoidh iniúcháireacht a dhéantar i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) míráiteas ábharach nuair is ann do cheann. Féadann míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó le chéile, go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos eile faoinár bhfreagrachtaí maidir leis an iniúcháireacht do na ráitis airgeadais ar fáil ar shuíomh gréasáin Údaráis Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag: <https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements/>. Tá an déan cur síos seo mar chuid de thuarascáil an Iniúchóra.

A mhéid a measadh go raibh an iniúcháireacht in ann neamhrialtachtaí a bhrath, lena n-áirítear calaois

Is éard is neamhrialtachtaí ann, calaois san áireamh, ná cásanna nuair nach gcloítear le dlíthe nó le rialacháin. Dearaimid nósanna imeachta sa chaoi is go bhfuil siad ag teacht lenár bhfreagrachtaí, mar a leagtar amach thuas, chun míráitis

ábhartha a bhrath maidir le neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois Tugtar cuntas thíos ar a mhéid atá ár nósanna imeachta in ann neamhrialtachtaí a bhrath, calaois san áireamh.

Ag aithint agus ag déanamh measúnaithe ar rioscaí a d'fhéadfadh tarlú maidir le neamhrialtachtaí

Ag aithint agus ag déanamh measúnaithe ar rioscaí de mhíríteas ábhartha maidir le neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois agus dlíthe agus rialacháin nár comhlíonadh leo, chuireamar an méid seo a leanas san áireamh:

- nádúr an tionscail agus na hearnála, timpeallacht rialaithe agus feidhmíocht an ghnóthais, lena n-áirítear dearadh beartas íocaíochta an Ghrúpa agus na Cuideachta, na nithe a bhí taobh thiar d'íocaíocht na stiúrthóirí, leibhéal bhónais agus spriocanna feidhmíochta;
- torthaí maidir lenár bhfiosruithe bainistíochta, iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca faoina n-aitheantas féin agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le neamhrialtachtaí;
- aon ábhar a d'aithníomar tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar cháipéisíocht an Ghrúpa agus na Cuideachta agus iad a fháil maidir lena bpolasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le:
 - o dlíthe agus rialacháin á n-aithint, á measúnú agus á gcomhlíonadh agus cibé acu an raibh siad ar an eolas faoi chásanna neamhchomhlíonta;
 - o rioscaí calaoise á mbrath agus á bhfreagairt dóibh agus cibé acu an bhfuil aon eolas acu ar aon chalaos iarbhír, amhrasta nó líonmhaithe;
 - o na rialaithe inmheánacha a bunaíodh chun rioscaí calaoise nó neamhchomhlíonadh le dlíthe agus rialacháin a mhaolú;
- na ceisteanna a pléadh i measc na foirne rannpháirtíochta iniúcháireachta agus speisialtóirí inmheánacha cuí, lena n-áirítear speisialtóirí achtúireacha maidir le conas agus cá háit a dtitfeadh calaois amach sna ráitis airgeadais agus maidir le haon táscairí calaoise féideartha.

Mar thoradh ar na nósanna imeachta seo, bhreithníomar ar na deiseanna agus na spreagthaí a d'fhéadfadh a bheith laistigh de chomhlacht maidir le caimiléireacht agus sainaitníodh an fhéidearthacht ba mhó do chaimiléireacht sna réimsí seo a leanas: cruinneas an aitheantais ioncaim a bhaineann le hioncaim rialáilte ón tarchur agus ón dáileadh agus luacháil maidir le caiteachas a bheith á chaipitliú go neamhchruinn nach bhfuil i gcomhréir le ceanglais IAS 16. Mar an gcéanna le gach iniúcháireacht faoi ISAanna, tá sé de dhualgas orainn nósanna imeachta sonracha a fheidhmiú chun rioscaí bainistíochta a sháru.

Fuaireamar tuiscint freisin ar na creataí dlíthiúla agus rialála a fheidhmíonn an Grúpa agus an Cuideachta iontu, ag díriú ar fhorálacha na ndlíthe agus na rialachán sin a raibh tionchar díreach acu ar shocrú na méideanna ábhartha agus nochtaí sna ráitis airgeadais. Cuimsítear leis na príomhdhlíthe agus rialacháin a bhreithníomar sa chomhthéacs seo Acht na gCuideachtaí 2014, an tAcht Airgeadais 2015, An tAcht Gáis 1976, An tAcht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992 agus an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997.

Anuas air sin, bhreithníomar ar fhorálacha dlíthe agus rialachán eile nach bhfuil tionchar díreach acu ar na ráitis airgeadais ach ar chomhlíonadh a d'fhéadfadh a bheith rithábhachtach do chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta oibriú nó pionóis ábhartha a sheachaint. Cuimsítear leis seo rialacháin an Ghrúpa agus na Cuideachta a bhaineann le gáis agus comhsaol, RGCS agus reachtaíocht sláinte agus sábháilteacht an fhostaí.

Freagra na hiniúcháireachta ar na rioscaí a sainaitníodh

Mar gheall ar fheidhmíocht an mhéid thuas, shainaitníomar cruinneas an aitheantais ioncaim a bhaineann le hioncaim rialáilte ón tarchur agus ón dáileadh agus luacháil maidir le caiteachas a bheith á chaipitliú go neamhchruinn agus nach bhfuil i gcomhréir le ceanglais IAS 16 mar phríomhábhair iniúcháireachta maidir leis an bhféidearthacht de riosca calaoise nó neamh-chomhlíonadh le dlíthe agus rialacháin. Míníonn an rannóg príomhábhar iniúcháireachta inár dtuairisc na hábhair le tuilleadh sonraí agus déanann sé cur síos ar na nósanna imeachta sonracha ar thugamar fóthu mar fhreagra ar na príomhábhair iniúcháireachta.

Anuas ar an méid thuasluaite, i measc ár nósanna imeachta chun dul i ngleic le rioscaí a sainaitníodh áirítear an méid seo a leanas:

- athbhreithniú a dhéanamh ar nochtaí ráiteas airgeadais agus tástáil a dhéanamh ar cháipéisíocht thacaíochta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh forálacha dlíthe agus rialachán cuí a bhí mínithe le tionchar díreach acu ar na ráitis airgeadais.

- fiosrú a dhéanamh ar bhainistíocht, comhairle dhlíthiúil inmheánach agus sheachtrach agus an coiste iniúchóireachta a bhaineann le dlíthíocht agus éilimh dháiríre agus fhéideartha;
- nósanna imeachta anailíseacha a fheidhmiú chun aon chaidreamh as an ngnáth nó nach rabhtas ag súil leo a aithint a d'fhéadfadh rioscaí ábhar míchruinn a bheith acu mar gheall ar chaimiléireacht;
- miontuairiscí cruinnithe a léamh dóibh siúd bainteach le rialachas, tuairiscí iniúchóireachta inmheánacha a athbhreithniú agus comhfhreagras leis an CRF agus an NIAUR a athbhreithniú; agus
- ag dul i ngleic le riosca calaoise trí rialuithe bainistíochta a shárú, cuibhiúlacht na n-iontrálacha sna leabhair chúnta agus leasuithe eile a thástáil; an léiríonn na breithiúnais a rinneadh nuair a socraíodh na meastacháin chuntasaíochta claontacht fhéideartha; agus réasúnaíocht an ghnóthais a mheas maidir le haon idirbheart suntasach atá as an ngnáth nó atá taobh amuigh de ghnáthchúraimí an ghnóthais.

Chuireamar na dlíthe agus rialacháin ábhartha agus na rioscaí caimiléireachta féideartha a sainithníodh in iúl do gach ball san fhoireann rannpháirtíochta lena n-áirítear speisialtóirí inmheánacha agus d'fhanamar airdeallach d'aon chomhartha caimiléireachta nó neamh-chomhlíontachta le dlíthe nó rialuithe le linn na curachóireachta.

Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

Tuairim ar ábhair eile arna bhforordú ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe amháin ar an obair déanta le linn na hiniúchóireachta, agus ar an obair sin amháin, tuairiscímid go bhfuil:

- An fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasaimid go bhfuil siad riachtanach chun críocha an iniúchta againn.
- Dar linn gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun iniúchóireacht réidh agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.
- Tá clár comhardaithe na Cuideachta ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Inár dtuairim, tá an t-eolas tugtha sna codanna sin de thuarascáil na Stiúrthóirí mar atá sonraithe dár n-athbhreithniú ag teacht leis na ráitis airgeadais agus go n-ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Ráiteas faoi Rialachas Corparáideach mar atá ina cheangail faoi Acht na gCuideachtaí 2014

Tuairiscímid, i ndáil leis an bhfaisnéis a tugadh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach agus atá cuimsithe i dTuarascáil na Stiúrthóirí:

- Inár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, tá an fhaisnéis atá tugtha sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach de bhun fho-alt 2(c) d'alt 1373 Acht na gCuideachtaí 2014 ag teacht le ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta i dtaobh na bliana airgeadais atá i gceist agus ullmhaíodh an fhaisnéis sin i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Bunaithe ar an eolas atá againn agus ar ár dtuiscint ar an gCuideachta agus ar a timpeallacht a fuarthas le linn na hiniúchóireachta, níl aon mhíráiteas ábhartha aitheanta againn san fhaisnéis sin.

Nithe ar gá dúinn a thuairisciú de réir eisceachta

Bunaithe ar an eolas agus an tuiscint ar an nGrúpa agus ar an gCuideachta agus ar a timpeallacht a fuarthas le linn na hiniúcháireachta, níl aon mhíríteas ábhartha aitheanta againn sna codanna úd de Thuarascáil na Stiúrthóirí mar atá sonraithe dár n-athbhreithniú.

Ceanglaítear orainn le hAcht na gCuideachtaí 2014 tuairisciú duit más amhlaidh, inár dtuairim, nár sholáthair an Chuideachta an t-eolas a cheanglaítear le Rialachán 5(2) go 5(7) ó Rialacháin an Aontais Eorpaigh 2017 (Nochtadh Faisnéise Neamhairgeadais agus Éagsúlachta ag gnóthais mhóra agus grúpa áirithe) (arna leasú) don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (an “Cód Cleachtas”), éilítear orainn a thuairisciú duit mura léiríonn an ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtas, mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach i dTuarascáil na Stiúrthóirí, go bhfuil an Grúpa ag cloí le mír 1.9(iv) den Chód Cleachtas nó nach bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn mar thoradh ar ár n-obair iniúcháireachta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014, lena gceanglaítear orainn a thuairisciú duit mura ndearnadh luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí a nochtadh mar atá sonraithe de réir an dlí, inár dtuairim.

Ábhair eile a cheanglaítear orainn plé leo

Tar éis mholadh an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca Ervia, ceapadh arís muid ag Líonraí Gáis Éireann ar an 25 Márta 2019 chun iniúcháireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais ag tosú don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2019 suas go dtí agus lena n-áirítear an bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2021 a síneadh ina dhiaidh sin go dtí an bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023 tar éis cead a fháil ón Aire. Is é an tréimhse rannpháirtíochta iomlán gan bhriseadh, lena n-áirítear athnuachaintí agus athcheapacháin an chomhlachta roimhe sin go dtí seo ná 9 mbliana, lena gclúdaítear na blianta airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2015 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Níor soláthraíodh na seirbhísí neamhiniúcháireachta a bhí coiscthe ag Caighdeán Eitice IAASA agus d’fhanamar neamhspleách ar an gcuideachta agus an t-iniúcháireacht á déanamh againn.

Tá ár dtuairim iniúcháireachta ag teacht leis an tuairisc bhreise don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca Ervia a cheanglaítear orainn a sholáthar i gcomhréir le ISA (Éire) 260.

Úsáid ár dtuarascála

Déantar an tuarascáil do bhaill na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchóireachta ionas gur féidir linn a chur in iúl do bhaill na Cuideachta na cúrsaí sin is gá dúinn a chur in iúl dóibh i dtuarascáil iniúchára agus don chúis sin amháin. Go dtí an méid is mó atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid freagracht as aon duine seachas an Chuideachta agus baill den Chuideachta agus baill den Chuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, don tuarascáil seo, nó do na tuairimí atá againn.



Karen Goggin

Le haghaidh agus thar ceann Deloitte Ireland CDT Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Iniúchóireachta Reachtúla 6 Cé an Lapaigh Corcaigh

29 Aibreán 2024

Nótaí: Ní thugann iniúchadh deimhniú maidir le cothabháil agus ionracas an tsuímh gréasáin, lena n-áirítear na rialuithe a úsáidtear leis sin a bhaint amach, agus go háirithe, maidir lena ndearnadh athruithe ar na ráitis airgeadais ón am a foilsíodh ar dtús iad. Is faoi fhreagracht na stiúrthóirí atá na hábhair sin ach ní féidir le haon nós imeachta rialaithe deimhniú iomlán a thabhairt sa réimse sin.

Tá an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhúchán agus scaipeadh ráiteas airgeadais éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Ráiteas faoi Ioncam an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 €'000 | 2022 Athshonraithe ¹ €'000 |
|---|-------|------------------|---|
| Oibríochtaí leanúnacha | | | |
| Ioncam | 3 | 527,069 | 494,926 |
| Glanchoistais oibriúcháin (gan dímhéas ná amúchadh san áireamh) | 4 | (253,674) | (268,650) |
| Brabús oibriúcháin roimh dhímhéas agus amúchadh (EBITDA) | | 273,395 | 226,276 |
| Dímhéas agus amúchadh | 6 | (147,132) | (145,623) |
| Brabús oibriúcháin | | 126,263 | 80,653 |
| Ioncam airgeadais | 7 | 4,065 | 195 |
| Costais airgeadais | 7 | (15,297) | (12,876) |
| Glanchoistais airgeadais | 7 | (11,232) | (12,681) |
| Brabús roimh cháin ioncaim | | 115,031 | 67,972 |
| Cáin ioncaim | 8 | (18,533) | (11,436) |
| Brabús don bhliain | | 96,498 | 56,536 |
| Brabús inchurtha i leith: | | | |
| Úinéirí na Cuideachta | | 96,498 | 56,536 |
| Brabús don bhliain | | 96,498 | 56,536 |

¹ Féach nóta 1 agus nóta 29 le haghaidh sonraí athshonraithe

Ráiteas an Ghrúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 €'000 | 2022 Athshonraithe ¹ €'000 |
|---|-------|---------------|---|
| Brabús don bhliain | | 96,498 | 56,536 |
| Ioncam Cuimsitheach eile | | | |
| Earraí a d'fhéadfadh a bheith athaicmithe chun brabúis nó cailteanais ina dhiaidh sin: | | | |
| Difríochtaí aistrithe nuair a dhéantar fochuideachtaí eachtracha a chomhdhlúthú | | 1,120 | (2,711) |
| Iomlán na nithe ar féidir iad a athaicmiú níos déanaí mar bhrabús nó cailteanas | | 1,120 | (2,711) |
| Iomlán an ioncaim chuimsithigh eile don bhliain | | 1,120 | (2,711) |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | | 97,618 | 53,825 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán curtha i leith: | | | |
| Úinéirí na Cuideachta | | 97,618 | 53,825 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | | 97,618 | 53,825 |

¹ Féach nóta 1 agus nóta 29 le haghaidh sonraí athráitis

Clár Comhardaithe an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2023


| | Nótaí | 31 Noll 23 €'000 | 31 Noll 22 Athshonraithe ¹ €'000 | 01 Ean 22 Athshonraithe ¹ €'000 |
|---|-------|---------------------|---|--|
| Sócmhainní | | | | |
| Sócmhainní neamhreatha | | | | |
| Réadmhaoín, gléasra agus trealamh | 9 | 2,482,227 | 2,484,941 | 2,512,696 |
| Réadmhaoine infheistíochta | 10 | 7,325 | 7,363 | - |
| Sócmhainní doláimhsithe | 12 | 25,796 | 27,028 | 29,087 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | - | 58 | 378 |
| Iomlán na sócmhainní neamhreatha | | 2,515,348 | 2,519,390 | 2,542,161 |
| Sócmhainní reatha | | | | |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 13 | 113,597 | 75,238 | 91,862 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa | 14 | 188,405 | 132,384 | 59,161 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | 14 | 35,341 | 40,248 | 46,348 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | 218 | 902 | 831 |
| Sócmhainní cánach reatha | 8 | 8,887 | - | 442 |
| Fardail | 16 | 656 | 568 | 463 |
| Sócmhainní reatha iomlána | | 347,104 | 249,340 | 199,107 |
| Sócmhainní iomlána | | 2,862,452 | 2,768,730 | 2,741,268 |
| Cothromas agus dliteanais | | | | |
| Cothromas | | | | |
| Scairchaipiteal agus scairbhiseach | | (318,353) | (318,353) | (318,353) |
| Ranníocaíocht chaipitil | | (369,947) | (369,947) | (369,947) |
| Tuilleamh coinnithe | | (565,813) | (488,184) | (451,760) |
| Cúlchiste aistrithe | | (2,059) | (939) | (3,650) |
| Cothromas iomlán | | (1,256,172) | (1,177,423) | (1,143,710) |
| Dlíteanais | | | | |
| Dlíteanais neamhreatha | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 17 | (724,584) | (1,022,695) | (1,022,991) |
| Ioncam iarchurtha | 19 | (148,293) | (113,200) | (86,073) |
| Deontais | 20 | (52,401) | (57,972) | (64,590) |
| Forálacha | 21 | (5,072) | (5,905) | (6,198) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníochta Eile | 22 | (6,911) | (7,859) | (15,562) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | - | (111) | (189) |
| Dlíteanais chánach iarchurtha | 8 | (206,057) | (201,939) | (204,629) |
| Dlíteanais neamhreatha iomlána | | (1,143,318) | (1,409,681) | (1,400,232) |
| Dlíteanais reatha | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 17 | (299,360) | (219) | (253) |
| Ioncam iarchurtha | 19 | (12,958) | (11,358) | (10,371) |
| Deontais | 20 | (6,585) | (6,548) | (6,638) |
| Forálacha | 21 | (1,691) | (1,511) | (1,613) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníochta Eile | 22 | (142,096) | (159,845) | (178,027) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | (272) | (966) | (424) |
| Dlíteanais chánach reatha | 8 | - | (1,179) | - |
| Dlíteanais reatha iomlána | | (462,962) | (181,626) | (197,326) |
| Dlíteanais iomlána | | (1,606,280) | (1,591,307) | (1,597,558) |
| Cothromas agus dliteanais iomlána | | (2,862,452) | (2,768,730) | (2,741,268) |

¹ Féach nóta 1 agus nóta 29 le haghaidh sonraí athshonraithe

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:



Kevin Toland
Cathaoirleach



Keith Harris
Stiúrthóir

29 Aibreán 2024

Dáta Faofa

Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe sa Chothromas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Scairchaipiteal agus scairbhiseach €'000 | Ranníocaíocht chaipitil €'000 | Tuilleamh coinnithe €'000 | Cúlchiste aistrithe €'000 | Iomlán €'000 |
|--|---|----------------------------------|------------------------------|------------------------------|--------------------|
| Amhail an 1 Eanáir 2022 (mar a tuairiscíodh roimhe seo) | (318,353) | (369,947) | (483,293) | (3,650) | (1,175,243) |
| Tionchar an athraithe ar bheartas cuntasaíochta ar chúlchistí tosaigh ¹ | - | - | 31,533 | - | 31,533 |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 (mar a athshonraítear) | (318,353) | (369,947) | (451,760) | (3,650) | (1,143,710) |
| Brabús don bhliain, (mar a athshonraítear) ¹ | - | - | (56,536) | - | (56,536) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | - | - | - | 2,711 | 2,711 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain (mar a athshonraítear) | - | - | (56,536) | 2,711 | (53,825) |
| Díbhinní | 26 | - | 20,112 | - | 20,112 |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 (mar a athshonraítear) | (318,353) | (369,947) | (488,184) | (939) | (1,177,423) |
| Brabús don bhliain | - | - | (96,498) | - | (96,498) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | - | - | - | (1,120) | (1,120) |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | - | - | (96,498) | (1,120) | (97,618) |
| Díbhinní | 26 | - | 18,869 | - | 18,869 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | (318,353) | (369,947) | (565,813) | (2,059) | (1,256,172) |

É go léir inchurtha i leith úinéirí na Cuideachta.

¹ Féach nóta 1 agus nóta 29 le haghaidh sonraí athshonraithe.

Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|--|-------|------------------|---------------|
| Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 15 | 214,228 | 231,055 |
| Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | | |
| Íocaíochtaí as réadmhaoin, gléasra agus trealamh | | (133,594) | (136,656) |
| Íocaíochtaí as sócmhainní doláimhsithe | | (6,629) | (5,518) |
| Deontais faighte | 20 | 762 | 643 |
| Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta | | (139,461) | (141,531) |
| Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin | | | |
| Íocaíocht costas maoinithe eile | 17 | - | (1,200) |
| Aisíoc dliteanais léasa | 11 | (239) | (238) |
| Díbhinní íoctha | 26 | (23,969) | (20,112) |
| Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin | | (24,208) | (21,550) |
| Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid | 14 | 50,559 | 67,974 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | 14 | 172,632 | 105,509 |
| Éifeacht luaineachtaí sa ráta malairte ar airgead tirim atá á choinneáil | 14 | 555 | (851) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig | 14 | 223,746 | 172,632 |

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

1. Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta
2. Eolas deighilteach
3. Ioncam
4. Glanhostais oibriúcháin (gan dímhéas ná amúchadh san áireamh)
5. Sochair fostaithe
6. Dímhéas agus amúchadh
7. Glanhostais airgeadais
8. Cáin
9. Réadmhaoín, gléasra agus trealamh
10. Réadmhaoine infheistíochta
11. Sócmhainní agus dliteanais léasa
12. Sócmhainní doláimhsithe
13. Infháiltas trádála agus infháiltas eile
14. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim
15. Airgead tirim faighte ó oibríochtaí
16. Fardal
17. Iasachtaí agus fiachas eile
18. Oibleagáidí leasa scoir
19. Ioncam iarchurtha
20. Deontais
21. Forálacha, teagmhais agus dliteanais chaipitil
22. Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile
23. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais
24. Tomhas luach cóir
25. Fochuideachtaí
26. Páirtithe gaolmhara
27. Teagmhais ina dhiaidh sin
28. Faomhadh na ráiteas airgeadais
29. Athshonrú maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa 2022

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

1. Ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta

Bunús an ullmhúcháin

Cuideachta gníomhaíochta sainithe í Líonra Gáis Éireann ('an Chuideachta'), atá faoi theorainn scaireanna, agus a corpraíodh in Éirinn, ar an 13 Eanáir 2015. Is é seoladh a hoifige cláraithe ná Bóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh, Éire. Is í uimhir chlárúcháin na cuideachta ná 555744. I ráitis airgeadais an Ghrúpa cuirtear le chéile ráitis airgeadais na Cuideachta agus a cuid fochomhlachtaí (mar a leagtar amach i nóta 25) (a dtagraítear dóibh i dteannta a chéile mar 'an Grúpa'), suas go dtí an 31 Nollaig gach bliain. Is é Ervia sa deireadh a rialaíonn an Chuideachta agus a cuid fochuideachtaí. Bhain an Chuideachta leas as an díolúine in alt 304(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014 gan a ráiteas ioncaim aonair, a ráiteas ar ioncam cuimsitheach agus na nótaí bainteacha a chur i láthair.

Ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus cinntí clár oibre Choiste Léirmhíneithe IFRS (IFRIC), le héifeacht do thréimhsí cuntasáíochta dar tosach an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh, agus Acht na gCuideachtaí 2014. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro, slánaítear iad go dtí an míle is gaire agus ullmhaítear iad ar bhonn an chostais stairiúil, ach amháin i gcás ionstraimí airgeadais díorthacha áirithe a thomhaistear ar luach cóir trí bhrabús nó cailteanas. Is é an sainmhíniú a thugtar ar luach cóir ná an praghas a gheofaí as sócmhainn a dhíol nó a d'íocfaí chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh ar dháta an tomhais.

Cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhleanúnach sna blianta ar fad a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo, ach amháin nuair a glacadh le caighdeán nua (mar atá leagtha amach thíos). Agus na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, ní mór breithiúnais agus meastacháin a úsáid a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais. Leagtar amach thíos sonraí ar na breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta is suntasaí a chuirtear i bhfeidhm.

Gnóthas leantach

Ar bhonn an gnóthais leantaigh a ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta.

Tá acmhainní airgeadais suntasacha ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta agus creideann na Stiúrthóirí go bhfuil an Grúpa i riocht maith chun a rioscaí a bhainistiú go rathúil, agus ag an am céanna ag tabhairt faoi deara staideanna glandliteanais reatha an Ghrúpa (€116m) agus na Cuideachta (€134m), a léiríonn Eorabhanna 3 (€300m) atá dlite le haisíoc i mí na Nollag 2024. Tá acmhainní suntasacha ar fáil ag an nGrúpa, lena n-áirítear airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim dar luach €188 milliún atá ar fáil don ghrúpa ar an 31 Nollaig 2023 (2022: €132 milliún) agus saoráidí bainc neamhtharraingthe geallta de €312 milliún ar an 31 Nollaig 2023 (2022: €312 milliún), agus tá réamhaisnéis láidre maidir le brabúsacht agus sreabhadh airgid thirim oibriúcháin le haghaidh 2024 agus ina dhiaidh sin. Tá níos mó sonraí faoi shuíomh leachtachta an Ghrúpa curtha ar fáil i nóta 23 (ii) leis na ráitis airgeadais sin.

Agus an measúnú gnóthais leantaigh á chur i gcrích, chuir na Stiúrthóirí na príomhrioscaí agus na príomhéiginnteachtaí maidir le gnó Líonraí Gáis Éireann san áireamh, lena n-áirítear an cogadh atá ag dul ar aghaidh san Úcráin faoi láthair agus tionchair an athraithe aeráide.

Tá ionchas réasúnta ag na Stiúrthóirí go bhfuil neart acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh ag oibriú ar feadh dhá mhí déag ar a laghad ón dáta ar ar faomhadh na ráitis airgeadais.

Caighdeán chuntasaíochta nua IFRS i bhfeidhm don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

Rinne an Grúpa na leasuithe caighdeán seo a leanas a ghlacadh, leasuithe nach bhfuil aon tionchar ábhartha ag baint leo ar thorthaí ná ar nochtuithe ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Leasuithe ar IFRS 17 Conarthaí Árachais
- Leasuithe ar IFRS 17 Conarthaí Árachais: Iarratas Tosaigh IFRS 17 agus IFRS 9 – Eolas Comparáideach

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

1. Ráiteas um beartais chuntasaíochta (ar lean)

- Leasuithe ar IAS 12 Cánacha Ioncaim: Leasú Cánach Idirnáisiúnta—Rialacha Múnlaithé Colún a Dó¹
- Leasuithe ar IAS 12 Cánacha Ioncaim: Cáin iarchurtha a bhaineann le Sócmhainní agus Dlíteanais ag eascairt as Idirbheart Aonair
- Leasuithe ar IAS 8, Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus ar Earráidí Cuntasaíochta: Sainmhíniú ar Mheastacháin Chuntasaíochta
- Leasuithe ar IAS 1, Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais, agus ar Ráiteas Cleachtais 2 an IFRS: Beartais Chuntasaíochta a nochtadh

¹ Tá feidhm ag na Rialacha Múnlaithé Colún a Dó maidir le grúpaí ilnáisiúnta fiontar nó grúpaí baile mórsála nuair a sháraíonn ioncam an ghrúpa €750 milliún in dhá cheann ar a laghad de na ceithre bliana fioscacha roimhe sin. Toisc nár sháraigh ioncam an Ghrúpa €750 milliún in dhá cheann ar a laghad de na ceithre bliana fioscacha roimhe sin níl feidhm fós ag Rialacha Múnlaithé Colún a Dó.

Caighdeáin agus léirmhínte cuntasaíochta IFRS nua nár glacadh leo fós

Rinneadh na caighdeáin chuntasaíochta nua seo a leanas agus na leasuithe ar chaighdeáin atá ann cheana a eisiúint, ach níl siad in éifeacht go fóill don tréimhse chuntasaíochta seo nó níl tacaíocht ón Aontas Eorpach ina leith go fóill:

- Leasuithe ar IAS 21 Éifeachtaí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí: Easpa Inmhalartaitheachta
- Leasuithe ar IAS 7 Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus ar IFRS Ionstraimí Airgeadais 7: Nochtadh: Socruithe Airgeadais Soláthraithe.
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais IAS 1: Dlíteanais neamhreacha le Cúnaint
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais IAS 1: Dlíteanais a aicmiú mar Dhlíteanais Reatha nó Neamhreacha
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais IAS 1: Dlíteanais a aicmiú mar Dhlíteanais Reatha nó Neamhreacha – Cur siar an dáta éifeachtaigh
- Leasuithe ar Léasanna IFRS 16 Léasanna - Dlíteanas Léasa i nDíolachán agus Aisléasú

Meastar nach mbeidh tionchar suntasach ag baint le cur i bhfeidhm na leasuithe agus na bhfeabhsuithe bliantúla ar IFRS thuas, ar eisiúint an 31 Nollaig 2023 ach gan éifeacht leo go fóill, ar ráitis airgeadais an Ghrúpa.

Athrú deonach sa bheartas cuntasaíochta

Roimhe seo, chuir an Grúpa an beartas cuntasaíochta ioncaim seo a leanas i bhfeidhm, de réir IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí, le haghaidh ranníocaíochtaí a fuarthas chun custaiméirí a nascadh leis an líonra gáis:

“Aithnítear ranníocaíochtaí custaiméara i ndáil le naisc leis an líonra gáis in ioncam iarchurtha nuair a fhaightear iad, agus scaoiltear chuig an ráiteas ioncaim iad i gcomhréir le comhlíonadh na n-oibleagáidí feidhmíochta. Aithnítear oibleagáid feidhmíochta mar na hoibreacha nasctha agus déantar an t-ioncam uaidh sin a aithint thar am de réir mar a chuirtear na hoibreacha nasctha i gcrích.”

Bhí gá le breithiúnas i bhfeidhmiú an bheartais chuntasaíochta roimhe seo, chun a chinneadh go raibh críochnú na n-oibreacha ceangail ina oibleagáid feidhmíochta ar leith, rud a d'fhág gur aithníodh na hioncaim ranníocaíochta thar chríochnú an cheangail. Tugann an Grúpa faoi deara go ndearnadh an réimse breithiúnais chuntasaíochta seo a bhreithniú laistigh den ghairm chuntasaíochta, agus dhá scoil smaointeoireachta ann maidir le cibé acu an bhfuil na hoibreacha ceangail ina n-oibleagáid feidhmíochta ar leith, ag brath ar an measúnú maidir le cibé acu an bhfuil seirbhísí líonra amach anseo “ar fáil go héasca” i gcomhréir le IFRS 15. Is é an dearcadh eile atá ann ná nach bhfuil seirbhísí líonra amach anseo “ar fáil go héasca” i gcomhréir le IFRS 15, bunaithe ar an measúnú go bhfuil oibreacha ceangail nasctha go dlúth le soláthar seirbhísí líonra amach anseo, rud a fhágann go n-aithnítear na hioncaim a bhaineann le ranníocaíocht cheangail thar shaolré mheasta an cheangail.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

1. Ráiteas um beartais chuntasaíochta (ar lean)

Mar gheall ar na riachtanais shuntasacha chun cumhacht bhreise a ghiniúint ar an leibhéal náisiúnta, tá sé beartaithe ag an nGrúpa líon mór ceangal maoinithe ag custaiméirí a sheachadadh thar na cúig bliana atá amach romhainn. Bhain an Grúpa de thátal as gur cheart athrú ar bheartas cuntasaíochta a ghlacadh i gcomhréir le IAS 8, chun ioncam neamhrialaithe a bhaineann le ranníocaíocht cheangail a aithint thar an tréimhse ina soláthraítear seirbhísí líonra amach anseo, bunaithe ar an mbreithiúnas athbhreithnithe nach oibleagáid feidhmíochta ar leith iad na hoibreacha ceangail, i gcomhréir le IFRS 15. Tá an Grúpa den tuairim go soláthróidh an t-athrú ar bheartas cuntasaíochta faisnéis níos léirsteanaí ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an Ghrúpa, toisc go mbeidh an phróifíl athbhreithnithe aitheantais ioncaim níos ionadaí ar an gcaidreamh custaiméirí agus go soláthróidh sé inchomparáideacht níos fearr le cuideachtaí piaraí.

Cuireadh an t-athrú sa bheartas cuntasaíochta san áireamh go cúlgabhálach mar a éilítear faoi IAS 8 agus rinneadh an tréimhse roimhe sin a athshonrú chun an t-athrú sin a léiriú. Mar athrú ar bheartas cuntasaíochta, ceanglaítear ar an nGrúpa tréimhsí roimhe seo a athshonrú i gcomhréir le IAS 8.

Ba é tionchar an athraithe ar bheartas cuntasaíochta ar thorthaí airgeadais 2023 ná ioncam agus brabús roimh cháin a laghdú faoi c. €18m agus an muirear cánach sa bhliain reatha a laghdú faoi €2.25m. Ba é an tionchar a bhí ag 2023 ar chothromas ná laghdú €15.75m mar thoradh ar mhéadú €18m ar ioncam iarchurtha agus laghdú ar an dliteanas cánach de €2.25m.

Léiríonn an tábla achoimre thíos tionchar an athraithe ar bheartas cuntasaíochta ar iarmhéideanna tosaigh amhail an 1 Eanáir 2022 agus an 1 Eanáir 2023.

| | Tionchair ar Chlár Comhardaithe Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2022 €'000 | Tionchair ar Ráiteas Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 €'000 | Tionchair ar Chlár Comhardaithe Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2023 €'000 |
|---|--|---|--|
| Dlíteanais | | | |
| Méadú ar ioncam iarchurtha | (36,038) | (3,674) | (39,712) |
| Méadú ar dhliteanas chánach iarchurtha | 4,505 | 459 | 4,964 |
| Laghdú Iomlán ar Ghlansócmhainní | (31,533) | (3,215) | (34,748) |
| Cothromas | | | |
| Laghdú ar thuilleamh coinnithe | 31,533 | 3,215 | 34,748 |
| Laghdú ar Chochothromas Iomlán | 31,533 | 3,215 | 34,748 |

Féach nóta 29 le haghaidh sonraí maidir le héifeacht an athraithe seo ar bheartas cuntasaíochta ar gach mír líne ráitis airgeadais amhail ar agus don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022 don Ghrúpa GNI. Léirítear éifeacht an athraithe seo ar bheartas cuntasaíochta ar ráitis airgeadais na Máthairchuideachta i nóta 30R.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

1. Ráiteas um beartais chuntasaíochta (ar lean)

Eolas faoi Bheartas Cuntasaíochta Ábhartha

a) Bunús an Chomhdhlúthaithe

Fochuideachtaí

Is ionann fochuideachtaí agus eintitis atá rialaithe ag an nGrúpa. Tá smacht ann nuair atá an Grúpa neamhchosanta ar thorthaí inathraitheacha an eintitis de bharr an bhaint atá aige leis agus a bhfuil sé de chumas aige dul i bhfeidhm ar na tuairisceáin sin trína chumhacht thar an eintiteas, nó nuair atá cearta ag an nGrúpa chun na torthaí inathraitheacha sin. Cuimsítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí i ráitis airgeadais an Ghrúpa ón dáta ar a dtosaítear smacht go dtí an dáta ar a dtagann deireadh le smacht. I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, cuirtear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar aghaidh mar chostas lúide aon mhuirir bhearnúcháin.

Idirbhearta a chuirtear as an áireamh i ndiaidh chomhdhlúthaithe

Faightear réidh le hiarmhéideanna agus idirbhearta inghrúpa agus ioncam/costais neamhréadaithe ar bith ó idirbhearta inghrúpa in ullmhú ráitis airgeadais an Ghrúpa. Faightear réidh le gnóthachain néamhréadaithe a thagann chun cinn ó idirbhearta le hinstiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu i gcomparáid leis an infheistíocht sa mhéid agus atá leas ag an nGrúpa san instiúid infheistiúcháin. Déantar cailiteanais neamhréadaithe a dhíbirt ar an gcaoi chéanna le gnóthachain neamhréadaithe, ag díreach sa mhéid is nach bhfuil aon fhianaise ar bhearnú.

Comhcheangail ghnó

Úsáidtear an modh éadála le cuntas a dhéanamh ar chomhcheangail ghnó ar an dáta éadála, (i.e. nuair a aistrítear rialú chuig an nGrúpa).

Déantar dea-thoil a thomhas ar an dáta éadála mar:

- luach cóir na comaoine arna haistriú, móide
- méid aitheanta aon leasanna neamhrialaitheacha san eintiteas arna fháil, móide
- má bhaintear amach an comhcheangal gnó i gcéimeanna, luach cóir leas reatha cothromais an eintitis san eintiteas arna fháil, lúide
- glanmhéid aitheanta na sócmhainní inaitheanta arna bhfáil agus na ndliteanas arna nglacadh.

Nuair atá an barrachas deimhneach, aithnítear gur dea-mhéin atá ann. Nuair atá an barrachas diúltach, déantar an brabús ó cheannach sladmhargaidh a aithint láithreach bonn sa chuntas brabúis nó cailiteanais. Cláraítear costais a bhaineann le héadail, seachas na costais a bhaineann le heisiúint urrúis fiachais nó chothromais, a thabhaíonn an Grúpa i ndáil le comhcheangal gnó mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

Cailliúint rialaithe

Nuair a chailltear smacht, dí-aithníonn an Grúpa sócmhainní agus dliteanais na fochuideachta agus aon ghnéithe de chothromas a bhaineann leis an bhfochuideachta. Aithnítear i mbrabús nó cailiteanas aon bharrachas nó easnamh a thagann chun cinn nuair a chailltear smacht.

Aistriú sócmhainní agus dliteanas ó eintiteas faoi rialú comhchoiteann

Nuair a aistrítear sócmhainní agus dliteanais idir eintitis atá faoi rialú comhchoiteann ag dáta an aistrithe, ní dhéantar na sócmhainní agus na dliteanais a thomhas ag a luachanna córa agus ina áit sin, déantar iad a thomhas bunaithe ar na luachanna anonn. Áirítear leis na difríochtaí idir an chomaoin a íocadh agus luach anonn scartha na sócmhainní agus dliteanais (amhail dáta an idirbhirt) a fuarthas i gcothromas mar ranníocaíocht chaipitil. Léiríonn suim tugtha anonn na sócmhainní ar dháta an idirbhirt aon chailliteanais lagaithe.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

1. Ráiteas um beartais chuntasáochta (ar lean)

b) Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh

Aithint

Déantar réadmhaoín, gléasra agus trealamh a thomhas ag a gcostas lúide a ndímheas carntha agus a gcaillteanas carntha de bharr an bhearnúcháin. Cuimsítear i gcostais costais dhíreacha (lena n-áirítear costais atá inchurtha go díreach i leith saothair agus forchostais), costais dhíchoimisiúnaithe nó athchóirithe agus ús arna thabhtú chun tógáil na sócmhainne a mhaoiniú nuair a ghlacann an tógáil sin tréimhse ama nach beag le críochnú. Is ionann sócmhainní arna dtógáil agus an costas as réadmhaoín, gléasra agus trealamh a cheannach, a thógáil agus a shuiteáil sula mbaintear úsáid tháirgiúil astu.

Caiteachais ina dhiaidh sin

Aithnítear caiteachas ina dhiaidh sin, mar shampla, an costas as cuid nó mír de réadmhaoín, fearas agus trealamh a athsholáthartha, i suim ghlanluacha na míre más dócha go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bheidh ag baint leis an mír san am atá le teacht chuig an nGrúpa, agus más féidir an costas a thomhas go hiontaofa. Déantar suim ghlanluacha na coda athsholáthraithe a dhí-aithint. Aithnítear na costais as seirbhísiú laethúil ar réadmhaoín, fearas agus trealamh sa chuntas brabúis nó cailleanais de réir mar a aithnítear iad.

Dímheas

Dímheasann míreanna réadmhaoine, gléasra agus trealamh ón uair a bhíonn siad ar fáil lena n-úsáid.

Ríomhtar an muirear as dímheas go príomha chun costas na réadmhaoine, an gléasra agus an trealamh a dhíluacháil, lúide an costas iarmharach measta, de réir méid chothroim thar a saol úsáideach measta. Dímheastar sócmhainní léasaithe thar théarma an léasa nó a saol úsáideach, cibé acu is giorra. Is iad na haicmithe móra sócmhainne agus a saol úsáideach measta ná:

| | |
|--|--------------------------------|
| Píblínte dáileacháin | 60 bliain |
| Píblínte tarchurtha (arna rialú i dTuaisceart Éireann) | 25 bliain |
| Píblínte tarchurtha (arna rialú i bPoblacht na hÉireann) | 40 bliain |
| Stáisiúin chomhbhrúiteora | 20 bliain |
| Tuirbíní | 30,000 - 48,000 uair an chloig |
| Méadair | 15 bliain |
| Foirgnimh | 40 bliain |

Ní ghearrtar dímheas ar thalamh ná sócmhainní atá á dtógáil. Déantar athbhreithniú ar an modh dímheasa, ar shaolréanna fóna agus ar luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más cuí.

Costais iasachta

Déantar costais iasachta a chaipitliú mar chostas sócmhainne má tá siad inchurtha go díreach i leith éadail, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithí. Is é atá i sócmhainn cháilitheach ná sócmhainn nach mór cuid mhór ama a chaitheamh ar a hullmhú lena húsáid bheartaithe nó lena díol. Tagann deireadh le caipitliú úis nuair a dhéantar an tsócmhainn a choimisiúnú nó nuair a cuireadh isteach ar fhorbairt ghníomhach ar feadh tréimhse fhada ama.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

1. Ráiteas um beartais chuntasaíochta (ar lean)

c) Réadmhaoine Infheistíochta

Áirítear le Réadmhaoine Infheistíochta foirgneamh oifige agus láithreáin oibreacha gáis toraidh nach bhfuil in úsáid ag an nGrúpa. Iompraítear réadmhaoine infheistíochta ag costas stairiúil lúide a ndímheas carntha agus bearnúcháin. Ní dhéantar aistrithe chuig (nó ó) réadmhaoine infheistíochta ach amháin nuair atá athrú in úsáid. Cuirtear aistrithe go (nó ó) réadmhaoine infheistíochta ó (nó go) réadmhaoine faoi úinéireacht san áireamh ag costas stairiúil lúide a ndímheas carntha agus bearnúcháin. Déantar réadmhaoine infheistíochta a dhí-aithint nuair a fhaightear réidh leo nó nuair a bhaintear iad go buan ó úsáid agus níltear ag súil le leas eacnamaíoch amach anseo óna ndiúscairt.

d) Sócmhainní Doláimhsithe

Bogearraí agus bogearraí arna bhforbairt

Áirítear le costais bogearraí sócmhainní a fhorbraítear go himmheánach agus sócmhainní a cheannaítear go seachtrach araon.

Tagraíonn bogearraí a fhorbraítear go himmheánach a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí inaitheanta agus uathúla bogearraí atá rialaithe ag an nGrúpa. Aithnítear sócmhainní doláimhsithe nuair a chomhlíonann siad sainmhíniú sócmhainn doláimhsithe IAS 38 alt 8 agus na critéir aitheanta in IAS 38 alt 21-23. Cuimsíonn an caiteachas a dhéantar a chaipitliú an costas as ábhair, saothar díreach, forchostais atá inchurtha go díreach i leith ullmhú na sócmhainne dá n-úsáid bheartaithe, agus costais iasachta ar shócmhainní cáilitheacha.

Déantar ceadóin bogearraí ríomhaire a fuarthas a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun na sócmhainní sonracha a fháil agus úsáid a bhaint astu, ar chuntas go gcomhlíonann na costais na critéir in IAS 38 i gcomhair caipitliú.

Amúchadh sócmhainní doláimhsithe

Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh de réir méid chothroim sa chuntas brabúis nó cailteanais thar a saol fóinteach measta, ón dáta a bhfuil siad ar fáil lena n-úsáid. Ní dhéantar amúchadh a mhuirearú ar shócmhainní forbartha nach bhfuil ar fáil le húsáid fós. Déantar bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile a amúchadh, de réir méid chothroim, thar a saol fóinteach measta suas le seacht mbliana.

Déantar athbhreithniú ar mhodhanna amúchta, saolréanna fóinteacha agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar coigeartú orthu más cuí.

Costais iasachta

Féach beartas cuntasíochta b) thuas.

e) Bearnúchán Sócmhainní

Sócmhainní nach bhfuil faoi réir amúchta

Déantar sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saol fóinteach éiginnte ag baint leo nó nach bhfuil réidh le húsáid fós, agus dea-mhéin a thástáil go bliantúil le haghaidh bearnúcháin.

Sócmhainní nach bhfuil faoi réir dímhéasa/amúchta

Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní sin ar gach dáta tuairiscithe chun socrú cibé acu an bhfuil aon chomhartha bearnúcháin orthu. Má tá comhartha ann go bhfuil bearnú i gceist, déantar méid in-aisghabhála na sócmhainne a mheas.

Cailteanas bearnúcháin a aithint

Chun críocha bearnúcháin a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpa ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ann ar féidir a aithint astu féin (aonaid giniúna airgid nó AGAnna). Aithnítear cailteanas bearnúcháin le haghaidh na méide ag a sáraíonn suim ghlanluacha sócmhainne a méid in-aisghabhála. Is é atá sa mhéid in-aisghabhála ná luach cóir sócmhainne lúide costas as diúscairt nó luach úsáide sócmhainne, cibé acu is airde. Aithnítear cailteanais bhearnúcháin sa chuntas brabúis nó cailteanais. Déantar cailteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtaobh AGAnna a leithdháileadh ar dtús chun an méid glanluacha d'aon dea-thoil dáilte ar AGA a laghdú, agus ina dhiaidh sin leithdháiltear iad chun laghdú a dhéanamh ar mhéid glanluacha na sócmhainní eile in AGA ar bhonn pro rata.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

1. Ráiteas um beartais chuntasaíochta (ar lean)

Caillteanas bearnúcháin a aithint

Ní dhéantar caillteanas bearnúcháin a fhreaschur maidir le dea-thoil. I dtaobh sócmhainní eile, déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtréimhsí roimhe sin a mheasúnú ar gach dáta tuairiscithe le haghaidh aon chomharthaí gur tháinig laghdú ar an gcaillteanas nó nach ann dó a thuilleadh. Ní aisiompaítear caillteanas bearnúcháin ach sa mhéid nach sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne an tsuim ghlanluacha, glan ó dhímheas ná amúchadh, murar aithníodh aon chaillteanas bearnúcháin.

Déantar aisiompú caillteanais bearnúcháin le haghaidh AGA a leithdháileadh ar shócmhainní an aonaid, seachas cáilmheas, ar bhonn pro rata le suimeanna glanluacha na sócmhainní sin. Aithnítear an t-aisiompú láithreach i mbrabús nó i gcaillteanas. Agus úsáid á baint as suim ghlanluacha athbhreithnithe na sócmhainne, déantar soláthar do dhímheas/amúchadh de réir méid chothroim thar an saol fóinteach a mheastar a bheith fágtha ag an tsócmhainn.

f) Airgeadra Eachtrach

Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in euro, arb é airgeadra feidhmiúil na Máthairchuideachta agus airgeadra chur i láthair an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta chomh maith.

Déantar idirbhearta in airgeadraí eachtracha a thairgeadh ag an ráta atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Aistríodh sócmhainní agus dliteanais airgid arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha chuig an airgeadra feidhmiúil ag na rátaí a bhí i bhfeidhm ag dáta an tuairiscithe. Aithnítear sa chuntas brabúis nó caillteanais an gnóthachan nó caillteanas airgeadra eachtraigh a thagann chun cinn tar éis an aistrithe a dhéanamh. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta in airgeadra eachtrach a dhéantar a thomhas ar chostas stairiúil agus úsáid á baint as an ráta malairte ar dháta an idirbhirt, agus ní aistrítear arís iad ina dhiaidh sin.

Aistrítear go euro, ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe, sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha, ag cur san áireamh dea-thoil agus coigeartuithe luacha chóir mar thoradh ar éadáil. Déantar torthaí oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na meánrátaí malairte don tréimhse, nuair a fhreagraíonn siad do mheastachán réasúnta de na fíor-rátaí a tabhaíodh. Aithnítear difríochtaí malairte tar éis athaistriú na nglansócmhainní oscailte agus na torthaí in ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de chothromas (cúlchiste aistrithe).

g) Ioncam

Is ó sheirbhísí iompair gáis go príomha, i margaí rialáilte agus neamhrialáilte araon, a thagann ioncam an Ghrúpa. Forbraíonn, oibríonn agus déanann an Grúpa cothabháil ar na líonraí tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha in Éirinn agus cuireann an Grúpa seirbhísí iompair gáis ar fáil do sholáthraithe agus lastóirí. Chomh maith leis sin, oibríonn an Grúpa agus tá sé ina úinéir ar an dá phíblíne idirnascaire gáis idir Albain agus Éire agus tá sócmhainní bonneagair líonra aige i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann. Cuimsítear ioncam ó léasa oibríocháin le hioncam an Ghrúpa freisin, a aithnítear i gcomhréir le IFRS 16 (féach pointe h thíos).

Déantar ioncam a thomhas bunaithe ar an gcomaoin a measann an Grúpa go mbeidh sé ina teideal i gconradh le custaiméir, agus ní áirítear méideanna a bhailítear ar son tríú páirtithe. Aithníonn an Grúpa ioncam nuair a chomhlíontar na hoibleagáidí feidhmíochta, mar a leagtar amach iad sa chonradh, nó de réir mar a chomhlíontar iad. Aithnítear ioncam ó acmhainn iompair (billeáilte agus neambhilleáilte) thar am de réir mar a chomhlíontar an oibleagáid feidhmíochta arb é acmhainn líonra a sholáthar, agus aithnítear aon ioncam a bhaineann le tráchtarraí ar bhonn an tréichuir don tréimhse le haghaidh gach custaiméara.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

1. Ráiteas um beartais chuntasáochta (ar lean)

Aithnítear ranníocaíochtaí custaiméara i ndáil le ceangail leis an líonra gáis in ioncam iarchurtha nuair a fhaightear iad, agus scaoiltear chuig an ráiteas ioncaim iad thar shaolré an cheangail. Tá breithiúnas ag teastáil chun a chinneadh cibé acu an bhfuil críochnú na seirbhísí ceangail difriúil ó sholáthar seirbhísí iompair líonra amach anseo. Bhain an Grúpa de thátaí as nach seirbhísí ar leith iad na ceangail agus na seirbhísí iompair agus, dá bhrí sin, aithnítear ranníocaíochtaí ceangail custaiméara mar ioncam thar am de thairbhe go soláthraímid rochtain ar an líonra gáis. Scaoiltear ioncam ó cheangail chórais tarchurtha chuig an ráiteas ioncaim thar thréimhse cúig bliana déag agus scaoiltear ioncam ó cheangail chórais dáileacháin chuig an ráiteas ioncaim thar thréimhse seacht mbliana. Féach athrú deonach sa nóta leis an mbeartas cuntasáochta.

Má mheastar nach gcomhlíontar na critéir um aithint ioncaim le haghaidh conartha, cuirtear moill le haithint ioncaim go measfar an inbhailitheacht mar a bheith dóchúil. I gcás inar gá, déantar méid geallta na comaoine a lascainiú chun gné mhaoinithe an idirbhirt a léiriú agus cuirtear an foirceannadh úis i láthair go bliantúil mar chreidmheas don ráiteas ioncaim.

Braitheann roinnt foinsí ioncaim de chuid an Ghrúpa ar fhaomhadh a fháil ón rialaitheoir tionscail, an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU). In imthosca áirithe, d'fhéadfadh an t-ioncam rialaithe "ceadaithe" a bheith róghnóthaithe nó tearcghnóthaithe sa bhliain. Mar shampla, mar chuid dár gcomhaontú rialála, tá an Grúpa i dteideal aon tearcghnóthú costas faoi bhealach a aisghnóthú amhail crapadh an chórais gáis trí choigeartuithe taraife ioncaim amach anseo. Dá bhrí sin, is féidir aon róghnóthú nó tearcghnóthú ioncaim "ceadaithe" a chuimsiú, laistigh de pharaiméadair áirithe, agus an t-ioncam rialála le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin á ríomh. Mar sin féin, ní dhéantar aon choigeartú um róghnóthú nó tearcghnóthú sa bhliain ina dtagann siad chun cinn mar bíonn na gnóthachtálacha faoi réir athruithe taraife amach anseo a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí iompair amach anseo, agus dá bhrí sin níl choigeartuithe den sórt sin i dteideal aitheantais mar shócmhainní ná mar dhliteanas ar an dáta tuairiscithe.

h) Léasanna

An Grúpa mar Léasaí

Aithnítear léasanna mar shócmhainn a bhfuil ceart úsáide ag baint léi agus mar dhliteanas comhfhreagrach ar an dáta a bhíonn an tsócmhainn léasaithe ar fáil lena húsáid ag an nGrúpa. Tráth tionscanta conartha léasa, measann an grúpa cibé acu an léas é conradh nó a chuimsítear léas leis. Má thugtar leis an gconradh an ceart chun úsáid sócmhainne a rialú ar feadh tréimhse ama mar chúiteamh ar chomaoin, aithnítear mar léas é.

Cuireann an Grúpa na nithe seo a leanas san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar an gceart chun sócmhainn a rialú:

- an bhfuil sócmhainní inaitheanta sa chonradh
- an bhfuil an ceart ag an nGrúpa leasanna eacnamaíocha go léir na sócmhainne a fháil go substainteach
- an bhfuil an ceart ag an nGrúpa an tsócmhainn a oibriú ar fud thréimhse an chonartha.

Déantar an dliteanas léasa (a chuirtear i láthair in 'iasachtaí agus fiachas eile') a thomhas ar dtús ag glanluach reatha na n-íocaíochtaí léasa. Cuimsítear freisin sa tomhas ar an dliteanas íocaíochtaí léasa a dhéanfar faoi roghanna sínte atá réasúnta cinnte. Déantar na híocaíochtaí léasa a lascainiú leis an ráta úis is intuigthe sa léas. Más rud é nach féidir an ráta sin a chinneadh go héasca, rud a tharlaíonn go hiondúil le haghaidh léasanna sa Ghrúpa, úsáidtear ráta iasachtaithe incriminteach an léasaí, arb é atá sa ráta sin an ráta a bheadh le híoc ag an léasaí aonair chun iasacht a fháil de na cistí is gá chun sócmhainn ar luach cosúil leis an tsócmhainn a bhfuil ceart úsáide ag baint léi i dtimpeallacht eacnamaíoch chosúil lena mbaineann téarmaí, slándáil agus coinníollacha cosúla.

Leithdháiltear íocaíochtaí léasa idir príomhchostas agus costas airgeadais. Déantar an costas airgeadais a mhuirearú le brabús nó le cailteanas thar an tréimhse léasa chun ráta úis tréimhsiúil seasta a tháirgeadh ar fhuilleach an dliteanas le haghaidh gach tréimhse.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

1. Ráiteas um beartais chuntasaíochta (ar lean)

Maidir le sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo (a chuirtear i láthair in 'Réadmhaoine, gléasra agus trealamh'), déantar iad a thomhas ar aitheantas tosaigh ar a gcostas lena gcuimsítear iad seo a leanas:

- méid thomhas tosaigh an dliteanais léasa
- íocaíochtaí léasa a rinneadh ag an dáta tosaigh nó roimhe sin lúide aon dreasachtaí léasa a fuarthas
- aon dírchostais tosaigh, agus
- costais athchóirithe.

Déantar sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo a thomhas ina dhiaidh sin ag costas lúide caillteanais fhabhráithe dímheasa agus bearnúcháin. Cuirtear IAS 36 i bhfeidhm lena dhearbhuí an bhfuil sócmhainn ceart úsáide bearnaithe agus cuntais an Ghrúpa d'aon chaillteanas bearnúcháin aitheanta mar a dhéantar cur síos air i mbeartas e) Bearnúchán sócmhainní.

Go hiondúil, dímheastar sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo thar shaol úsáideach na sócmhainne agus an téarma léasa de réir méid chothroim, cibé acu is giorra. Má tá an Grúpa réasúnta cinnte rogha ar cheannach a fheidhmiú, déantar an tsócmhainn a bhfuil ceart úsáide ag baint léi a dhímheas thar shaol úsáideach na sócmhainne bunúsaí.

I dtaobh léasanna atá gearrthéarmach (is lú an téarma léasa agus 12 mhí) agus ar luach íseal (is lú ná €5,000 luach na sócmhainne nuair atá an tsócmhainn nua), aithníonn an Grúpa na híocaíochtaí léasa mar chaiteachas oibriúcháin de réir méid chothroim thar théarma an léasa, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe. Ní raibh aon léas den sórt sin ag an nGrúpa le linn na tréimhse tuairiscithe ná le linn tréimhsí comparáideacha.

An Grúpa mar Léasóir

Déantar léasanna a bhfuil an Grúpa ina léasóir ina leith a aicmiú mar léasanna airgeadais nó oibriúcháin. Aon uair a dhéanann téarmaí an léasa na rioscaí agus sochair a bhaineann le húnéireacht a aistriú den chuid is mó chuig an léasaí, déantar an Conradh a aicmiú mar léas airgeadais. Déantar gach léas eile a aicmiú mar léas oibriúcháin.

Déanann an Grúpa comhaontuithe léasa agus é ina léasóir i dtaca le cuid dá réadmhaoine infheistíochta agus dá phíblíní, agus déantar na léasanna sin a aicmiú mar léasanna oibriúcháin. Déantar ioncam cíosa ó léasanna oibriúcháin píblíne a aithint mar ioncam de réir an mhéid chothroim thar théarma an léasa chuí, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe. Aithnítear ioncam cíosa ó réadmhaoine infheistíochta in "ioncam eile" de réir an mhéid chothroim. Déantar costais dhíreacha tosaigh, a thabhaítear i rith an phróisis idirbheartaíochta agus socraithe don léas oibriúcháin, a chur le méid anonn na sócmhainne léasaithe agus déantar iad a aithint de réir an mhéid chothroim thar téarma an léasa.

Déantar na méideanna atá iníochta ag léasaithe faoi léasanna airgeadais a aithint mar infháltais ag méid atá comhionann leis an nglaninfheistíocht a rinne an Grúpa sna léasanna. Déantar ioncam ó léasanna airgeadais a leithdháileadh ar thréimhsí cuntasáíochta ionas go bhfreagróidh siad do ráta fáltais tréimhsiúil buan ar ghlaninfheistíocht amuigh an Ghrúpa i dtaca leis na léasanna sin.

Nuair a chuimsíonn Conradh gnéithe léasa agus neamhléasa, cuireann an Grúpa i bhfeidhm IFRS 15 chun an chomhaoin faoin chonradh a leithdháileadh ar gach gné.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

1. Ráiteas um beartais chuntasaíochta (ar lean)

i) Oibleagáidí Leasa Scoir

Cuntas tugtha i leith scéim pinsin sochair shainithe mar Phlean Grúpa

Oibríonn Grúpa Ervia scéim pinsin sochair sainithe. Glacann roinnt fostaithe de chuid Líonraí Gáis Éireann páirt sa scéim sin. Tugtar cuntas i leith na scéime mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19 (Athbhreithnithe i 2011: Sochair d'Fhostaithe) agus mar sin aithnítear iomlán an ghlandliteanas (nó an ghlansócmhainn) pinsin a bhaineann leis an scéim i ráitis airgeadais Ghrúpa Ervia seachas i ráitis airgeadais Líonraí Gáis Éireann – féach ar Thuarascáil Bhliantúil Ghrúpa Ervia le haghaidh nochtá iomláin i dtaobh na scéime.

Scéimeanna pinsin ranníocaíochta sainithe

Is ionann scéim ranníocaíochta sainithe agus scéim iarfhostaíochta faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh, agus ní bheidh aon oibleagáid dlí ná inchiallaithe ar bith air méideanna breise a íoc. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha faoi na scéimeanna ranníocaíochta sainithe a mhuirearú ar bhrabús nó chaillteanas sna tréimhsí a gcuireann fostaithe seirbhísí ar fáil lena linn.

j) Deontais

Aithnítear deontas mar dhliteanas sa chlár comhardaithe ar dtús nuair atá rátháíocht réasúnta ann go bhfaighfear é agus go gcomhlíonfaidh an Grúpa na coinníollacha a bhaineann leis. Aithnítear na deontais ioncaim atá mar chúiteamh don Ghrúpa as speansais arna dtabhú sa ráiteas ioncaim ar bhonn córasach sa tréimhse chéanna ina dtabhaítear na speansais. Déantar deontais a chúitíonn an Grúpa as costas sócmhainne a amúchadh don ráiteas ioncaim ar bhonn córasach thar shaol úsáideach na sócmhainne chun an muirear dímhéasa a mheaitseáil.

k) Soláthairtí agus Dliteanais Theagmhasacha

Déanann an Grúpa meastóireacht ar nochtuithe ar dhliteanais theagmhasacha a bhaineann le dlíthíocht atá le teacht nó éilimh eile gan réiteach atá faoi réir réitigh chaibidlithe, idirghabhála, eadrána nó rialú Rialtais. Aithnítear soláthar nuair is dóchúil gurb ann d'oibleagáid ar féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ina leith tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar an ábhar aonair. Cuimsíonn anailís measúnú ar an dóchúlacht go n-éireoidh le héileamh gan réiteach, nó go dtiocfaidh dliteanas chun cinn, agus an pointe aitheantais don dliteanas gaolmhar.

Aithnítear mar dhliteanais theagmhasacha ábhair ar oibleagáidí féideartha iad nó nach gcomhlíonann na critéir aitheantais i gcomhair soláthair, ach amháin más beag an fhéidearthacht go n-aistreofar tairbhí eacnamaíochta.

B'fhéidir go n-athródh soláthair amach anseo de bharr forbairtí nua agus de réir mar a bhíonn faisnéis nua ar fáil. D'fhéadfadh go mbeadh costais iarbhir difriúil leis an soláthar measta mar gheall ar an éiginnteacht nádúrtha sa phróiseas meastóireachta sin. Tá sonraí faoi sholáthairtí nochtá i nóta 21.

l) Fardail

Déantar fardail a thomhas agus úsáid á baint as costas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle, agus úsáid á baint as an bhfoirmle costais is túisce isteach is túisce amach (FIFO) i gcomhréir le Fardail IAS 2. Tá costas déanta suas de phraghas ceannaigh agus gach costas díreach a tabhaíodh agus na fardail á dtabhairt chuig a n-ionad reatha agus a riocht reatha. Is ionann glanluach inréadaithe agus an praghas díola iarbhir nó measta lúide na costais go léir atá le tabhú roimh an díolachán. Déantar soláthar sonrath le haghaidh nithe a bhfuil dochar déanta dóibh, atá imithe as feidhm nó nach féidir a úsáid, nuair is cuí sin.

m) Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais

Ionstraimí airgeadais díorthacha

Is iad conarthaí réamhcheaptha airgeadra eachtraigh an t-aon ionstraim airgeadais dhíorthach a bhíonn in úsáid ag an nGrúpa chun a nochtadh ar rioscaí malairte eachtraí a bhainistiú. Déantar tuilleadh sonraí faoi ionstraimí airgeadais díorthacha a nochtadh i nóta 23.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

1. Ráiteas um beartais chuntasaíochta (ar lean)

Aithnítear díorthaigh ar dtús ag luach cóir ar an dáta a dhéantar conradh díorthach agus déantar iad a atomhas ina dhiaidh sin go dtí a luach cóir ar gach dáta tuairiscithe. Déantar gnóthachain nó caillteanais a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais láithreach, ach amháin más ionstraim fhálaithe shainithe agus éifeachtach iad. Sa chás sin, braitheann uainiú an aitheantais sa chuntas brabúis nó caillteanais ar nádúr na gaolmhaireachta fálaithe.

Cé go ndéantar díorthach a bhfuil luach cóir dearfach aige a aithint mar shócmhainn airgeadais, déantar díorthach a bhfuil luach cóir diúltach aige a aithint mar dhliteanas airgeadais. Ní dhéantar díorthaigh a fhritháireamh sna ráitis airgeadais ach amháin má bhíonn an ceart agus cuspóir dlíthiúil reatha ag an nGrúpa é sin a dhéanamh. Déantar díorthach a chur i láthair mar shócmhainn neamhreacha nó mar dhliteanas neamhreacha más amhlaidh go bhfuil aibíocht na hionstraime atá fágtha níos mó ná 12 mhí agus mura bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar é a réadú nó a shocrú laistigh de 12 mhí.

Iasachtaí

Aithnítear iasachtaí ar dtús ag luach cóir lúide costais atá inchurtha i leith idirbhirt. Tar éis aitheantais tosaigh, luaitear iasachtaí ag costas amúchta ag baint úsáide as modh an ráta úis éifeachtaigh.

Infháltais trádála agus infháltais eile

Aithnítear trádáil agus infháltais eile ar dtús ag an bpraghas idirbhirt atá infhála agus, ina dhiaidh sin, iompraítear iad ag an luach sin, toisc nach bhfuil aon chomhpháirt shuntasach mhaoinithe ann, lúide liúntas cúí le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha. Déantar foráil maidir le caillteanais bhearnúcháin le samhail le haghaidh caillteanais creidmheasa ionchasach thar shaolré na sócmhainne, agus aithnítear an bearnúchán ionchasach mar chostas sna costais oibriúcháin. Nuair is gá, ríomhtar méid na gcaillteanais creidmheasa ionchasach trí rátaí caillteanais ionchasaigh a chur i bhfeidhm, bunaithe ar an bhfeidhmíocht iarbhír bailiúcháin airgid stairiúil, chuig próifíl an fhiachais aoise le tosca maicreacnamaíochta amach anseo agus tosca a bhaineann go sonrach leis na féichiúnaithe san áireamh.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Ar fáil don ghrúpa

Cuimsítear le hairgead tirim airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh. Is infheistíochtaí gearrthéarmacha an-leachtach iad coibhéisí airgid thirim ar féidir iad a thiontú go héasca go méideanna aitheanta airgid thirim agus atá faoi réir riosca neamshuntasach athruithe ar luach agus a shealbhaítear iad chun gealltanais airgid thirim a chomhlíonadh seachas chun críche infheistíochta nó chun críoch eile. I gcás inarb ann do na coinníollacha agus don rún maidir le fritháireamh, déantar iarmhéideanna airgid thirim a chomhcheangal le comharduithe rótharraingthe agus cuirtear an comh-iarmhéid sin i láthair ar an gclár comhardaithe.

Taiscí srianta

Airgead tríú páirtí atá i gceist le taiscí srianta, a sealbhaítear iad faoi shocruithe sláine nó rialála airgeadais, agus nach bhfuil ar fáil chun críoch oibriúcháin faoi Chód Oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann, ná nach sealbhaítear iad ach an oiread chun gealltanais airgid thirim ghearrthéarmacha a chomhlíonadh. Coinnítear an t-airgead i gcuntais taisce le bainc, comhlíonann an t-airgead an sainmhíniú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

Trádáil agus Suimeanna Iníochta Eile

Déantar suimeanna iníochta trádála agus eile a thairgeadh ar luach cóir i dtosach, ar gnách gurb é méid tosaigh an tsonraisic móide aon chostais idirbhirt atá inchurtha go díreach ina leith é, agus tugtar anonn iad ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus úsáid á baint as modh an ghlanráta úis.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

1. Ráiteas um beartais chuntasaíochta (ar lean)

Iasachtaí agus iarmhéideanna le cuideachtaí Grúpa (Cuideachta)

Tá iasachtaí agus iarmhéideanna le cuideachtaí Grúpa ina sócmhainní nó ina ndliteanais airgeadais neamhdhíorthacha nach bhfuil luaite i margadh gníomhach. Cuirtear san áireamh iad in infháltais reatha trádála agus eile agus i suimeanna iníoctha eile i gclár comhardaithe na Cuideachta, ach amháin iad siúd lena ngabhann ionchas um bailiú níos faide ná dhá mhí dhéag tar éis dháta an chláir chomhardaithe, a chuirtear san áireamh in infháltais neamhreatha trádála agus eile nó i suimeanna iníoctha neamhreatha trádála agus eile. Déantar iasachtaí atá dlite do chuideachtaí an Ghrúpa a thaifeadadh ar dtús ag luach cóir. Tugtar cuntas ina dhiaidh sin d'iasachtaí agus iarmhéideanna infhála ag cuideachtaí an Ghrúpa ar chostas amúchta lúide cailteanas creidmheasa ionchais.

Dlíteanais conartha dearbhaithe airgeadais

Is ionann conradh dearbhaithe airgeadais agus conradh ina bhfuil gá ag an eisitheoir íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun an sealbhóir a aisíoc as cailteanas a thabhaíonn sé toisc go dteipeann ar fhéichiúnaí íocaíochtaí a dhéanamh nuair atá siad le híoc de réir téarmaí ionstraimí fiachais.

Déantar dlíteanais chonartha dearbhaithe airgeadais a thomhas ar dtús ag a luachanna córa agus, mura bhfuil siad ainmnithe mar FVTPL agus mura dtagann siad ó aistriú sócmhainne, déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin an méid níos airde dóibh seo a leanas:

- an méid lamháltais cailteanais arna socrú i gcomhréir le IFRS 9 (féach sócmhainní airgeadais thuas), nó
- an méid a sainaithníodh ar dtús lúide, más cuí, amúchadh carnach a sainaithníodh i gcomhréir leis na beartais aitheantais ioncaim atá leagtha amach thuas.

N) Glanioncam/Glanchostais Airgeadais

Cuimsítear le costais airgeadais ús éifeachtach ar iasachtaí, muirear maoinithe ar sholáthair (a aithnítear má mheastar go bhfuil siad ábhartha), agus gluaiseachtaí luacha chóir ar shócmhainní airgeadais a aicmítear mar luach cóir tríd an gcuntas brabúis nó cailteanais. Úsáidtear modh an úis ghlain le costais iasachtaíochta nach bhfuil inchurtha go díreach i leith ceannach, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithe a aithint sa chuntas brabúis nó cailteanais.

Cuimsítear le hioncam airgeadais gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais atá aicmithe mar luach cóir tríd an gcuntas brabúis nó cailteanais, aon ioncam úis ar chistí infheistithe agus díbhinní a fuarthas. Déantar ioncam úis a aithint de réir mar a bhfabhraíonn sé i mbrabús nó cailteanas, ag baint úsáid as modh an úis ghlain.

Cuirtear i láthair coigeartuithe luacha chóir ar ionstraimí maoinithe atá ainmnithe ag luach cóir trí bhrabús nó cailteanas mar ioncam airgeadais nó mar chostais airgeadais, mar is cuí.

o) Cáin Ioncaim

Cuimsíonn speansas cánach ioncaim cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid a bhaineann sé le míreanna atá aitheanta go díreach i ngnáthscaireanna nó in ioncam cuimsitheach eile.

Is é atá sa cháin reatha ná an cháin iníoctha nó infhála mheasta ar an ioncam nó cailteanas inchánach don bhliain, agus úsáid á baint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha i dtaobh na mblianta roimhe sin. Déantar sócmhainní agus dlíteanais chánach reatha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dlíteanas a shocrú ag an am céanna.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

1. Ráiteas um beartais chuntasaíochta (ar lean)

Aithnítear cáin iarchurtha i dtaca le difríochtaí sealadacha idir méideanna anonn sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach. Déantar cáin iarchurtha a thomhas ag na rátaí cánach a bhfuil súil leo a bheidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil leis go n-iompóidh difríochtaí sealadacha, bunaithe ar rátaí cánacha agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh den chuid is mó roimh an dáta tuairiscithe.

Meastar go bhfuil sócmhainn chánach iarchurtha in-aisghabhála agus mar sin ní aithnítear í go dtí, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur dóchúil go mbeidh brabúis inchánach oiriúnacha sna blianta beaga atá amach romhainn, óna mbeifear in ann aisiompú na ndifríochtaí sealadacha bunúsacha a dhéaduchtú.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Aithnítear foráil le haghaidh na nithe sin dá bhfuil an socrú cánach éiginnte, ach meastar gur dócha go mbeidh eis-sreabhadh cistí chuig údarás cánach ann amach anseo. Déantar na forálacha a thomhas ag an meastachán is fearr den mhéid a bhfuiltear ag súil lena éirí iníoctha. Tá an measúnú bunaithe ar bhreithiúnas gairmithe cánach sa Ghrúpa, á thacú ag taithí roimhe maidir le gníomhaíochtaí mar sin agus, i gcásanna áirithe, bunaithe ar chomhairle neamhspleách chánach.

p) Brabús Oibriúcháin

Luaitear an brabús oibriúcháin roimh na glanchostais airgeadais agus cánachas.

q) Idirbhearta rialaithe comhchoiteanna

Tugtar cuntas ar idirbhearta idir eintitis faoi rialú comhchoiteann ag luach de réir na leabhar, agus aithnítear aon difríocht idir é sin agus an chomhairle a íocadh/fuarthas sa chothromas mar ranníocaíocht chaipitil/dáileadh caipitil.

r) Bearta Neamh-GAAP

Sainítear EBITDA mar thuillimh roimh ús, cánacha, dímhéas agus amúchadh. Sainítear glanfhiachas mar iasachtaí iomlána agus fiachais eile coigeartaithe i gcomhair tionchar fálaithe luacha chóir lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá ar fáil don ghrúpa. Baineann an Grúpa úsáid as na bearta neamh-GAAP sin chun eolas úsáideach faoi fheidhmíocht agus mhaoiniú a chur ar fáil don lucht bainistíochta, do stocshealbhóirí agus pháirtithe leasmhara seachtracha.

Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta

Agus na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm aige, éilítear ar an nGrúpa meastacháin (méideanna airgeadaíochta sna ráitis airgeadais atá faoi réir neamhchinnteachta tomhais), boinn tuisceana agus breithiúnais áirithe a dhéanamh a greideann sé iad a bheith réasúnach bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil. Déantar iad sin a mheasúnú agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Ina theannta sin, bhreithnigh an Grúpa impleachtaí an athraithe aeráide ar a oibríochtaí agus ar a ghníomhaíochtaí, agus tá sonraí breise air sin le fáil thíos.

Bíonn tionchar ag na meastacháin, boinn tuisceana agus breithiúnais sin ar na méideanna sócmhainní agus dliteanais atá ann ar dháta na ráiteas airgeadais agus ar na méideanna ioncaim agus costais a aithnítear i rith na dtréimhsí tuairiscithe a chuirtear i láthair. D'fhéadfadh éifeacht ábhartha a bheith ag athruithe ar na meastacháin sin ar na ráitis airgeadais.

Ar bhonn leanúnach, úsáideann an Grúpa modhanna éagsúla lena mheastacháin a mheasúnú: taithí stairiúil, comhairliúcháin le saineolaithe agus modhanna eile ar meastar iad a bheith réasúnach sna tosca áirithe atá ann. D'fhéadfadh na torthaí iarbhair a bheith éagsúil ó na meastacháin seo, agus déantar a dtionchar siúd a aithint sa tréimhse ina dtagann na fíricí is cúis leis an athbhreithniú chun solais.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

1. Ráiteas um beartais chuntasaíochta (ar lean)

(i) Breithiúnais chriticiúla le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm

Is iad seo a leanas na breithiúnais chriticiúla seachas iad sin a bhaineann le meastacháin (a ndéileáiltear leo astu féin thíos) atá déanta ag an nGrúpa agus na beartais chuntasaíochta sin á gcur i bhfeidhm agus a bhfuil an éifeacht is mó acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

(a) Rangú ar chostas idir caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitil

D'fhéadfadh breithiúnais shuntasacha a bheith ag teastáil maidir le caiteachas a rangú mar chaiteachas caipitil nó oibriúcháin, go háirithe i gcásanna a mbíonn eilimintí de ghníomhaíochtaí feabhsúcháin (caipiteal) agus cothabhála (oibriúcháin) araon ann. Tá beartais, rialúcháin agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ag an nGrúpa chun na rioscaí a mhaolú go ndéanfaí caiteachas neamh-incháilithe a chaipitliú.

(b) Seirbhísí ceangail agus seirbhísí iompair líonra

Is gá breithiúnas a thabhairt i bhfeidhmiú bheartas cuntasaíochta ioncaim an Ghrúpa maidir le ranníocaíochtaí custaiméirí ceangail líonra, chun a chinneadh an bhfuil críochnú na n-oibreacha ceangail ina oibleagáid feidhmíochta ar leith ó sheirbhísí iompair líonra amach anseo. Tugann an Grúpa faoi deara go ndearnadh an réimse breithiúnais chuntasaíochta seo a bhreithniú laistigh den ghairm chuntasaíochta, agus dhá scoil smaointeoireachta ann maidir le cibé acu an bhfuil na hoibreacha ceangail ina n-oibleagáid feidhmíochta ar leith, ag brath ar an measúnú maidir le cibé acu an bhfuil seirbhísí líonra amach anseo "ar fáil go héasca" i gcomhréir le IFRS 15. Is é an dearcadh eile atá ann ná nach bhfuil seirbhísí líonra amach anseo "ar fáil go héasca" i gcomhréir le IFRS 15, bunaithe ar an measúnú go bhfuil oibreacha ceangail nasctha go dlúth le soláthar seirbhísí iompair líonra amach anseo. Bhain an Grúpa de thátal as nach oibleagáid feidhmíochta ar leith iad oibreacha ceangail agus, dá bhrí sin, aithnítear ranníocaíochtaí custaiméirí ceangail líonra mar ioncam thar shaolré mheasta an cheangail de réir mar a chuirtear seirbhísí líonra ar fáil.

(ii) Neamhchinnteacht sna meastacháin

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí maidir leis an am atá le teacht agus maidir leis na príomhfhoinsí eile as a dtagann neamhchinnteacht meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, a bhféadfadh riosca suntasach a bheith ag baint leo maidir le coigeartú ábhartha a dhéanamh ar na suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas taobh istigh den bhliain seo chugainn.

(a) Sócmhainní bonneagar agus na sócmhainní a úsáidimid inár ngnó

Amhail an 31 Nollaig 2023, ba é €2,515.3 milliún comhiomlán shócmhainní réadmhaoine, gléasra agus trealaimh, réadmhaoine infheistíochta agus shócmhainní doláimhsithe an Ghrúpa (2022: €2,519.3 milliún), arbh é sin tromlach shócmhainní an Ghrúpa. Dá bhrí sin, tá na meastacháin agus na boinn tuisceana a rinneadh leis an luach anonn a dheimhniú ríthábhachtach sna ráitis airgeadais mar gheall go bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag in-aisghabhálacht na méideanna, nó a heasnamh sin, ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an Ghrúpa amach anseo.

Aithníonn an Grúpa muirir dhímheasa agus amúchta go bliantúil (2023: €147.1 milliún agus 2022: €145.6 milliún) a rómhtar go príomha chun costas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe a laghdú thar a saolré fóinteach eacnamaíoch (UEL).

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

1. Ráiteas um beartais chuntasaíochta (ar lean)

I gcás réadmhaoine, gléasra agus trealaimh go háirithe, tá gá le breithiúnas suntasach chun saolréanna fóinteacha measta le haghaidh sócmhainní a shocrú, atá bunaithe ar thaithí, ionchas don am atá le teacht agus fachtóirí eile. Leagtar amach sna polasaithe cuntasaíochta seo an tsaolré fhóinteach mheasta le haghaidh aicmithe sócmhainní móra. Déanann an Grúpa athbhreithniú ar shaolré fhóinteach sócmhainní go bliantúil agus déantar aon athrú atá ag teastáil a choigeartú go hionchasach. Cuimsítear leis an athbhreithniú sin breithniú ar uailmhianta an Ghrúpa maidir le dícharbónú agus breithniú ar bheartais agus ar phleananna Rialtais i réimse an ghnímh ar son na haeráide agus spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa. Creidimid go leanfaidh ár líonra gáis de ról criticiúil a bheidh aige maidir le slándáil, iontaofacht agus inacmhainneacht fuinnimh a choinneáil i ndiaidh 2050, chomh maith le cur le spriocanna laghdaithe astaíochtaí gáis ceaptha teasa trí ghual agus ola a chur as áit na giniúna leictreachais. Chinn an Grúpa go bhfuil saolré na sócmhainní a aithníodh ar meastachán is fearr ar shaolré fhóinteach eacnamaíoch na sócmhainní i gcónaí. Mar gheall ar a thábhachtaí agus atá an infheistíocht sócmhainní don Ghrúpa, d'fhéadfadh éagsúlachtaí idir an tsaolré fhóinteach eacnamaíoch iarbhír agus mheasta tionchar a imirt ar thorthaí san am atá le teacht, ar bhealach dearfach nó diúltach. Níor aithin an Grúpa, san am atá caite, aon athruithe ar shaolré fhóinteach sócmhainne a raibh tionchar ábhartha acu ar thorthaí oibriúcháin. Féach nóta 9 le haghaidh anailís íogaireachta ar an tionchar dá nglacfaí leis go mbeadh saolré fhóinteach eacnamaíoch níos giorra i gceist le haghaidh gléasra, phíblíne agus innealra an Ghrúpa.

(b) Soláthairtí agus dliteanais eile

Baineann neamhchinnteacht sa mheastachán le measúnaithe a dhéantar ar na torthaí airgeadais de staideanna tráchtála agus dlíthiúla neamhchinnte, agus is gá breithiúnas, meastachán agus toimhdí a úsáid. Is ionann na méideanna atá aitheanta mar sholáthar agus meastachán is fearr an Ghrúpa ar an gcaiteachas a theastaíonn chun oibleagáidí reatha a shocrú ar an dáta tuairiscithe. Agus an toradh is dóchúla á mheas, bunaíonn an Grúpa a mheastachán ar an bhfaisnéis atá ar fáil, ar thaithí stairiúil, ar chomhairle ó chomhairleoirí dlí agus saineolaithe eile agus ar thosca ábhartha eile ar creidtear iad a bheith réasúnta faoi mar a sheasann cúrsaí. Mar sin tagtar ar mheastachán athbhreithnithe ag gach dáta tuairiscithe chun déanamh cinnte go bhfreagraíonn na méideanna arna bhfabhrú don mheastachán is fearr ar na costais a iompróidh an Grúpa sa deireadh. D'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar an bhforáil a éilítear san am atá le teacht mar gheall ar fhorbairtí nua agus de réir mar a chuirtear faisnéis bhreise ar fáil. De bharr nádúr na bhforálacha sin agus neamhchinnteacht an mheastacháin atá i gceist, ní mheastar é a bheith praiticiúil anailís íogaireachta bhreise a dhéanamh ar na méideanna seo.

(iii) An t-athrú aeráide

Leanann an Grúpa dá mheasúnú ar thionchar fadtéarmach féideartha an athraithe aeráide ar na sócmhainní agus ar na dliteanais ina ráitis airgeadais. Breithníodh tionchar an athraithe aeráide i roinnt réimsí agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, go háirithe maidir le luacháil na réadmhaoine, an gléasra agus an trealaimh atá ag an nGrúpa, mar a thuairiscítear in (a) thuas.

Creideann an Grúpa go bhfuil ról soiléir aige maidir le dul i ngleic le spriocanna astaíochtaí neodracha trí athrú fuinnimh éifeachtach a éascú trí thograí a fhorbairt chun an líonra gáis a dhícharbónú agus leanúint de shreafaí gáis sábháilte agus iontaofa a sholáthar, den tslándáil fuinnimh a chaomhnú agus de ghás a sholáthar go héifeachtúil do chustaiméirí.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

2. Eolas deighilteach

Tá Deighleoga Oibriúcháin IFRS 8 glactha ag an nGrúpa sna ráitis airgeadais. Ceanglaítear de réir IFRS 8 go n-aithneofaí deighleoga oibriúcháin ar bhonn tuairiscí inmheánacha faoi ghnéithe den Ghrúpa a ndéanann an Príomhchinnteoir Oibriúcháin athbhreithniú orthu go rialta chun acmhainní a leithdháileadh don deighleog agus chun a feidhmíocht a mheas. I gcás an Ghrúpa, tá an Príomhchinnteoir Oibriúcháin aitheanta mar Bhord Líonraí Gáis Éireann.

Mar sin is iad deighleoga oibriúcháin an Ghrúpa na cinn a úsáideann Bord Líonraí Gáis Éireann go himmheánach chun an gnó a rith agus chun cinntí straitéiseacha a dhéanamh. Cuirtear faisnéis ar fáil do Bhord Líonraí Gáis Éireann i dtaobh an Ghrúpa ar bhonn deighleoige singile chun críoch feidhmíocht a mheasúnú agus acmhainní a leithdháileadh. Déanann Bord Líonraí Gáis Éireann athbhreithniú ar thorthaí oibriúcháin ar leibhéal Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann. I bhfianaise an mhéid sin, tá deighleog shingil ag an nGrúpa chun críocha an tuairiscithe airgeadais. Dá bharr sin, is iad na brabúis deighleoige agus na sócmhainní agus na dliteanais deighleoige mar a thuiriscítear don phríomhchinnteoir oibriúcháin ná iad siúd atá leagtha amach i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa agus i gClár Comhardaithe an Ghrúpa faoi seach agus mar sin ní chuirtear aon fhaisnéis deighleoige bhreise ar fáil sa nóta seo.

(a) Ioncam de réir suíomh geografach

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 Athshonraithe ¹ |
|--|----------------|---|
| Éire | 488,037 | 456,954 |
| An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | 39,032 | 37,972 |
| Iomlán | 527,069 | 494,926 |

Áirítear le hioncam iomlán an Ghrúpa ioncam €143.9 milliún (2022: €131.8 milliún), €87.9 milliún (2022: €82.6 milliún) agus €61.5 milliún (2022: €50.8 milliún) a tháinig chun cinn ó dhíolacháin leis na trí chustaiméir is mó atá ag an nGrúpa. Níl ann d'aon chustaiméir eile a raibh ioncam uaidh os cionn 10% den ioncam iomlán. Féach nóta 3 le haghaidh anailís ar ioncam ó chustaiméirí seachtracha de réir cineáil.

(b) Sócmhainní neamhreacha de réir ionaid gheografaigh

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|--|------------------|---------------|
| Éire | 2,156,715 | 2,151,488 |
| An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | 358,633 | 367,844 |
| Iomlán | 2,515,348 | 2,519,332 |

Cuimsíonn sócmhainní neamhreacha chun críocha an nochta seo réadmhaoín, gléasra, trealamh, réadmhaoine infheistíochta agus sócmhainní doláimhsithe. Eisítear ionstraimí airgeadais díorthacha.

¹ Féach nóta 1 agus nóta 29 le haghaidh sonraí athshonraithe.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

3. Ioncam

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 Athshonraithe ¹ |
|-------------------------------------|----------------|---|
| Rialaithe | 485,172 | 448,845 |
| Neamhrialáilte – conarthaí iompair | 21,333 | 25,336 |
| Neamhrialáilte – conarthaí nua nasc | 7,874 | 7,547 |
| Neamhrialaithe – eile | 12,690 | 13,198 |
| Iomlán | 527,069 | 494,926 |

¹ Féach nóta 1 agus nóta 29 le haghaidh sonraí athshonraithe.

Is éard atá in ioncam rialáilte ná ioncam a thuilltear ó earraí agus acmhainne. Is iad an Coimisiún um Rialáil Fóntais agus Coimisiún Thuaisceart Éireann ("CRU") don Rialáil Fóntais ("NIAUR") a dhéanann ioncam rialáilte a rialáil. Neamhrialaithe - baineann conarthaí nua ceangail le ranníocaíochtaí ceangail custaiméirí tarchurtha agus dáileacháin, a aithnítear mar ioncam le himeacht ama de réir mar a sholáthraímid rochtain ar an líonra gáis. Baineann ioncam neamhrialaithe eile go príomha le hioncam ó ghnó teileachumarsáide Aurora agus le díolacháin le haghaidh seirbhísí oibriúcháin a chuidíonn leis an gcóras iompair gháis a úsáid.

Féach nóta 1 le haghaidh sonraí ar bheartas cuntasafóchta ioncaim agus ar shreafaí ioncaim an Ghrúpa. Féach nóta 13 le haghaidh sonraí ar infháltais trádála an Ghrúpa ó na sreafaí ioncaim sin.

4. Glanchoistais oibriúcháin (gan dímhéas ná amúchadh san áireamh)

| | | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|----|------------------|---------------|
| Costas sochair fostaí | 5 | (67,672) | (64,671) |
| Seirbhísí fruilithe agus ar conradh | | (10,364) | (9,290) |
| Costais ábhar, cothabhála agus fochonraitheora | | (72,052) | (64,806) |
| Rátaí agus saoráidí | | (36,814) | (36,945) |
| Crapadh an chórais gáis agus cailteanais gháis | | (36,295) | (63,801) |
| Costais lárseirbhísí idirbhirt agus seirbhísí tacaíochta ¹ | 26 | (169) | (1,728) |
| Speansais oibriúcháin eile | | (31,630) | (28,604) |
| Ioncam oibriúcháin eile | | 1,322 | 1,195 |
| Iomlán | | (253,674) | (268,650) |

¹ Le linn na mblianta 2022 agus 2023, lean Ervia d'athghearradh Líonraí Gáis Éireann le haghaidh seirbhísí grúpa teoranta áirithe agus costas pinsin - féach nóta 26.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

4. Glanchoistais oibriúcháin (dímheas agus amúchadh as an áireamh) (ar lean)

Sonraítear costais oibriúcháin tar éis go ngearrtar muirir:

(a) Luach saothair an iniúcháin

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|---------------|---------------|
| Iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa ¹ | (164) | (153) |
| Seirbhísí árachais eile | (31) | (28) |
| Seirbhísí comhairleacha cánach; | - | - |
| Seirbhísí neamhiniúcháireachta eile | (22) | (20) |
| Iomlán | (217) | (201) |

¹ Cuimsítear an t-iniúchadh ar fhochuideachtaí leis an iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa.

(b) Luach saothair an stiúrthóra

Tá beartais bainistithe riosca airgeadais curtha ar bun ag an nGrúpa chun na rioscaí atá ann don Ghrúpa a shainithint agus a anailísiú, chun srianta agus rialaithe fóirsteanacha riosca a leagan síos agus chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus ar chomhlíonadh teorainneacha. Déantar beartais agus córais bainistithe riosca airgeadais a athbhreithniú go rialta ionas go mbeidh siad ag teacht le hathruithe sna dálaí margaidh agus le gníomhaíochtaí an Ghrúpa. Sna caighdeáin agus nósanna imeachta oiliúna agus bainistíochta atá ag an nGrúpa, déantar iarracht timpeallacht rialála a fhorbairt atá idir eagraithe agus fhiúntach, ina dtuigeann na fostaithe ar fad na róil atá acu agus oibleagáidí atá orthu.

Agus díorthaigh á n-úsáid, cloíonn an Grúpa leis an Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992 agus aon cheanglais agus choinníollacha de réir mar a d'fhéadfadh an tAire Airgeadais a shonrú dá réir agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm trína ndéantar monatóireacht, athbhreithniú agus tuairisciú chuig an mBord ar an gcomhlíonadh sin ar bhonn rialta.

Ní dhéantar feidhm chistíochta an Ghrúpa a oibriú mar aonad brabúis agus déantar bainistíocht ar staideanna airgid ar bhealach chun riosca a sheachaint. Tá cúis bhailí bhunúsach ghnó taobh thiar de gach idirbheart ciste agus tá diantoirmeasc ar sheasaimh amhantracha.

(i) Riosca creidmheasa

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe lena dtéann sé i mbun idirbheart. Áirítear leis sócmhainní i seilbh bhainc agus institiúidí airgeadais, idirbhearta maidir le hionstraimí airgeadais díorthacha agus nochtadh creidmheasa ag eascairt ó chaidreamh trádála le custaiméirí. Is é cuspóir na bainistíochta riosca creidmheasa ná neamhchosaint ar riosca creidmheasa a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha. Níl an lucht bainistíochta ag súil go mainneoidh aon chontrapháirtí suntasach a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

Ba é seo a leanas suim ghlanluacha sócmhainní airgeadais, lena léirítear a n-uasmhéid neamhchosanta creidmheasa, ar an dáta maidir le tuairisciú:

| | 31 Noll 23 €'000 | 31 Noll 22 €'000 |
|--|---------------------|---------------------|
| Infháltais trádála agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh) | 104,318 | 67,805 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa | 188,405 | 132,384 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | 35,341 | 40,248 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 218 | 960 |
| Iomlán | 328,282 | 241,397 |

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

23. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

(i) (a) Riosca creidmheasa a bhaineann le ciste

Tugann an Ciste faoi gach gníomhaíocht chiste le haghaidh an Ghrúpa. Déanann an Ciste bainistíocht ar riosca creidmheasa a bhaineann le ciste trí úsáid a bhaint as teorannacha creidmheasa frithpháirtí, lena gcuirtear san áireamh, i measc fachtóirí ábhartha eile, rátálacha creidmheasa foilsithe. Is é polasaí na Cuideachta ná go gcuirtear airgead i dtaisce den chuid is mó le hinstiúidí a choimeádann rátáil creidmheasa de ghrád infheistíochta. Déanann an Ciste a neamhchosaint ar chontrapháirtí ciste a mheas agus a thomhas go rialta.

Cuirtear gach trádáil díorthach i gcrích i gcomhréir le Ceanglais agus Coinníollacha an Aire Airgeadais, arna n-eisiúint i gcomhréir le forálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992. Leagtar amach ann na critéir is gá a chomhlíonadh maidir le gach contrapháirtí díorthaigh a mbíonn gnó ag an nGrúpa leis. Déanann Ciste an Ghrúpa a neamhchosaint ar chontrapháirtí ciste a mheas agus a thomhas go rialta. I gcás ina bhféadfadh an neamhchosaint ar ionstraimí díorthacha a bheith ábhartha i leith ghlanluach an Ghrúpa, déanfaidh an Grúpa breithniú ar dhul isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa.

Ráthaíochtaí airgeadais

I ngnáthchúrsa a ghnó, téann an Grúpa i mbun gnóthais agus gealltanais áirithe le haghaidh tríú páirtithe i dtaobh oibleagáidí a fheidhmiú faoi shocruithe conarthacha. Déantar oibleagáidí chun tríú páirtithe a ráthú le litreacha creidmheasa arna n-eisiúint ag instiúidí airgeadais. Bíodh is go bhféadfadh sé tarlú nach n-aithnítear na hoibleagáidí sin ar chlár comhardaithe an Ghrúpa, is ann do riosca creidmheasa i ndáil leis na hionstraimí sin mar cuirtear ceanglas ar an nGrúpa leo íocaíochtaí a dhéanamh i gcás gníomh ar leith agus dá bhrí sin is cuid de riosca foriomlán an Ghrúpa iad. Liostaítear anseo thíos luachanna ainmniúla na gceanglas sin (.i. an neamhchosaint uasta do riosca creidmheasa faoi na hoibleagáidí sin).

| | 31 Noll 23 €'000 | 31 Noll 22 €'000 |
|-----------------------|---------------------|---------------------|
| Litreacha creidmheasa | 700 | 700 |
| Iomlán | 700 | 700 |

(i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil

Féach nóta 13 le haghaidh anailís ar neamhchosaint an Ghrúpa ar riosca creidmheasa a bhaineann le trádáil.

(ii) Riosca maoinithe agus leachtachta

Is ionann cur chuige Líonraí Gáis Éireann maidir le riosca maoinithe agus leachtachta a bhainistiú ná a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige chun a chuid dliteanas a chomhlíonadh nuair atá siad dlite, bíodh sé sin i rith ghnáthdhálaí nó i ndálaí anáis. Tá an Chistíocht freagrach as a chinntiú go bhfuil rochtain ag Líonraí Gáis Éireann ar leachtacht leordhóthanach le déanamh cinnte de go mbeidh Líonraí Gáis Éireann in ann oibleagáidí a eascraíonn as a oibríochtaí laethúla, oibleagáidí maidir le haibíocht fiachas agus eisíocaíochtaí infheistíochta caipitiúla a réiteach. Forbraíonn agus coimeádann Ciste gaolmhaireachtaí le hinstiúidí airgeadais chun a dtuiscint ar an ngnó a fhorbairt agus chun a dtiomantas fadtéarmach don Chuideachta a thógáil. Déantar gach seirbhís baincéireachta agus ciste a fhoinsíú ag praghsanna iomaíocha. Déantar comhthiomsú airgid agus glantar iarmhéideanna cuntais nuair is féidir chun airgead díomhaoin agus costais úis a laghdú.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

23. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

(ii) (a) Maoiniú

Bhí seasamh maoinithe an Ghrúpa láidir sa bhliain 2023. Soláthraíonn saoráid creidmheasa imrothlaigh le grúpa 6 bhanc intíre agus idirnáisiúnta leibhéal láidir leachtachta don Ghrúpa go dtí 2028. Féachann an Grúpa chuige go bhfuil meascán d'fhoinní maoinithe aige ar théarmaí agus coinníollacha inghlactha chun forbairt an ghnó a mhaoiniú agus chun oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a thagann siad chun bheith dlite. Coimeádann an Grúpa próifíl chothrom aibíochta chun an riosca aisíocaíochtaí buaice athmhaoinithe a choimeád chomh híseal agus is féidir.

Tá sé mar sprioc ag an nGrúpa a dhéanamh cinnte de go mbeidh saoráidí creidmheasa tiomanta i bhfeidhm aige chun 120% dá chroí-riachtanais tionscadail a chlúdach thar bhliain amháin agus go ndéanfar na saoráidí sin a shocrú le cúnaint airgeadais agus oibriúcháin chuí chun a chinntiú go bhfuil a dhóthain solúbthachta ag an lucht bainistíochta chun a ghnó a oibriú.

Saoráidí atá ar fáil don Ghrúpa ag an dáta maidir le tuairisciú;

| | 31 Noll 23 €'000 | 31 Noll 22 €'000 |
|--|---------------------|---------------------|
| Iasachtaí (dliteanas léasa agus fiachas atá dlite don Mháthairchuideachta as an áireamh) | (1,021,363) | (1,020,176) |
| Saoráidí tiomanta | (1,335,577) | (1,335,179) |

Tá ráta A+ (2022 A) ag Líonraí Gáis Éireann ó Standard & Poor's agus dearcadh dearfach ann agus ráta A2 (2022 A2) ó Sheirbhísí Infheisteoirí Moody. Leis an rátáil chreidmheasa dhaingean sin cuirtear ar chumas na Cuideachta rochtain a bheith aici ar rogha leathan d'fhoinní maoinithe agus déantar cinnte gur féidir léi maoiniú ar chostas iomaíoch a ardú.

(ii) (b) Barrachais airgid

Is chun an leibhéal fiachais a laghdú a úsáidtear barrachais airgid go príomha. Cuirtear barrachais airgid i dtaisce le bainc ar contrapháirtithe iad. Déanfaidh an Grúpa airgead barrachais a infheistiú in euro nó in airgeadra oibríochtaí thar lear.

(ii) (c) Nochtadh do riosca leachtachta

Is iad seo a leanas aibíochtaí conarthacha dliteanas airgeadais (agus sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear an íocaíocht úis nár lascaíodh a bhaineann le hiasachtaí agus na sreafaí glana airgid nár lascaíodh atá inchurtha i leith ionstraimí airgeadais. Cuimsítear sa nochtadh insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid le haghaidh díorthaigh a bhfuil socraíocht chomhlán airgid chomhuaineach ag gabháil leo, e.g. réamhchonarthaí i rátaí malairte eachtraí.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

23. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

| | Suim ghlanluacha €'000 | Sreafaí airgid conarthacha €'000 | < 1 bhliain €'000 | 1-2 bhliain €'000 | 2-5 bliana €'000 | <5 bliana €'000 |
|---|------------------------------|--|----------------------|----------------------|---------------------|--------------------|
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | | | | | | |
| lasachtaí agus fiachas eile | (1,023,944) | (1,107,957) | (314,470) | (12,810) | (524,304) | (256,373) |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile ¹ | (50,607) | (50,607) | (50,607) | - | - | - |
| Dlíteanais airgeadais neamhdhíorthacha | (1,074,551) | (1,158,564) | (365,077) | (12,810) | (524,304) | (256,373) |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | (54) | (54) | (54) | - | - | - |
| Glansócmhainní airgeadais díorthacha | (54) | (54) | (54) | - | - | - |
| Glandlíteanais airgeadais | (1,074,605) | (1,158,618) | (365,131) | (12,810) | (524,304) | (256,373) |
| Ar an 31 Nollaig 2022 | | | | | | |
| lasachtaí agus fiachas eile | (1,022,914) | (1,119,969) | (13,642) | (313,730) | (531,060) | (261,537) |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile ¹ | (75,214) | (75,214) | (75,214) | - | - | - |
| Dlíteanais airgeadais neamhdhíorthacha | (1,098,128) | (1,195,183) | (88,856) | (313,730) | (531,060) | (261,537) |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | (117) | (117) | (64) | (53) | - | - |
| Glansócmhainní airgeadais díorthacha | (117) | (117) | (64) | (53) | - | - |
| Glandlíteanais airgeadais | (1,098,245) | (1,195,300) | (88,920) | (313,783) | (531,060) | (261,537) |

¹ Níor cuireadh speansais agus fómhais fhabhráithe agus creidiúnaithe árachais shóisialta san áireamh toisc nach ndéantar iad sin a aicmiú mar dhlíteanais airgeadais.

(iii) Riosca margaidh

Is é atá i riosca margaidh ná an fhéidearthacht go mbeadh drochthionchar ag athruithe ar fhachtóirí margaidh ar luach shócmhainní airgeadais, dlíteanais nó sreafaí airgid ionchais an Ghrúpa don todhchaí.

Tá an Ciste freagrach as riosca margaidh a bhainistiú maidir le rátaí úis agus rátaí malairte airgeadra. Déantar gach idirbheart den sórt sin laistigh de na treoirlínte atá leagtha amach sa Bheartas Ciste, agus cuirtear i gcrích iad i gcomhréir le Ceanglais agus Coinníollacha an Aire Airgeadais, arna n-eisiúint i gcomhréir le forálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992. Tá sé mar sprioc ag Ciste cuntasáocht fhálaithe a chur i bhfeidhm d'fhonn luaineacht i mbrabús agus cailteanas a bhainistiú áit a mbíonn sé sin ábhartha do chomhthéacs an Ghrúpa.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

23. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

(iii) (a) Riosca an ráta malairte

Eascraíonn riosca an ráta malairte ón bhfíric go ndéantar cuid d'oibríochtaí an Ghrúpa in airgeadraí eile seachas euro (steirling go príomha). Is é an cuspóir atá i gceist agus riosca ráta malairte á bhainistiú ná brabúsacht a chosaint agus tionchar na n-éagsúlachtaí ábhartha mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte a íoslaghdú.

Ba iad seo a leanas na rátaí malairte GBP/EUR:

| | 2023 | 2022 |
|----------------------------|--------------|-------|
| An meánráta | 0.870 | 0.868 |
| Ráta ag deireadh na bliana | 0.867 | 0.886 |

Is féidir nochtadh do riosca an ráta malairte a achoimriú mar seo a leanas:

Fochuideachtaí atá ag feidhmiú in airgeadra eachtrach (steirling)

Déantar sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an tuairiscithe. Déantar torthaí oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na meánrátaí malairte don tréimhse, nuair a fhreagraíonn siad do mheastachán réasúnta de na fíor-rátaí a tabhaíodh. Aithnítear difríochtaí malairte tar éis athaistriú na nglansócmhainní oscailte agus na torthaí in ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de chothromas (cúlchiste aistrithe). Déanann Ciste an Ghrúpa monatóireacht ar an riosca sin, agus má mheastar gur riosca ábhartha é, déanann siad fálú ar an riosca agus margáí malairte eachtraí á n-úsáid.

Aistrítear cistiú inghrúpa d'fhochuideachtaí airgeadra eachtraigh go euro. Úsáidtear na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe leis sin a dhéanamh. Breactar an brabús/cailteanas a thagann chun cinn ar aistriú an chistithe inghrúpa go fochomhlachtaí eachtracha chuig an ráiteas ioncaim. Déantar an brabús/cailteanas a eascraíonn ó aistriú na ndlíteanas airgeadra eachtraigh a aistriú chuig an ráiteas ioncaim freisin, sa mhéid agus a úsáidtear iad chun airgead a sholáthar nó fálú a dhéanamh in aghaidh an chistithe inghrúpa i bhfochuideachtaí eachtracha.

Neamhchosaint ar idirbhearta

Ó am go chéile déanann an Grúpa ceannacháin in airgeadraí eachtracha. Is é beartas an Ghrúpa an neamhchosaint sin ar idirbheart a bhainistiú. Leis sin a dhéanamh, féachtar chun ceannacháin agus díolacháin a ghlanluacháil in airgeadraí eachtracha sa mhéid agus is féidir. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, déanfar nochtuithe a fhálú agus úsáid á baint as díorthaigh atá ceadaithe faoin mBeartas Cistíochta.

Faoi réir an Bheartais Chistíochta, déanfar aon idirbheart ionchasach a bhfuil coibhéis níos mó ná €300,000 aige in airgeadraí eachtracha a mheas i dtaca leis na rioscaí gnó a mbaineann leis agus, más cuí sin, déanfar na rioscaí airgeadra a fhálú chun aon neamhréireanna diúltacha a d'fhéadfadh eascairt as gluaiseachtaí airgeadra a mhaolú.

Anailís ar íogaire ráta malairte

Dá n-éireodh an euro níos láidre nó níos laige, mar a léirítear thíos, i gcomparáid le sterling ar an 31 Nollaig, thiocthadh méadú/ (laghdú) ar ioncam cuimsitheach eile agus ar bhrabús nó cailteanas den mhéid a thaispeántar thíos. Tá an anailís seo bunaithe ar neamhréireanna sa ráta malairte, a mheas an Grúpa go réasúnach go bhféadfaidís a bheith ann ag an dáta tuairiscithe. Glacann an anailís leis go bhfanann na neamhréireanna eile ar fad, go háirithe rátaí úis, seasta agus déanann sí neamhshuim de thionchar na ndíolachán agus na gceannachán a bhfuiltear ag súil leo.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

23. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

| | Brabús roimh ghnóthachan/ (chailteanas) cánachais 31 Noll 23 €'000 | Ioncam Cuimsitheach eile 31 Noll 23 €'000 | Brabús roimh ghnóthachan/ (chailteanas) cánachais 31 Noll 22 €'000 | Ioncam Cuimsitheach eile 31 Noll 22 €'000 |
|------------|--|--|--|--|
| Láidriú 5% | (774) | (2,467) | (932) | (2,312) |
| Lagú 5% | 774 | 2,467 | 932 | 2,312 |

Nóta: Ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach anonn ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fáilithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin.

(iii) (b) Riosca an ráta úis

Eascraíonn riosca an ráta úis as athruithe rátaí úis a mbíonn tionchar acu ar luach margaidh shócmhainní agus dliteanas airgeadais an Ghrúpa agus a théann i bhfeidhm ar ghlanioncam trí thionchar a imirt ar mhuirir airgeadais.

Clúdaíonn nochtadh an Ghrúpa do luaineachtaí i rátaí úis dhá chineál riosca:

- (i) riosca go dtiocfadh athrú ar na sreafaí airgid a bhaineann le sócmhainní agus dliteanas airgeadais ar ráta comhlúthach; agus
- (ii) riosca go dtiocfadh athrú ar luach sócmhainní agus dliteanas airgeadais ar ráta seasta.

Déanann an Grúpa monatóireacht ar neamhchosaint ar riosca ráta úis ar bhonn leanúnach d'fhonn tairbhe a bhaint as timpeallachtaí a bhfuil ráta úis íseal acu, ar mhaithe le hoibleagáidí ráta úis an Ghrúpa a réiteach agus cinnteacht maidir le próifíl caiteachais ar rátaí úis an Ghrúpa a mhéadú. Is é beartas an Ghrúpa íosleibhéal fiachais ráta sheasta de 60% den ghlanfhiachas a choinneáil ar bhonn rollach 12 mhí agus 50% den ghlanfhiachas ar bhonn rollach trí bliana. Úsáideann an Grúpa roinnt modhanna éagsúla, lena n-áirítear dul i mbun díorthaigh a bhaineann le fiachas ráta seasta agus rátaí úis, chun an riosca ráta úis atá ar a phunann fiachais a bhainistiú.

Ba é seo a leanas céatadán fiachas seasta agus comhlúthach an Ghrúpa (dliteanas léasa agus fiachas dlite don Mháthairchuideachta as an áireamh) amhail an 31 Nollaig:

| | 2023 €'000 | 2023 % | 2022 €'000 | 2022 % |
|-----------------------|--------------------|---------------|---------------|-----------|
| Ag rátaí seasta | (922,103) | 90.3% | (921,156) | 90.3% |
| Ag rátaí comhlúthacha | (99,260) | 9.7% | (99,020) | 9.7% |
| Iomlán | (1,021,363) | 100.0% | (1,020,176) | 100.0% |

Ar an 31 Nollaig 2023, ba é 1.09% an meánráta úis ualaithe a gearradh ar an bpunann fiachais sheasta (léasanna agus fiachas a bhí dlite don Mháthairchuideachta as an áireamh) (2022: 1.09%) lenar cuimsíodh trí bhanna dar luach €925.0 milliún ar an iomlán (2022: €925.0 milliún).

Cuirtear sonraí ar fáil sa tábla thíos ar fhiachas ar ráta seasta, lena n-áirítear iasachtaí amhail an 31 Nollaig 2023:

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

23. Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais (ar lean)

| | Méid Fuascailte €'000" | Dáta a Eisiódh | Aibíocht | Cúpón % |
|--|---------------------------|----------------|--------------------|-------------|
| Eorabhanna 1 | 500,000 | 2016 | 10 mbliana | 1.375 |
| Eorabhanna 2 | 125,000 | 2016 | 20 bliain | 2.25 |
| Eorabhanna 3 | 300,000 | 2019 | 5 bliana | 0.125 |
| | | | 2023 | 2022 |
| É seo a leanas meánmharthanacht an fhiachais ar ráta seasta: | | | 3.63 bliain | 4.63 bliain |

Déantar costais úis a bhaineann le hiasachtaí ar ráta athraitheach a athshocrú ar bhonn tráthúil le haghaidh mí amháin, trí mhí nó sé mhí thar an ráta margaidh atá i réim.

Anailís íogaireachta ar shreabhadh airgid le haghaidh fiachas ar ráta comhlúthach

Is í aidhm bheartais agus phróisis an Ghrúpa um bainistiú agus rialú riosca ráta úis, mar atá leagtha amach roimhe seo, ná laghdú a dhéanamh ar thionchar luaineachta gearrthéarmacha sa ráta úis ar thuilleamh an Ghrúpa. Mar sin féin, beidh tionchar ag athruithe fadtéarmacha ar rátaí úis ar thuilleamh an Ghrúpa.

Meastar go mbeadh tionchar ag gluaiseacht 200 bonnphointe i rátaí úis ar an 31 Nollaig 2023 ar bhrabús roimh chánachas de réir na méideanna arna dtaispeáint thíos, agus go mbeadh an t-athrú luach cóir ar ioncam cuimsitheach eile mar a thaispeántar thíos:

| | Brabús roimh ghnóthachan/ (chailteanas) cánachais | | Ioncam Cuimsitheach eile | |
|---------------|--|---------------------|--------------------------|---------------------|
| | 31 Noll 23 €'000 | 31 Noll 22 €'000 | 31 Noll 23 €'000 | 31 Noll 22 €'000 |
| Méadú 200 bp | (1,985) | (1,980) | - | - |
| Laghdú 200 bp | 1,985 | 1,980 | - | - |

Rinneadh na foshuíomhanna seo a leanas maidir leis an anailís íogaireachta thuas:

- fanann gach athróg eile, rátaí airgeadra eachtraigh ach go háirithe, mar an gcéanna;
- ní bhaineann ach le hionstraimí airgeadais díorthacha agus fiachas comhlúthach;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach anonn ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin; agus
- caitear leis an ngné chomhlúthach d'aon mhalairt nó aon fhiachas ráta chomhlúthaigh amhail is nach mbeadh aon ráta úis socraithe cheana féin, mar sin bíonn tionchar ag athrú ar rátaí úis ar feadh 12 mhíosa don chion úis fhabhráithe de na ríomhanna íogaireachta.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

24. Tomhas luach cóir

Éilíonn cuid de bheartais agus nochtuithe cuntasáíochta an Ghrúpa go ndéanfar na luachanna córa a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais airgeadais a thomhas. Agus luach cóir sócmhainne nó dliteanais á mheas aige, úsáideann an Grúpa sonraí ó mhargaí inbhraite sa mhéid agus atá na sonraí sin ar fáil.

Déantar luachanna córa a chatagóiriú i leibhéil dhifriúla in ordlathas luacha chóir bunaithe ar na hionchuir a úsáidtear sna teicnící luachála mar seo a leanas;

- **Leibhéal 1:** praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhionanna.
- **Leibhéal 2:** ionchuir seachas na praghsanna a luadh, a cuireadh san áireamh i Leibhéal 1, atá infheicthe le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais, cibé acu go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. bunaithe ar phraghsanna).
- **Leibhéal 3:** ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Más féidir na hionchuir a mbaintear úsáid astu le tomhas a dhéanamh ar luach cothrom sócmhainne nó dliteanais a chatagóiriú ar leibhéil dhifriúla d'ordlathas an luacha chóir, ansin déantar an tomhas luach cóir a chatagóiriú ina iomláine ar an leibhéal céanna d'ordlathas an luacha chóir mar an t-ionchur luacha chóir is ísle atá suntasach don tomhas ina iomláine. Aithníonn an Grúpa aistriú idir leibhéil d'ordlathas luacha chóir ag deireadh na bliana tuairiscithe ar tharla an t-athrú lena linn. Ní raibh aon aistriú ann sa bhliain 2023 ná sa bhliain 2022.

(a) Luach cóir sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais a thomhaistear ar luach cóir ar bhonn athfhillteach

Sa tábla seo a leanas leagtar amach na teicnící luachála a chuireann an Grúpa i bhfeidhm chun luach cóir a thomhas, i dteannta le haon ionchur dobhraite suntasach.

| Cineál | Teicníc luachála | Ionchuir dhoibhraithe shuntasacha |
|--|---|---|
| Conarthaí réamh-mhalairte (<i>Féach ar nóta 23</i>) | Bíonn luach cóir conarthaí réamh-mhalairte ar aghaidh bunaithe ar a bpraghas luaite, má tá sé ar fáil. Mura bhfuil praghas luaite ar fáil, meastar luach cóir mar an difríocht idir praghas ar aghaidh na conartha agus an praghas ar aghaidh reatha um aibíocht iarmharach na conartha. Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2 | Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite. |

(b) Luach cóir dliteanas airgeadais nach ndéantar a thomhas ar luach cóir (ach tá nochtuithe luacha chóir de dhíth)

Déantar luach cóir iasachtaí, arna dtomhas ag an gcostas amúchta, a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascaíniú ó na glanluachanna reatha agus úsáid á bhaint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe - Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2. Níor aicmíodh aon ionstraimí airgeadais eile ar bith a dhéantar a thomhas ag costas amúchta ach ar nochtadh luach cóir lena n-aghaidh a bhí rangaithe mar Leibhéal 3 sa bhliain reatha ná sa bhliain roimhe.

(c) Luach cóir réadmhaoine infheistíochta nach ndéantar a thomhas ar luach cóir (ach tá nochtuithe luacha chóir de dhíth)

Iompraítear réadmhaoine infheistíochta ag costas stairiúil lúide dímheas carntha. Nochtar luach cóir na réadmhaoine infheistíochta i gcomhréir le ceanglais IAS 40.79. Rinneadh an luach cóir a chinneadh trí úsáid a bhaint as an gcur chuige margaidh, i bhfianaise an eolais mhargaidh ar fad atá ar fáil agus rinne Avison Young é (luachálaithe cláraithe RICS). Díorthaíodh an luach cóir go príomha trí úsáid a bhaint as idirbhearta inchomparáide le déanaí ar neamhthuilleamaí agus trí theicnící luachála cuí a úsáid - Ordlathas luacha chóir: leibhéal 3.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

25. Fochuideachtaí

Bhí na fochuideachtaí seo a leanas ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta ar an 31 Nollaig 2023:

| An chuideachta | Nádúr an Ghnó | Oifig Chláraithe | % de Shealbhán Gnáth-Scairchaipitil |
|--------------------------------|---------------|--|-------------------------------------|
| GNI (UK) Limited | Tarchur Gáis | 8th Floor, 20 Farringdon Street, London, United Kingdom EC4A 4AB | 100% |
| Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC | Tarchur Gáis | Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, Éire | 100% |
| DAC Athrú Seirbhísí Líonra | Neamhthrádáil | Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, Éire | 100% |

26. Páirtithe gaolmhara

Is iad seo a leanas iarmhéideanna na bpáirtithe gaolmhara i ndáil leis na hidirbhearta atá sonraithe sna rannáin ábhartha thíos:

| | 31 Noll 23 €'000 | 31 Noll 22 €'000 |
|--------------------|---------------------|---------------------|
| Ervia ¹ | (218) | (11,865) |
| | (218) | (11,865) |

¹ Áirítear leis an méid €11.865 milliún atá dlite do Ervia amhail an 31 Nollaig 2022 díbhinn inioctha de €5.1 milliún móide ús gaolmhar atá breactha síos i (b) thíos.

Idirbhearta le Ervia

Is é Ervia máthairchuideachta dheiridh Líonraí Gáis Éireann. Is comhlacht corparáideach é Ervia a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976. Tá Ervia 100% faoi úinéireacht thairbheach Stát na hÉireann agus dá bharr sin tá Líonraí Gáis Éireann ina pháirtí gaolmhar le Rialtas na hÉireann.

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|--|---------------|---------------|
| Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta | (a) (169) | (1,728) |

(a) Costais idirbheartaíochta agus seirbhísí tacaíochta

Tháinig laghdú suntasach ar leibhéal costas seirbhíse idirbheartaíochta agus tacaíochta a chuir máthairchuideachta Ervia ar fáil do Líonraí Gáis Éireann le linn na mblianta 2022 agus 2023 i gcomparáid le blianta roimhe sin agus bhí sé comhdhéanta de Sheirbhísí Grúpa teoranta agus costais pinsin. Táthar ag súil go ndíscaoilfear Ervia le linn 2024 trí achtú an Bhille Gáis (Leasú) 2023, a mbeidh de thoradh air go n-aistreofar sócmhainní agus dliteanais eile de chuid Ervia go Líonraí Gáis Éireann.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

26. Páirtithe gaolmhara (ar lean)

(b) Díbhinní

(i) Díbhinní dearbhaithe

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|-----------------|---------------|
| Díbhinn bhliantúil dearbhaithe do Ervia | (18,869) | (20,112) |
| Iomlán | (18,869) | (20,112) |

(ii) Díbhinní íoctha

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|--------------------------------------|-----------------|---------------|
| Díbhinn bhliantúil a íocadh le Ervia | (18,869) | (20,112) |
| Díbhinn iarchurtha a íocadh le Ervia | (5,100) | - |
| Iomlán | (23,969) | (20,112) |

Dhearbhaigh agus d'íoc an Chuideachta díbhinn bhliantúil le Ervia mar a leagtar amach thuas. Sa bhliain 2018, dhearbhaigh an Chuideachta díbhinn bhliantúil de €54.2 milliún agus d'íoc sí €49.1 milliún, agus íocadh na €5.1 milliún eile sa bhliain 2023 le hús cuí (féach nóta 17). I Márta 2024, d'fhaomh an Bord dearbhú agus íocaíocht díbhinne breise dar luach €44.018 milliún.

(c) Costais pinsin

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|------------------|----------------|---------------|
| Costais phinsean | (5,834) | (7,701) |

Oibríonn Máthairchuideachta Ervia scéimeanna pinsin sochair shainithe agus ranníocaíochta sainithe araon. Glacann roinnt fostaithe de chuid na Cuideachta páirt sna scéimeanna sin. Tugtar cuntas i leith na scéime sochair sainithe mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19. Aithníonn Máthairchuideachta Ervia, mar an fostóir urraithe don phlean, an glanchostas sochair shainithe, agus ní aithníonn an Chuideachta ach an costas as ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain i dtaobh fhostaithe na Cuideachta. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha i dtaobh na scéim ranníocaíochtaí sainithe de chuid Ervia a mhuirearú ar bhrabús nó ar chailleanas sna blianta a gcuireann fostaithe na Cuideachta seirbhísí ar fáil lena linn. Áirítear na ranníocaíochtaí iníoctha i ndáil le fostaithe an Ghrúpa i gcostas sochair fostaithe na Cuideachta (nóta 5). Déanann Máthairchuideachta Ervia na costais sin a athmhuirearú ar Líonraí Gáis Éireann ar bhonn modh aisghabhála costas iomlán gan aon chorrach a ghnóthú.

Déantar cur síos i nóta 18 ar thionchar idirscaradh dlíthiúil Ervia agus Uisce Éireann ar scéimeanna pinsin an Ghrúpa Ervia.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

26. Páirtithe gaolmhara (ar lean)

Idirbhearta le hUisce Éireann

(a) Léasanna oibriúcháin

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|--|---------------|---------------|
| | 1,164 | 1,076 |

I rith na bliana airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2022, thug Líonraí Gáis Éireann maoin ar léas d'Uisce Éireann ar chíos bliantúil €1.1m. Téann téarma an léasa in éag ar an 31 Nollaig 2034 agus tá sé faoi réir roghanna briste ar an 31 Nollaig 2024 agus 31 Nollaig 2029. Thug Líonraí Gáis Éireann réadmhaoin bhreise ar léas do Uisce Éireann in 2023 freisin ar chíos bliantúil €0.1m.

Cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí

Tá na príomhbhainisteoirí déanta suas de Bhord Ervia, POF Ervia agus a chuid tuarascálacha díreacha. Tar éis scaradh dlíthiúil ó Uisce Éireann an 1 Eanáir 2023, rinneadh costais luach saothair go léir na príomhbhainistíochta a chionroinnt ar Líonraí Gáis Éireann. Roimh 2023, cionroinneadh costais luach saothair na bpríomhbhainisteoirí ar eintitis aonair laistigh de ghrúpa Ervia bunaithe ar na seirbhísí a cuireadh ar fáil.

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|------------------------------------|----------------|---------------|
| Sochair ghearrthéarmacha fostaithe | (2,077) | (1,502) |
| Sochair iarfhostaíochta | (203) | (180) |
| Iomlán | (2,280) | (1,682) |

Comhaltaí Boird

Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag comhaltaí an Bhoird sa Ghrúpa ag aon uair i rith na bliana.

Comhlachtaí Rialtais

Ar aon dul le go leor eintitis eile, déileálann an Grúpa i ngnáthchúrsa a ghnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an Rialtas, amhail Bord Soláthair an Leictreachais, Eirgrid, Údarás Áitiúla agus bainc Éireannacha áirithe atá faoi úinéireacht pháirteach Rialtas na hÉireann. Déantar na hidirbhearta go léir de réir gnáththearmaí tráchtála. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí ná taiscí ag an nGrúpa le haon bhanc den sórt sin le linn na bliana, ar an dáta maidir le tuairisciú, ná le haghaidh dheireadh na tréimhse comparáidí.

27. Teagmhais ina dhiaidh sin

Níor tharla aon teagmhais idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar ar fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais, a mbeadh coigeartú ar na ráitis airgeadais seo nó aon nochtuithe breise ag teastáil lena n-aghaidh.

I Márta 2024, d'fhaomh an Bord dearbhú agus íocaíocht díbhinne dar luach €44.018 milliún.

Táthar ag súil go ndíscaoilfear Ervia, an mháthairchuideachta, in 2024, trí achtú an Bhille Gáis (Leasú) 2023 (an "Bille"). Aistrefar feidhmeanna, gníomhaíochtaí, agus sócmhainní agus dliteanais iarmharacha na Máthairchuideachta Ervia chuig Líonraí Gáis Éireann faoi chomhbheart rialaithe.

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

28. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 29 Aibreán 2024.

29. Athshonrú maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa 2022

(a) Ráiteas an Ghrúpa maidir le hIoncam Cuimsitheach Eile don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 (athshonraithe)

| | 2022 Mar a tuairiscíodh cheana €'000 | 2022 Oirúnú €'000 | 2022 Athshonraithe €'000 |
|---|--|-------------------------|--------------------------------|
| Ioncam | 498,600 | (3,674) | 494,926 |
| Glanhostais oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh) | (268,650) | - | (268,650) |
| Brabús oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh | 229,950 | (3,674) | 226,276 |
| Dímheas agus amúchadh | (145,623) | - | (145,623) |
| Brabús oibriúcháin | 84,327 | (3,674) | 80,653 |
| Ioncam airgeadais | 195 | - | 195 |
| Costais airgeadais | (12,876) | - | (12,876) |
| Glanhostais airgeadais | (12,681) | - | (12,681) |
| Brabús roimh cháin ioncaim | 71,646 | (3,674) | 67,972 |
| Cáin ioncaim | (11,895) | 459 | (11,436) |
| Brabús don bhliain | 59,751 | (3,215) | 56,536 |
| Brabús inchurtha i leith: | | | |
| Úinéirí na Cuideachta | 59,751 | (3,215) | 56,536 |
| Brabús don bhliain | 59,751 | (3,215) | 56,536 |

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

29. Athshonrú maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa 2022 (ar lean)

(b) Clár Comhardaithe an Ghrúpa

amhail an 31 Nollaig 2022 (athshonraithe)

| | 31 Noll 22 Mar a tuairiscíodh cheana €'000 | 31 Noll 22 Oirúnú €'000 | 31 Noll 22 Athshonraithe €'000 |
|---|---|-------------------------------|--------------------------------------|
| Sócmhainní | | | |
| Sócmhainní neamhreatha | | | |
| Réadmhaoín, gléasra agus trealamh | 2,484,941 | - | 2,484,941 |
| Réadmhaoine infheistíochta | 7,363 | - | 7,363 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 27,028 | - | 27,028 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 58 | - | 58 |
| Iomlán na sócmhainní neamhreatha | 2,519,390 | - | 2,519,390 |
| Sócmhainní reatha | | | |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 75,238 | - | 75,238 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don ghrúpa | 132,384 | - | 132,384 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | 40,248 | - | 40,248 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 902 | - | 902 |
| Fardail | 568 | - | 568 |
| Sócmhainní reatha iomlána | 249,340 | - | 249,340 |
| Sócmhainní iomlána | 2,768,730 | - | 2,768,730 |
| Cothromas agus dliteanais | | | |
| Scairchaipiteal agus scairbhiseach | (318,353) | - | (318,353) |
| Ranníocaíocht chaipitil | (369,947) | - | (369,947) |
| Tuilleamh coinnithe | (522,932) | 34,748 | (488,184) |
| Cúlchiste aistrithe | (939) | - | (939) |
| Cothromas iomlán | (1,212,171) | 34,748 | (1,177,423) |
| Dlíteanais | | | |
| Dlíteanais neamhreatha | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (1,022,695) | - | (1,022,695) |
| Ioncam iarchurtha | (50,527) | (62,673) | (113,200) |
| Deontais | (57,972) | - | (57,972) |
| Forálacha | (5,905) | - | (5,905) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | (7,859) | - | (7,859) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | (111) | - | (111) |
| Dlíteanais chánach iarchurtha | (206,903) | 4,964 | (201,939) |
| Dlíteanais neamhreatha iomlána | (1,351,972) | (57,709) | (1,409,681) |
| Dlíteanais reatha | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (219) | - | (219) |
| Ioncam iarchurtha | (34,319) | 22,961 | (11,358) |
| Deontais | (6,548) | - | (6,548) |
| Forálacha | (1,511) | - | (1,511) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | (159,845) | - | (159,845) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | (966) | - | (966) |
| Dlíteanais chánach reatha | (1,179) | - | (1,179) |
| Dlíteanais reatha iomlána | (204,587) | 22,961 | (181,626) |
| Dlíteanais iomlána | (1,556,559) | (34,748) | (1,591,307) |
| Cothromas agus dlíteanais iomlána | (2,768,730) | - | (2,768,730) |

Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

29. Athshonrú maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa 2022 (ar lean)

(c) Airgead tirim a fuarthas ó oibríochtaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 (athshonraithe)

| | 2022 Mar a tuairiscíodh cheana €'000 | 2022 Oirúnú €'000 | 2022 Athshonraithe €'000 |
|--|--|-------------------------|--------------------------------|
| Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin | | | |
| Brabús don bhliain | 59,751 | (3,215) | 56,536 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 145,623 | - | 145,623 |
| Glanchoistais airgeadais | 12,681 | - | 12,681 |
| Costas cáin ioncaim | 11,895 | (459) | 11,436 |
| | 229,950 | (3,674) | 226,276 |
| Athruithe ar chaipiteal oibre: | | | |
| Athruithe ar infháltais trádála agus eile | 16,210 | - | 16,210 |
| Athrú sa trádáil agus suimeanna iníoctha eile | (11,600) | - | (11,600) |
| Athrú ar ioncam iarchurtha | 24,440 | 3,674 | 28,114 |
| Athrú ar sholáthairtí | (395) | - | (395) |
| Athrú ar fhardail | (105) | - | (105) |
| Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin | 258,500 | - | 258,500 |
| Ús íoctha | (15,700) | - | (15,700) |
| Cáin ioncaim a íocadh | (11,745) | - | (11,745) |
| Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin | 231,055 | - | 231,055 |


Clár Comhardaithe na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2023

| Nótaí | 31 Noll 23 €'000 | 31 Noll 22 Athshonraithe ¹ €'000 | 01 Ean 22 Athshonraithe ¹ €'000 |
|--|---------------------|---|--|
| Sócmhainní | | | |
| Sócmhainní neamhreatha | | | |
| Réadmhaoín, gléasra agus trealamh | 30A. 2,123,890 | 2,117,361 | 2,124,384 |
| Réadmhaoine infheistíochta | 10 7,325 | 7,363 | - |
| Sócmhainní doláimhsithe | 30B. 25,498 | 26,759 | 28,776 |
| Infheistíocht i bhfochuideachtaí | 30C. 515 | 515 | 515 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 30D. 112,987 | 136,624 | 130,658 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 30M. - | - | 189 |
| Iomlán na sócmhainní neamhreatha | 2,270,215 | 2,288,622 | 2,284,522 |
| Sócmhainní reatha | | | |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 30D. 103,408 | 65,054 | 77,901 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - ar fáil don chuideachta | 30E. 162,982 | 102,070 | 39,459 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim - taiscí srianta | 30E. 31,043 | 36,116 | 42,022 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 30M. 159 | 700 | 499 |
| Sócmhainní cánach reatha | 30L. 8,353 | - | - |
| Fardail | 30G. 590 | 495 | 405 |
| Sócmhainní reatha iomlána | 306,535 | 204,435 | 160,286 |
| Sócmhainní iomlána | 2,576,750 | 2,493,057 | 2,444,808 |
| Cothromas agus dliteanais | | | |
| Cothromas | | | |
| Scairchaipiteal agus scairbhiseach | (318,353) | (318,353) | (318,353) |
| Ranníocaíocht chaipitil | (369,947) | (369,947) | (369,947) |
| Tuilleamh coinnithe | (367,036) | (301,450) | (266,679) |
| Cothromas iomlán | (1,055,336) | (989,750) | (954,979) |
| Dlíteanais | | | |
| Dlíteanais neamhreatha | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 17 (724,584) | (1,022,695) | (1,022,991) |
| Ioncam iarchurtha | 30H. (145,204) | (113,201) | (86,073) |
| Deontais | 30I. (13,461) | (16,688) | (20,032) |
| Forálacha | 30J. (5,072) | (5,905) | (6,198) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníochta Eile | 30K. (4,210) | (4,543) | (10,270) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 30M. - | - | (189) |
| Dlíteanais chánach iarchurtha | 30L. (188,551) | (185,322) | (187,582) |
| Dlíteanais neamhreatha iomlána | (1,081,082) | (1,348,354) | (1,333,335) |
| Dlíteanais reatha | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 17 (299,360) | (219) | (253) |
| Ioncam iarchurtha | 30H. (12,958) | (11,357) | (10,371) |
| Deontais | 30I. (3,987) | (3,987) | (3,987) |
| Forálacha | 30J. (1,691) | (1,511) | (1,613) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníochta Eile | 30K. (122,166) | (134,969) | (138,065) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 30M. (170) | (674) | (411) |
| Dlíteanais chánach reatha | 30L. - | (2,236) | (1,794) |
| Dlíteanais reatha iomlána | (440,332) | (154,953) | (156,494) |
| Dlíteanais iomlána | (1,521,414) | (1,503,307) | (1,489,829) |
| Cothromas agus dlíteanais iomlána | (2,576,750) | (2,493,057) | (2,444,808) |

B'ionann brabús inchurtha i leith na Cuideachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 agus €84.5 milliún (2022: €54.9 milliún).

¹ Féach nóta 1 de ráitis airgeadais an Ghrúpa agus nóta 30R le haghaidh sonraí athshonraithe.

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:



Kevin Toland
Cathaoirleach



Keith Harris
Stiúrthóir

29 Aibreán 2024

Dáta Faofa

Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe sa Chothromas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Scairchaipiteal agus scairbhiseach €'000 | Ranníocaíocht chaipitil €'000 | Tuilleamh coinnithe €'000 | Iomlán €'000 |
|--|---|----------------------------------|------------------------------|--------------------|
| Amhail an 1 Eanáir 2022 (mar a tuairiscíodh roimhe seo) | (318,353) | (369,947) | (298,212) | (986,512) |
| Tionchar an athraithe ar bheartas cuntasáíochta ar chúlchistí tosaigh ¹ | | | 31,533 | 31,533 |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 (mar a athshonraítear) | (318,353) | (369,947) | (266,679) | (954,979) |
| Brabús don bhliain, (mar a athshonraítear) ¹ | - | - | (54,883) | (54,883) |
| Ioncam cuimsitheach iomlán eile don bhliain (mar a athshonraítear) | | | (54,883) | (54,883) |
| Díbhinní | 300. | - | 20,112 | 20,112 |
| Ar an 31 Nollaig 2022 | (318,353) | (369,947) | (301,450) | (989,750) |
| Brabús don bhliain | - | - | (84,455) | (84,455) |
| Iomlán an ioncaim chuimsithigh eile don bhliain | - | - | (84,455) | (84,455) |
| Díbhinní | 300. | - | 18,869 | 18,869 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | (318,353) | (369,947) | (367,036) | (1,055,336) |

É go léir inchurtha i leith úinéirí na Cuideachta.

¹ Féach nóta 1 de ráitis airgeadais an Ghrúpa agus nóta 30R le haghaidh sonraí athshonraithe.

Ráiteas na Cuideachta ar Shreafaí Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 €'000 | 2022 €'000 |
|---|-------|------------------|---------------|
| Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 30F. | 193,201 | 192,919 |
| Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | | |
| Íocaíochtaí as réadmhaoin, gléasra agus trealamh | | (119,960) | (120,180) |
| Íocaíochtaí as sócmhainní doláimhsithe | | (6,532) | (4,307) |
| Deontais faighte | 30I. | 762 | 643 |
| Ús faighte | | 4,576 | 1,180 |
| Díbhinn a fuarthas | 30O. | 8,000 | 8,000 |
| Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta | | (113,154) | (114,664) |
| Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin | | | |
| Íocaíocht costas maoinithe eile | 17 | - | (1,200) |
| Aisíoc dliteanais léasa | 11 | (239) | (238) |
| Díbhinní íoctha | 30O. | (23,969) | (20,112) |
| Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin | | (24,208) | (21,550) |
| Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid | 30E. | 55,839 | 56,705 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | 30E. | 138,186 | 81,481 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig | 30E. | 194,025 | 138,186 |

Nótaí a ghabhann le ráitis airgeadais na Cuideachta

| | |
|------|--|
| 30A. | Réadmhaoin, gléasra agus trealamh |
| 30B. | Sócmhainní doláimhsithe |
| 30C. | Infheistíocht i bhfochuideachtaí |
| 30D. | Infháltais trádála agus infháltais eile |
| 30E. | Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim |
| 30F. | Airgead tirim faighte ó oibríochtaí |
| 30G. | Fardal |
| 30H. | Ioncam iarchurtha |
| 30I. | Deontais |
| 30J. | Forálacha, teagmhais agus dliteanais chaipitil |
| 30K. | Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile |
| 30L. | Cáin |
| 30M. | Bainistíocht riosca airgeadais agus ionstraimí airgeadais |
| 30N. | Scairchaipiteal eisithe |
| 30O. | Páirtithe gaolmhara |
| 30P. | Teagmhais ina dhiaidh sin |
| 30Q. | Nochtuithe faoi Acht na gCuideachtaí |
| 30R. | Athshonrú maidir le ráitis airgeadais na Máthairchuideachta 2022 |

Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta

30A. Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh

| | | 31 Noll 23 €'000 | 31 Noll 22 €'000 |
|---|----|---------------------|---------------------|
| Réadmhaoín, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht | | 2,119,714 | 2,112,853 |
| Réadmhaoín, gléasra agus trealamh – sócmhainní a bhfuil ceart úsáide ag baint leo | 11 | 4,176 | 4,508 |
| Réadmhaoín, gléasra agus trealamh - arna gcur i láthair ar an gclár comhardaithe | | 2,123,890 | 2,117,361 |

Réadmhaoín, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht

| | | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Gléasra, píblíne agus innealra €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Iomlán €'000 |
|--|----|-----------------------------------|--|--------------------------------------|------------------|
| Costas | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2022 | | 80,986 | 3,830,314 | 39,834 | 3,951,134 |
| Breiseanna | | - | 11,180 | 106,342 | 117,522 |
| Diúscairtí | | - | (1,880) | - | (1,880) |
| Aistrithe | | 2,740 | 85,863 | (88,603) | - |
| Athraithe chuig Réadmhaoine infheistíochta | 10 | (22,496) | (655) | - | (23,151) |
| Ar an 31 Nollaig 2022 | | 61,230 | 3,924,822 | 57,573 | 4,043,625 |
| Breiseanna | | 395 | 11,284 | 115,097 | 126,776 |
| Diúscairtí | | - | (3,892) | - | (3,892) |
| Aistrithe | | 3,513 | 91,245 | (94,758) | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | | 65,138 | 4,023,459 | 77,912 | 4,166,509 |
| Cailteanais fhabhráithe dímheasa agus bearnúcháin | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | | (37,671) | (1,794,092) | - | (1,831,763) |
| Muirear dímheasa | | (1,223) | (113,212) | - | (114,435) |
| Muirear bearnúcháin | | - | (1,003) | (802) | (1,805) |
| Athraithe chuig Réadmhaoine infheistíochta | 10 | 14,883 | 468 | - | 15,351 |
| Diúscairtí | | - | 1,880 | - | 1,880 |
| Ar an 31 Nollaig 2022 | | (24,011) | (1,905,959) | (802) | (1,930,772) |
| Muirear dímheasa | | (1,748) | (115,903) | - | (117,651) |
| Muirear bearnúcháin | | - | (1,864) | - | (1,864) |
| Aistrithe ó Réadmhaoine infheistíochta | 10 | (314) | (86) | - | (400) |
| Diúscairtí | | - | 3,892 | - | 3,892 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | | (26,073) | (2,019,920) | (802) | (2,046,795) |
| Suimeanna glanluacha | | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2022 | | 37,219 | 2,018,863 | 56,771 | 2,112,853 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | | 39,065 | 2,003,539 | 77,110 | 2,119,714 |

Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta

30A. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (ar lean)

B'ionann caillteanais bhearnúcháin a aithníodh maidir le gléasra agus innealra sa bhliain agus €1.9 milliún, (2022 €1 milliún). Tá na caillteanais sin inchurtha i leith caithimh agus cuimilte níos mó ná a bhíothas ag súil. Baineann an caillteanas bearnúcháin de €0.8m in 2022 maidir le sócmhainní atá á dtógáil le tionscadail forbartha nach mbeidh ag tarlú a thuilleadh.

Áirítear le suim ghlanluacha na réadmhaoin, an ghléasra agus an trealamh sócmhainní atá faoi réir socruithe léasa oibriúcháin mar atá curtha síos orthu i nóta 11 'An Grúpa mar Léasóir'. Ba é luach anonn na sócmhainní sin ar an 31 Nollaig 2023 ná €45.0 milliún (31 Nollaig 2022: €55.1 milliún) agus áirítear é sa ghléasra, píblíne agus innealra.

30B. Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí agus eile €'000 | Bogearraí i mbun forbartha €'000 | Iomlán €'000 |
